

**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**  
Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2008



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Health Service Executive

# Féilire FSS 2008

Samplaí de roinnt de na clochmhílte a baineadh amach i rith na bliana

## Eanáir

D'oscail an **tAonad Lae nua Haemaiteolaíochta agus Oinceolaíochta** in Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn.

Bhí Ospidéal Máithreachais Náisiúnta, Sráid Holles, Baile Átha Cliath agus Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh ar na céad ospidéal a thug isteach **altraí agus cnáimhseacha ar féidir leo oideas a thabhairt**.

## Feabhra

[www.hseland.ie](http://www.hseland.ie) Seoladh ionad foghlama ar-líne FSS.

**Straitéis Sláinte Náisiúnta Idirnáisiúnta 2007-2012** a sheol an tAire Sláinte agus Leanaí.

D'oscail an chéad **Ionad Insilte Pobail** in Éirinn ar shuíomh Ospidéal na Cille Críne, Cill Chainnigh.

## Márta

Bunaíodh comhthionscnamh le Garda Cóta na hÉireann, **Foireann Fhreagartha Otharchairr Muirí (MART)** le n-implonnú chuig móréigeandálaí in uiscebhealaí intíre agus sa bhfarraige.

Seoladh **Treoir Chéad Fhreagartha Chairdiach**.

Tógáil i gcrích ar Aonad Altranais Pobail 100 Leaba in **Ospidéal Mhuire**, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath.

## Aibreán

Bhí searmanas **Ghradam Gnóthachtála Náisiúnta** ar siúl i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath.

Seoladh suíomh idirlín inmheánach don fhoireann [www.hsenet.ie](http://www.hsenet.ie)

Fuair FSS an **Rogha Fostóra san Earnáil Phoiblí** i nGradaim Earcaíochta Céimí an Irish Times 2008.

## Bealtaine

Seoladh feachtas náisiúnta chun feasacht maidir le **haoiseachas agus chomh forleathan agus atá sé** sa tsochaí a ardú.

Forbraíodh straitéis náisiúnta do rannpháirtíocht úsáideora seirbhíse i Seirbhísí Sláinte na hÉireann, "**Your Service, Your Say**" in éineacht leis An Roinn Sláinte agus Leanaí.

D'oscail **Ospidéal Ginearálta nua-chónasctha Thiobraid Árann**.

## Meitheamh

Oscailt **Aonad do Shiomptóim Chíce** in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh.

Cuireadh tús le tionscnamh Thuaidh/Theas chun dul i ngleic le murtall in Éirinn, dar teideal '**little steps to a long way**'.

Cuireadh tús le hoibreacha láithreáin d'Fhorbairt **Ospidéal Aosach Mater**.

## Iúil

Cuireadh tús leis an tionscadal **SKILL** chun foireann tacaíochta a mhúineadh, a fhorbairt agus a oiliúint chun a ról i gcaighdeáin na seirbhísí a sheachadtar a fheabhsú.

Seoladh **'Feabhsú ar Sheirbhísí: Treoir d'Úsáideoirí maidir le hAthruithe i FSS a Bhainistiú'** ar [www.hseland.ie](http://www.hseland.ie)

Cuireadh tús le **Conradh nua na Lianna Comhairleacha**.

**Ionad lae oinceolaíochta**; in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha.

## Lúnasa

Cuireadh tús le **Tionscnamh Bhainistiú Mhórchostas** le príomhsholáthróirí FSS.

Lorgaíodh tairiscintí do **Phríomhospidéal Aosach Mater, Baile Átha Cliath** agus do **Rannóg Éigeandála agus Bloc Aireagail in Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn**.

## Meán Fómhair

Bunaíodh **Treo Nua, Clár Chúram Altrama Chóireála Ighnéitheach (MTFC)** do dhaoine óga le hiompar dúshlánach sa Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí.

I gcomhpháirtíocht le Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, osclaíodh **Ionad Teagaisc Acadúil** ar fiú €4.2 milliún é do phearsanra liachta fochéime agus iarchéime san Oirdheisceart.

Osclaíodh **An Stáisiún Sláinte, Ionad Chúram Sláinte Príomhúil**, Dún Dealgan go hoifigiúil.

## Deireadh Fómhair

Osclaíodh **Ionad Taighde Náisiúnta do Chosaint Dhaoine Scthaosta** i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Cuireadh tús le **Staidéar faoi Shláinte Lucht Siúil na hÉireann**.

Tógáil **Aonad Cúraim Príomhúil Bhaile Ghaelaigh**, Baile Átha Cliath i gcrích.

## Samhain

Osclaíodh **aonad do thoircheas luath tiomnaithe** (6-12 seachtain) in Ospidéal an Rotunda, Baile Átha Cliath.

Seoladh feachtas meán FSS le bheith i gcomhthráth le **Lá Feasachta Antaibheathaigh na hEorpa**.

**Fócas ar sheachtain Altramaithe**.

Osclaíodh **Aonad Néaltrú** le 8 leaba i Móinteach Mílíc, Co. Laoise.

## Nollaig

Osclaíodh **Ionad Cíce nua saindeanta an Iarthuaiscirt** in Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, atá nasctha leis an ionad ainmnithe in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh.

Seirbhísí aistrithe ó Ospidéal Réigiúnach Lártíre go dtí **Ospidéal nua i dTulach Mhór**.

Osclaíodh **Rannóg Éigeandála** nua in Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh.

# An Clár

## Réamhrá


Ráiteas an Chathaoirligh	2
Ballraíocht an Bhoird	4
Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	6
Ár n-eagraíocht	8

## Ár gcuspóirí a bhaint amach in 2008 10

Sláinte agus Folláine – Daoine a choinneáil sláintiúil	10
Seirbhísí Inbhuanaíthe – Seirbhísí a Seachadadh in 2008	16
Muinín agus Iontaoibh – Rochtain ar Sheirbhísí a Fheabhsú	31
Caighdeán agus Sábháilteacht – Caighdeán Níos Airde agus Cúram Othair Níos Sábháilte a Sheachadadh	36
Sármhaitheas Oibríochtúil – Éifeachtacht agus Éifeachtúlacht a Uasmhádú	40
Ár gCumas a Nochtadh – Cleachtais Oibre Níos Fearr	44
Aguisíní	49
Giorrúcháin	57
Léarscáileanna agus Mionsonraí Teagmhála	58

## Ráitis Airgeadais 63

Aguisíní leis an Ráitis Airgeadais	107
------------------------------------	-----



# Ráiteas an Chathaoirligh



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2008 a chur i bhur láthair a athbhreithníonn feidhmíocht ár n-eagraíocht don bhliain, lena n-áirítear feidhmíocht i gcomparáid lenar bPlean Corparáideach 2008-2011, ár bPlean Caipitil 2008 agus ár bPlean Seirbhíse Náisiúnta 2008. Tá ráitis airgeadais mhionshonraithe don bhliain san áireamh chomh maith.

## Feidhmíocht 2008

Leagtar amach i bPlean Seirbhíse Náisiúnta (PSN) FSS, a cheadaigh an tAire Sláinte agus Leanaí ag tús na bliana, na seirbhísí a bhfuil an Fheidhmeannacht tiomanta iad a sholáthar i rith na bliana, laistigh de bhuiséad an Rialtais. Soláthraíonn an tuarascáil bhliantúil seo eolas ar ár bpríomhghníomhaíochta agus leagann sí béim ar iliomad samplaí de nuálaíocht, feabhas cáilíochta agus deá-chleachtais ar fud speictream iomlán seirbhísí. Mar achoimre, in 2008 thugamar i gcrích, agus i roinnt cásanna, sháraíomar na tiomantais san PSN, agus bhaineamar é sin amach laistigh den bhuiséad a cuireadh ar fáil fad a bhíomar ag bainistiú líon na ndaoine a bhí fostaithe.

Chomh maith leis sin, baineadh úsáid iomlán agus éifeachtúil as an €563.17 milliún leithdháileadh caipitil do 2008 chun tacú le tiomantais an Phlean Seirbhíse Náisiúnta agus ag teacht leis an bPlean Forbartha Náisiúnta. Cuireadh tús le, leanadh le nó cuireadh i gcrích roinnt tionscadal suntasach i rith na bliana agus is féidir na sonraí iomlán díobh a fheiceáil in Aguisín 3.

## Dul Chun Cinn i dtreo ár bhfíseanna a Bhaint Amach

Mar aon le go leor tíortha eile, ba bhliain dheacair í 2008 do na seirbhísí sláinte in Éirinn. De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, chuir an timpeallacht eacnamaíoch atá ag meath agus an t-éileamh ar sheirbhísí atá ag méadú, go háirithe seirbhísí faoi mhaoiniú poiblí nó cártaí liachta agus cártaí Cuairte Dochtúra, éileamh méadaithe ar acmhainní.

In ainneoin na srianta sin, rinneamar go leor feabhsuithe seirbhíse suntasacha i rith na bliana agus dá bharr sin táimid níos gaire de shamhail comhtháite cúraim a thugann deis do dhaoine rochtain a fháil ar chúram níos sábháilte agus níos airde ó thaobh caighdeán de sa timpeallacht is cuí. Mar shampla, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gClár Náisiúnta um Rialú Ailse maidir le diagnóis ailse agus obráidí ailse a chomhchruinniú in ionaid ailse ainmnithe, le cúram iardain ar fáil go háitiúil.

Lean an dul chun cinn i rith na bliana chun ár mbonneagar agus ár seirbhísí sa phobal a láidriú agus a fhorbairt, le tuilleadh forbartha ó thaobh na Foirne Cúraim Phríomhúil ar fud na tíre. Síos tríd an tuarascáil bhliantúil seo léifidh tú faoi go leor tionscnamh eile a thacaíonn le atheagrú ár seirbhísí ag teacht lenar dtreoir straitéiseach.

## Pleanáil agus Bainistíocht Feidhmíochta

Ag tógáil ar obair FSS ó bunaíodh é in 2005, cheadaigh an Rialtas, i mí Mheán Fómhair 2008, an dara Plean Corparáideach FSS 2008-2011. Treoraithe ag ár misean, ar bhfís agus ár luachanna leagann an plean amach an treoir straitéiseach iomlán don tréimhse trí bliana. Ina ceadú, thug an tAire Sláinte agus Leanaí ar aird gur feabhas mór a bhí sa phlean seo ar an gceann a bhí ann roimhe sin chun creat a leagan amach do chuntasacht tomhas-bhunaithe do na seirbhísí sláinte. Mar chuid dar gcreat rialachais, gheobhaidh an tAire tuarascálacha débhlantúla ar dhul chun cinn in aghaidh na cuspóirí corparáide ardleibhéil atá leagtha amach sa phlean. Aithníonn an tuarascáil bhliantúil seo cén áit ar baineadh amach dul chun cinn in 2008 maidir leis na spriocanna fadtréimhseacha seo.

Chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna PSN a bhaint amach, fuair an Bord tuarascálacha sonraithe ar fheidhmíocht na heagraíochta gach mí i rith na bliana. Déanann na Tuarascálacha Monatóireachta Feidhmíochta (TMF) seo athbhreithniú ar ghníomhaíocht, ar shonraí airgeadais agus acmhainní daonna agus tugann siad eolas sonraithe ar dhul chun cinn maidir le gníomhartha/táirgí insoláthartha a leagtar amach sa PSN. I rith na bliana, chun trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú, chomh maith le na tuarascálacha seo a chur faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí, cuireadh ar fáil go poiblí iad ar ár láithreán gréasáin [www.hse.ie](http://www.hse.ie)

## Bainistíocht Riosca

Tá Caighdeán agus Sábháilteacht ár seirbhísí rithabhachtach. Faoi threoir Choiste Riosca an Bhoird, rinneadh roinnt athbhreithnithe agus tuarascálacha i rith 2008, mar shampla an straitéis 'Say No To Infection'. Leag

an straitéis sin amach roinnt spriocanna uailmhianacha agus dúshlánacha chun ionfhabhtú a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus a rialú, i dteannta na ngníomhartha a chaithfimid a thógáil chun freastal ar na spriocanna sin. Ceann de na spriocanna sa straitéis is ea rátaí MRSA a laghdú 30% thar cúig bliana. In 2008 féadfaimid a thuairisciú go bhfuil laghdú de 25% bainte amach againn cheana féin i dtréimhse dhá bhliain.

D'fhormhuinigh an Bord ceapachán Stiúrthóra don Aonad Bhainistiú Theagmhais Thromchúiseacha a bhfuil dul chun cinn suntasach déanta aige maidir le creat polasaí riosca don eagraíocht a fhorbairt, a fheidhmiú agus a neadú.

Leanfaidh an Bord le bainistiocht chun tosaíocht a thabhairt do chaighdeán agus sábháilteacht chun rioscaí aitheanta a laghdú agus a íoslaghdú ar fud na heagraíochta ar fad.

### **Creat Rialachais**

Gníomhaíonn an Bord de réir a gCód Rialachais mar atá sonraithe san Acht Sláinte 2004. Tá an Cód Rialachais comhdhéanta de shraith cáipéisí idirghaolmhara a chruthaíonn Creat don Rialachas Corparáideach agus Airgeadais. Cheadaigh an Bord Cód Rialachais FSS den chéad uair sa bhliain 2006, leasaíodh é i 2007 agus cuireadh é faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí mar a éilíonn Alt 35 den Acht Sláinte 2004. Cheadaigh an tAire an Creat an 26 Márta 2008.

Léiríonn an creat seo iliomad snáitheanna bainteacha an chláir rialachais, an struchtúr eagraíochta d'fheidhmiú, agus na próisis tuairiscithe, cuntasáíochta agus monatóireachta chun a fheidhmiú agus éifeachtúlacht leanúnach a chinntiú.

### **Feidhmíocht Airgeadais 2008 agus Dearcadh 2009**

Bhí clár srianta costas agus bainistióchta gnó, lena n-áirítear rialú fostaíochta cúng, ann ar feadh na bliana chun freastal ar bhrúnna airgeadais ar an eagraíocht. Mar thoradh ar sin bhí cuntasacht níos dírithe ann lena chinntiú go mbainfidh an úsáid ab fhearr as na hacmhainní teoranta. Thug an timpeallacht seo dúshlán dúinn ár gcleachtais reatha a athbhreithniú, féachaint chun rudaí a dhéanamh ar bhealaí difriúla agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht acmhainní a chinntiú. Ba é príomhchuspóir an gnímh a tógadh ná seirbhís riachtanacha a chosaint trí an leas is fearr a bhaint as tionscnaimh Luach Ar Airgid (VFM) agus trí deireadh a chur le caiteachas roghnach. Bhain an clár luach ar airgead FSS amach os cionn an €280 milliún coigilt a bhí beartaithe don bhliain.

Is léir, i bhfianaise na staide heacnamaíochta agus fostaíochta leanúnach, go mbeidh srian costas ina dhúshlán níos mó chomh fada agus is léir amach anseo.

### **Admhálacha**

I rith 2008 bhuail an Bord le chéile ar 15 ócáid agus ina theannta sin tionóladh 29 cruinniú in iomlán de chuid coistí an Bhoird. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird ar fad as a dtiomantas agus a rannpháirtíocht luachmhar i rith 2008.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Rialtas, go háirithe leis an Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney TD, as a dtacaíocht leanúnach don FSS.

Tá ról an-dúshlánach ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tOllamh Brendan Drumm agus a fhoireann bainistióchta maidir lenar seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a bhainistiú laistigh de paraiméadair agus rialuithe déine. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dá gceannaireachta agus dá dtiomantas don tasc seo.

Ar deireadh, buíochas ó chroí leis an bhfoireann tiomanta agus dílis a oibríonn de lá is d'oíche, ag iarraidh réimse leathan seirbhísí ardchaighdeáin a bhaint amach dár úsáideoirí seirbhíse.



**Liam Downey**

*Cathaoirleach*

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

# Ballraíocht an Bhoird

Amhail an 1 Nollaig 2008



Is Iar-Phríomhfheidhmeannach é **Liam Downey** ar Becton Dickinson Ireland, cuideachta teicneolaíochta liachta. Is Iar-Uachtarán é ar Chónaidhm Fhóstóirí na hÉireann agus bhí sé ina Iontaobhaí agus ina bhall de Chomhairle Feidhmiúcháin IBEC. Is Iar-Chathaoirleach é ar Chumann Gairis Liachta na hÉireann. Is céimí é de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus is comhalta é d'Fhoras Bainistíochta na hÉireann.



Is é an **tOllamh Brendan Drumm** Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Sa bhliain 1981 ceapadh mar Ghaistrentreolaí Péidiatraice Comhairleach é agus mar Ollamh Cúnta in Ollscoil Toronto. I 1989 ceapadh é ina Phéidiatraí Comhairleach in Ospidéal Réigiúnach Luimnigh. I 1991 ceapadh é mar Ollamh agus mar Cheannaire ar an Roinn Péidiatraice i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus mar Ghaistrentreolaí Péidiatraice Comhairleach in Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn. Tá an tOllamh Drumm ina léirmheastóir ar 20 foilseachán, ina bhall den bhord eagarthóireachta ar thrí fhoilseachán agus tá beagnach 100 lámhscríbhinn, caibidil leabhar agus léirmheas dá chuid foilsithe.



Tá an **tOllamh Niamh Brennan**, cuntasóir cairte agus stiúrthóir cairte, ina hOllamh Michael MacCormac le Bainistíocht i gColáiste na hOllscoile BÁC. Tá sí ina Stiúrthóir Acadúil ar an Ionad um Rialachas Corparáideach ag Coláiste na hOllscoile BÁC. Is cathaoirleach í ar Údarás Forbartha Dhughthailte Bhaile Átha Cliath agus is Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í de Bhanc Uladh. Bhí an tOllamh Brennan sa Chathaoir ar an gCoimisiún um Bainistíocht Airgeadais agus Córais Rialúcháin sa tSeirbhís Sláinte.



Tá an **Dr. Dónal de Buitléir** ina Bhainisteoir Ginearálta, Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh le AIB Group. Sula raibh sé le AIB, bhí sé ina Rúnaí Cúnta in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, agus bhí sé ina Rúnaí ar an gCoimisiún Cánachais 1980-1985. Bhí an Dr. de Buitléir ina bhall den Choimisiún um Bainistíocht Airgeadais agus Córais Rialúcháin sa tSeirbhís Sláinte. Tá sé ina Chathaoirleach ar an Fhondúireacht um Staidéar Fioscach. Is comhalta de Chomhaltacht Eisenhower é agus is Uachtarán é ar Chumann Fhiosrúcháin Staitisticíúil agus Sóisialta na hÉireann.



Tá **Pat Farrell** ina Phríomhfheidhmeannach ar Chónaidhm Bhaincéireachta na hÉireann, an príomhchomhlacht ionadaíoch do bhaincéireacht agus do sheirbhísí airgeadais in Éirinn. Roimhe sin bhí roinnt ceapacháin fheidhmiúcháin sinsearach aige sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha. Is Cathaoirleach na hÉireann agus iontaobhaí é ar Sightsavers International agus is comhalta é de Phainéal Tionscail an Rialtóra Airgeadais, de Ghrúpa IFSC Roinn an Taoisigh agus de Choiste Feidhmeannach Chónaidhm Bhaincéireachta na hEorpa.



Tá **P.J. Fitzpatrick** ina Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar an tSeirbhís Chúirteanna agus ba é an chéad duine é a raibh an post seo aige riamh. D'éirigh leis bainistiú a dhéanamh ar bhunú na Seirbhíse Cúirteanna mar ghníomhaireacht nua neamhspleách reachtúil. Bhí post aige cheana mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar Bhord Sláinte an Oirthir. Tá céim MSc aige in Iompar Eagrúcháin ó Choláiste na Tríonóide BÁC agus is ball é d'Institiúid Stiúrthóirí na hÉireann.



Tá an **Dr. Maureen Gaffney** ina Cathaoirleach ar an bhFóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESF). Iar-Choimisinéir um Athchóiriú an Dlí atá inti, Cathaoirleach ar an gCoiste Náisiúnta Monatóireachta don Chlár Athbheochana Ceantair trí Phleanáil, Infheistiú agus Forbairt faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, Cathaoirleach ar Chomhairle Ombudsman Árachais na hÉireann agus ball de Chomhairle na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Síceolaí atá inti go gairmiúil agus is Iar-Stiúrthóir í ar an gClár Dochtúireachta i Síceolaíocht Chliniciúil i gColáiste na Tríonóide BÁC.



Is aturnae é **Eugene McCague** agus Cathaoirleach ar an gnólacht dlí Arthur Cox. Is céimí de chuid UCD é. Is ball é de Bhord Cooperation Ireland agus iar-chathaoirleach ar bhord rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus iar-Uachtarán ar Chumann Lucht Tráchtála Bhaile Átha Cliath.



Is iar-oifigeach sinsearach de chuid na Roinne Airgeadais é **Joe Mooney** áit a raibh baint pholasaí fhorleathan aige sna réimsí sláinte agus leasa shóisialaigh. D'oibrigh sé le cúrsaí eacnamaíochta agus cánachais cheana. Is iar-chomhalta den Bhord Pinsean é.



Tá an **tOllamh Michael Murphy** ina Uachtarán ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus ina iar-Dhéan ar Dhámh an Liachta agus na Sláinte, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. I measc na bpost acadúil aige bhí Comhaltacht Iarchéime saChógaseolaíocht Chliniciúil ag an Royal Postgraduate Medical School, Ospidéal Hammersmith, Londain agus Ollscoil Londain (1980-84), Dámh Ollscoile Chicago (1984-1992), agus Cathaoirleach ar Chógaseolaíocht Chliniciúil (1989-92) agus Stiúrthóir ar an gClár Hipirtheannais (1986-92). Is Iar-Chathaoirleach é ar Bhord Taighde Sláinte na hÉireann.



Tá **Willie O'Reilly** ina phríomhfheidhmeannach ar an stáisiún Raidió Náisiúnta Today FM. I rith a chuid ama leis an raidió, d'oibrigh sé le RTÉ, Scottish Radio Holdings, Emap PLC agus Communicorp Ltd.

Is iar-chomhalta é d'Ospidéal Ríoga Victoria Súl & Cluas agus bhí sé ina Uachtarán ar Institiúid na Stiúrthóirí. Faoi láthair tá sé ina stiúrthóir ar Iontaobhas People in Need agus ina Uachtarán ar Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann.

*Tháinig Mr. O'Reilly isteach in áit Joe Macri in Aibreán 2008.*



Tá an **tOllamh P. Anne Scott** ina hOllamh Altranais agus Leas-Uachtarán ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus roimhe sin bhí post aici mar Cheannaire ar Scoil an Altranais ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí poist acadúla aici cheana in Ollscoil Sterling, in Ollscoil Caledonian i nGlaschú agus in Ollscoil Ghlaschú. Tá an tOllamh Scott ina hiar-bhall d'Údarás Rialaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Bord an Bhoird Taighde Sláinte agus Bord Gobharnóirí Ospidéal Naomh Uinseann, Fionnradharc.

# Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Is é seo an t-am le bheith ag machnamh ar an dul chun cinn suntasach atá déanta againn ó bunaíodh FSS in 2005 agus chun ár muinín sa treo ina bhfuilimid ag dul inár seirbhís sláinte a athdhearbhú. Táim tiomanta seirbhís sláinte a bhfuil rochtain éasca air a thógáil, seirbhís a mbeimid bródúil aisti agus a bhfuil muinín ag an bpobal inti.

Tá go leor le déanamh againn go fóill. Ó thaobh nádúr na gcleachtas sláinte atá ag athrú, seans nach sroicfimid críochphointe soiléir go brách. Ach, tá dul chun cinn suntasach, dearfach agus seasta déanta againn chun córas cúram sláinte níos sábháilte agus níos éasca rochtain a fháil air a thógáil do mhuintir na hÉireann.

Le bliain anuas tá dianarracht déanta ag go leor daoine lena chinntiú gur sheachadamar ar agus i roinnt cásanna gur sháirimid na tiomantais atá leagtha amach inar bPlean Seirbhíse Náisiúnta (PSN) 2008. Léiríonn na torthaí go bhfuilimid ag seachadadh níos mó seirbhísí ná mar a bhí riamh cheana agus tá smacht againn ar uimhreacha fostaíochta, buiséid, costais agus caiteachas caipitil. Is díol suntas é go bhfuil sábháilteacht othar anois lárnach i ngach ghné don obair a dhéanaimid.

Táimid anois ag feiceáil go bhfuil fiúntas ann d'othair agus do chliaint níos mó cúraimí a aistriú i dtreo seirbhísí pobalbhunaithe agus amach ó sheirbhísí ospidéal-sheachadta ghéarliachta. Ba chóir do chomhaltaí foirne ag an líne tosaigh ar fud na tíre creidiúint a ghlacadh as seo agus as glacadh go fonnmhar leis na hathruithe a fheabhsaíonn seirbhísí.

Is sampla é bunú Fhoirne Idirghabhála Pobail dár tiomantas daoine a choinneáil sa bhaile, más féidir in aon chor, i rith a ngéarbhreiteachtaí. Ar an tslí céanna, is céim mhór i dtreo seirbhísí pobalbhunaithe cuimsitheacha iad aonaid altranais fhadchónaitheach ag forbairt le go mbeifear in ann cóireáil infhítheach a sholáthar d'othair scothaosta, de réir sin ag laghdú an gá iad a aistriú chuig ionaid ospidéal ghéarmhíochaine.

Daingníonn an t-aiseolas dearfach ó na daoine sin a bhaineann tairbhe as seirbhísí athraitheacha den sórt seo gur fearr le daoine cóireáil a fháil ina mbaile féin seachas dul chuig ospidéal. I rith 2008, fuair níos mó na 55,000 daoine seirbhísí cúram baile. Ina iomlán sholáthraíomar 12.6 milliún uair an chloig cúram baile, suas 11% ó 2006.

Agus i gcomparáid le 2006, fuair 70% níos mó cliaint pacáistí cúram baile, a sholáthraíonn seirbhísí ar nós Altranais Sláinte Poiblí (PHN), Cúram Baile, Fisiteiripe etc. chun cabhrú le daoine fanacht sa bhaile ina bpobal féin.

Maidir lenar seirbhísí géarmhíochaine, chonaic ár n-ospidéal 36,500 níos mó othar in iomlán mar othair chónaitheacha agus cásanna lae ná in 2007. Nuair a chuirtear na figiúirí sin i gcomparáid le figiúirí 2005, tá roinnt de na harduithe suntasach. Táimid anois ag seachadadh beagnach ceathrú (24%) níos mó táirgiúlachta i nósanna imeachta cásanna lae. Is léiriú é sin ar ár n-aistriú i i dtreo níos mó nósanna imeachta cásanna lae.

D'fhonn éifeachtúlacht sheirbhíse poiblí níos fearr a bhaint amach, dhíríomar go hiomlán ar gach deis a uasmhéadú in 2008, dá réir sin ag soláthar níos mó le níos lú. Cothabháladh ár dtreallús éifeachtúlachta i ngach réimse, ag laghdú agus ag comhdhlúthú ár bpróiseas agus ag fáil luach níos fearr as ár n-acmhainní. Molaim gach duine as a bpáirt féin a bheith acu i gcabhrú dul i ngleic lenar mbonn costas agus an Clár Luach ar Airgead (VFM) a sheachadadh, a shábháil os cionn €280 milliún in 2008 leis an tionchar is lú ar sheachadadh seirbhísí.

Gar do dheireadh 2008 bhí sé soiléir go raibh roinnt costas nach raibh súil leo ag teacht chun cinn nach raibh aon smacht againn orthu. D'eascair siad sin mar thoradh ar an staid eacnamaíochta náisiúnta atá ag éirí níos measa agus bhí níos mó daoine incháilithe do chártaí liachta agus cártaí Cuairte Dochtúra (6% agus 13% faoi seach).

In ainneoin na ndúshlán airgeadais, táimid fós tiomanta go hiomlán d'fheabhas maidir le seachadadh seirbhísí. Ar fud na Tuarascála Bliantúla seo feicfidh tú samplaí de na háiteanna a bhfuil an scoth bainte amach againn inar gnóthachtálacha agus cén áit a bheidh ár n-aird a ndíríú sa todhchaí.

Léirigh na Gradaim Shár-Éachta FSS in Aibreán 2008 go bhfuil caighdeán agus feabhsú seirbhíse chun leasa ár n-othar ag barr ár gclár oibre. D'fhorbair an buaiteoir foriomlán, an tSeirbhís Chothaithe agus Bia-Eolaíochta don Phobal, an Roinn Chur Chun Sláinte, FSS Theas, clár oideachais do dhaoine le diaibéiteas Cineál 2, agus mar thoradh ar sin mheas othair rannpháirteacha go n-airíonn siad gur airigh siad níos sláintiúla i rith an chláir.

Tá soláthar seirbhísí ardchaighdeán, sábháilte ag croílár ár gClár Náisiúnta um Rialú Ailse (NCCP). Léirítear dul chun cinn suntasach maidir le cuspóirí NCCP a bhaint amach in 2008. Mar chuid lárnach de sin tá an clár rathúil a dhíríonn ar líon ard seirbhísí ailse máinliachta a fhorbairt, i dteannta rochtain níos airde ar sheirbhísí rada-oinceolaíochta i ngach ceann de na ceithre líonra ailse. Táimid roimh sceideal inar gclár, le 80% de sheirbhísí cíche á sheachadadh in ocht n-ionad ailse ainmnithe, agus bíonn máinliacht cíche ar siúl in 11 ospidéal, i gcomparáid le 32 ospidéal in 2007.

Is pointe comhtheagmhála mór d'iliomad clár rathúil a bhfuil naisc cruthaithe acu idir seirbhísí ospidéal agus pobail. Mar shampla, cuireadh acmhainní suntasacha ar fáil do sheirbhísí



do dhaoine scothaosta sa phobal, ar an tslí sin ag cuidiú chun glacthaí isteach ospidéal a sheachaint agus seirbhís tapa a sholáthar chun cabhrú leo an t-ospidéal a fhágáil chomh luath agus a bhíonn siad ullamh leis an ospidéal a fhágáil.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana i réimse criticiúil stiúrthóirí cliniciúla a cheapadh i róil chinnreachta sna seirbhísí sláinte. Ag an tráth seo, tá 80% de lianna comhairleacha tar éis glacadh leis an gConradh Comhairleach 2008 nua.

Tacaíonn sé sin lenar gcuspóir seirbhísí a bheidh á sheachadadh ag lianna comhairleacha a mhéadú agus Cuntasacht chliniciúil a láidir. Is mór an t-ardú croí é go bhfuil lianna comhairleacha ag tabhairt faoi na róil chinnreachta seo le díograis agus táim cinnte gur féidir athrú ceart a bhaint amach inar Seirbhísí Sláinte. Ceadaíodh 277 post do lianna comhairleacha i rith na bliana, ba phoist nua iad 161 agus ba phoist athsholáthair iad 116.

Ag tógáil ar an méid a d'fhoghlaimis ón mhórchlár trasfhoirmithe san Oir Thuaisceart, thugamar faoi athbhreithnithe móra ar an Iartha Láir agus an Deisceart in 2008. Beidh na réimsí sin i bhfócas in 2009.

Cuid lárnach d'fhócas trasfhoirmithe foriomlán is ea forbairt Shamhail Chomhtháite Cúraim a sholáthróidh rochtain níos éasca do gach duine ar fhormhór na seirbhísí a theastóidh uathu, níos cóngaraí dá dtithe. I rith 2008, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le Foirne Cúraim Phobail a leathnú amach, ag atheagrú agus ag feabhsú seirbhísí ospidéal, ag forbairt seirbhísí ar nós aonaid altranais phobail agus fócas uile-eagraíochta ar seirbhísí a dhéanamh níos sábháilte. Chuamar céim níos gaire dár sprioc – seirbhís sláinte nuaimseartha saor ó mhoill a bheadh comhtháite go hiomlán agus a bheadh solúbtha agus in ann dul in oiriúint do riachtanais aonair na n-othar agus na gcliant. Cé go gcabhróidh athrú struchtúrtha seirbhís níos comhtháite a éascú d'othair agus do chliant, tarlaíonn athrú ceart nuair a shimplimid an tslí a nascleanann agus a bhfaigheann daoine rochtain ar ár seirbhísí sóisialta pearsanta agus sláinte.

Lena chinntiú go bhfuil ár n-úsáideoirí seirbhísí i gcoilár ar gclár oibre pleanála, forbraíodh Straitéis Náisiúnta do Rannpháirtíocht Úsáideoirí Seirbhísí i Seirbhísí Sláinte na hÉireann 2008-2013 i rith na bliana. Tógann an straitéis seo ar an obair ar fad a rinneadh cheana agus tugann sé deis dúinn éisteacht le dearcaí na ndaoine a úsáideann ár seirbhísí agus a dteaghlach.

Ag cabhrú leis an bpróiseas sin agus á dhéanamh níos éasca d'úsáideoirí seirbhísí deá-mhéin, ráiteas nó gearáin a dhéanamh, seoladh uirlis ar-líne ar a dtugtar Your Service Your Say i mBealtaine ag [www.hse.ie](http://www.hse.ie)

Bhí deacrachtaí ann in 2008. Tá pleananna chun an slabhra soláthair cógaisíochta a athchóiriú ag leanúint ar aghaidh. Chuir gníomhaíocht tionsclaíochta de chuid na foirne cléireachais/riaracháin sa cheardchumann IMPACT isteach ar bhailiú agus thuairisciú ar ár bhfeidhmíocht ó Aibreán go dtí Lúnasa. Toisc gur tugadh tosaíocht d'acmhainní do sheirbhísí éileamh-threoraithe agus líne tosaigh, tá dúshlán romhainn in 2009 nach féidir a sháru ach le hintleacht agus le solúbthacht.


Tá a fhios againn go bhfuil go leor dúshlán le sárú againn agus feabhsúcháin seirbhísí le déanamh. Admhaímid go gcaithfidimid líon na ndaoine atá ag fanacht ar sheirbhísí i roinnt páirteanna den tír a laghdú agus leanfaimid ag cóiriú ár gcóras agus ár bpróiseas chun an t-am a thógann sé ath-threoruithe a fheiceáil a laghdú. Leagaim béim i gcónaí go mbíonn an deacracht is mó ó thaobh rochtana ar ár seirbhísí sláinte ag an gcomhéadan chúram príomhúil/ospidéal, le hamanna feithimh neamhghlactha go minic do choinní eisoithair. Tá laghdú na hamanna feithimh seo anois mar mhórthosaíocht don FSS. Leanfaimid chomh maith a bheith ag tabhairt aghaidh ar an méid ama a chaitheann othair san ospidéal, mar tá fianaise ann go bhfuil nasc idir an toradh agus an fad fanachta.

Ba mhaith liom béim a leagann ar chomh bródúil agus atáim as iarrachtaí ár bhfoirne agus iad siúd i ngníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú ó FSS as seirbhísí ardchaighdeán inbhuanaithe a sheachadadh gach uile lá. Bímid go sioraí ag cur lenar gcásanna rathúla a bhí againn go dtí seo agus táimid tiomanta ár bhfeidhmíocht agus ár gcaighdeán a fheabhsú go leanúnach. Tá na hathruithe a dhéanaimid mar chuid lárnach dar úrfhás a léiríonn céim eile ar an mbóthar i dtreo an bhealaigh cheart.

Is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair na Foirne Ardbhainistíochta, a d'oibrigh go dothuirsithe i rith 2008 chun tacú liomsa ár n-eagraíocht an-chasta a bhainistiú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord FSS, thar ceann na foirne bainistíochta, as ucht a thacaíochta agus leis an Uasal Michael Scanlan, Rúnaí Ginearálta na Roinne Sláinte agus Leanaí agus a oifigigh as ucht a gcabhrach leanúnach.

I rith 2008 thugamar aghaidh ar dhúshlán ollmhór airgeadais, ach d'éirigh linn fanacht laistigh den bhuiséad agus na leibhéil sheirbhísí a thugamar tiomantas dóibh sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2008 a sheachadadh. Measaimid go léir go mbeidh na blianta atá díreach amach romhainn níos dúshlánaí ó pheirspictíocht airgeadais. Tá sé rithábhachtach go dtugaimid aghaidh ar an dúshlán seo le diongbháilteacht chun an leas is fearr a bhaint amach as líon na seirbhísí a sholáthroidimid dóibh siúd a dhéanaimid freastail orthu. Beidh gá le tiomantas agus solúbthacht mhaith ó gach duine ar fud na seirbhísí sláinte go léir. Beidh gá chomh maith le fócas seasta ar dheireadh a chur le fuíoll acmhainní ganna. Is é freagracht gach duine é sin. Beidh seirbhísí níos fearr ann ó dhaoine a dteastaíonn ár gcúnamh uathu go géar mar thoradh ar na gníomhartha dearfacha seo.



**An tOllamh Brendan Drumm**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

# Ár n-Eagraíocht

## Sracfhéachaint ar 2008...

*Tá 32 Oifig Sláinte Áitiúil ar fud na tíre a sholáthraíonn seirbhísí chuig an bpobal.*

*Tá os cionn 650 Ionad Sláinte againn ar fud na tíre.*

*Tá 93 foireann cúraim príomhúil inoibrithe.*

*Soláthraítear seirbhísí géarliachta in 50 ospidéal, ag seachadadh trí hocht ngrúpa ospidéil.*

*Tá 11 Aonad Rialaithe agus Smachtaithe Otharcharranna againn a chomhordaíonn seirbhísí cúraim éigeandála réamhospidéil do 97 stáisiún otharcharranna.*

*Tá 350 feithicil réamhospidéil ar fáil dúinn, lena n-áirítear freagra tapa, otharcharranna, freagra gluaisrothair agus feithiclí iompair othar.*

*Tá ceithre Líonra Rialaithe Líonra, le hocht nIonad Ailse.*

*Tá 10,419 leaba chúram poiblí neamhghéarmhíochaine againn, le leaba ar chonradh.*

*Tá 800 ionad againn a sholáthraíonn seirbhísí meabhairshláinte pobalbhunaithe.*

## Ról agus Struchtúr

Tá FSS freagrach as seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta i bPoblacht na hÉireann a bhainistiú agus a sheachadadh.

Tá sí ar an bhfostóir is mó sa tír, le níos mó ná 110,000 comhalta foirne agus buiséad de beagnach €14 billiún.

Ó bunaíodh í, d'oibrigh FSS tríd trí réimse feidhmiúcháin seirbhíse, Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach (PCCC), Oifig Náisiúnta na nOspidéal,(NHO) agus Sláinte an Daonra (PH). I rith 2008, leathnaíodh é sin chun an Clár Náisiúnta um Rialú Ailse (NCCP) a chur san áireamh. Faigheann ár réimsí soláthair seirbhíse cabhair ó sheirbhísí tacaíochtaí atá riachtanach le go bhfeidhmeoidh an eagraíocht go héifeachtach agus go héifeachtúil.

## Na Seirbhísí a Sholáthróimid

Na seirbhísí a sholáthróimid sa phobal:

- Cothú sláinte, seirbhísí coisc agus cosanta
- Sláinte béil
- Seirbhísí cúraim príomhúil agus phobail
- Seirbhísí do leanaí agus theaghlaigh
- Seirbhísí do dhaoine scothaosta
- Seirbhísí cúram maolaitheach
- Seirbhísí do dhaoine le tinneas ainsealach
- Seirbhísí meabhairshláinte agus cosc ar fhéinmharú
- Seirbhísí uilechuimsitheacht shóisialta, agus
- Seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

Soláthraíonn conraitheoirí neamhspleácha (e.g. dochtúirí teaghlaigh, cógaiseoirí, optaiméadraithe, fiacloirí), grúpaí neamhrechtúla, grúpaí deonacha agus grúpaí pobail seirbhísí ar mhaithe le FSS chomh maith.

Na seirbhísí a sholáthraíomar inar n-ospidéal:

- Soláthraítear seirbhísí géarmhíochaine trí hocht ngrúpa ospidéil, ina bhfuil 50 ospidéal géarmhíochaine. Soláthraíonn ospidéil ghéarmhíochaine réimse cuimsitheach seirbhísí measúnaithe, fáthmheasa, cóireála agus athshlánaithe ar bhonn réigiúnach, os-réigiúnach agus náisiúnta.
- Soláthraítear nósanna imeachta níos coimpléascaí in ionaid os-réigiúnacha, lena n-áirítear néarmhíniacht, máinliacht chairdiach, cóireáil chasta ailse agus radaiteiripe.
- Diríonn sainseirbhísí ainmnithe náisiúnta ar réimsí sonracha ar nós trasphlandaithe croí, scamhóige, duánach agus ae, gortaithe dromlaigh, seirbhísí cairdiacha péidiatracha agus géineolaíocht liachta.
- I dteanna sholáthar díreach seirbhísí, tá roinnt socrúithe i bhfeidhm le soláthróirí seirbhísí eile in Éirinn do sheachadadh sainseirbhísí e.g. scagdhéalú duánach.
- Soláthróimid seirbhísí éigeandála réamhospidéil (seirbhísí otharcharranna agus práinnfhreagartha).
- Tá ról lárnach ag ospidéil in oiliúint fochéimithe agus iarchéimithe, oideachas gairmithe liachta agus na seirbhíse sláinte agus taighde riachtanach cliniciúil agus bainteach le hollscoileanna.



### Seolann an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, Uasal TD 'Your Service, Your Say'

Deas go clé: An Dr. Philip Crowley, Leas-Phríomhdhochtúir Oifigiúil, DoHC, Rachel McEvoy, Uasal, Oifigeach Taighde, Ghnóthaí Tomhaltóra FSS, an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, Uasal TD, An Dr. Fenton Howell, Stiúrthóir Sláinte Poiblí, Sláinte Daonra FSS, an tOllamh Brendan Drumm, POF, FSS.

### Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

Tá roinnt bealaí ann chun dul i dteagmháil le FSS. Má tá tú ag cuardach eolais ar sheirbhísí áitiúla, tá Eolairí Ceantair ar fáil ar ár láithreán gréasáin [www.hse.ie](http://www.hse.ie) nó trí ghlaoch a chur ar ár Líne Eolais Náisiúnta 1850 24 1850. Bíonn Líne Eolais FSS oscailte ó 8r.n.go 8i.n., Luan go Sathairn. Tá áis pillín téacs sigma ar fáil do dhaoine le lagú éisteachta lenar féidir leo a gceisteanna a théacsáil agus gheobhaidh siad freagairt phras. Fuarthas 113,738 glaoch in iomlán in 2008, ardú de 38% ar ghlaonna 2007.

### Ag Éisteacht lenar n-Othar agus ár n-Úsáideoirí Seirbhíse

Táimid ag iarraidh dearcaí daoine a úsáideann ár seirbhísí, a dteaghlach, agus an pobal. Ó seoladh iad i mBealtaine 2008, fógraíonn gach láthair FSS é sin agus tugann sí cuireadh do dhaoine a dtuairimí faoi na seirbhísí a sholáthraíomar a léiriú. Déantar é sin ar roinnt bealaí difriúla:

- **Ríomhphost:** [yoursay@hse.ie](mailto:yoursay@hse.ie)
- **Fón:**
  - Gnóthaí Tomhaltóirí on 045 880 400
  - **nó LoCall** 1890 424 555
  - Líne Eolais Náisiúnta FSS 1850 24 1850
- **Seoladh:**

Oifig Chorporáideach Ghnóthaí Tomhaltóra  
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Oak House  
Páirc na Mílaoise  
Nás na Ríogh  
Co. Chill Dara
- **Nó trí foirmeacha aiseolais ar féidir a fháil ag suímhanna FSS.**

Tá coistí nó painéil chomhpháirtíochta othar ag go leor de na suímhanna a sholáthraíonn deiseanna le haghaidh plé agus aiseolas.

# Ár gCuspóirí a Bhaint Amach in 2008

## Réamhrá

Leagann an dara Plean Corparáideach, a forbraíodh i rith 2008, amach ár gclár oibre don tréimhse trí bliana 2008-2011, treoraithe ag na Cuspóirí Corparáideacha seo a leanas:

- Sláinte agus Folláine
- Seirbhísí Inbhuanaithe
- Muinín agus Iontaobh
- Caighdeán agus Sábháilteacht
- Scoth Oibríochta
- Ár gCumas a Nochtadh

Tá cur síos sa Tuarascáil Bhliantúil 2008 ar an tslí ar sholáthraimid na príomhchuspóirí sin i rith 2008.

## Sláinte agus Folláine – Daoine a choinneáil sláintiúil

### Ár Daonra

Faoi Aibreán 2008, shroich daonra na hÉireann 4.42 milliún, an uimhir is airde a taifeadadh ó 1861. Sáraíonn ár bhfás

daonra fás tír ar bith eile san Eoraip, le figiúirí ó 2002 ag léiriú fás bliantúil de thart ar 2%. Bhí méadú nádúrtha níos airde ná glanmirce don chéad uair ó 2004 bhí baint aige le díreach os cionn leath den mhéadú daonra (54%) in 2008. Tá líon na mbreitheanna de 73,815 ar an líon is airde ó 1980.

Tá ionchas saoil in Éirinn ag ceann de na leibhéal is airde riamh chomh maith, ag 76.8 bliain d'fhair agus 81.6 bliain do mhná. Sin ardú ón ionchais saoil foriomlán de 58 bliain sna 1920idí. Baineann formhór an mhéadaithe sin le laghdú i mbásmhaireacht naoinán agus leanaí, agus le smacht agus bainistíochta níos fearr ar ghalair thógálacha.

### Dúshláin Sláinte an Lae Inniu

Aithníonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) ceithre phríomhfachtóir chun sláinte a fheabhsú:

- An t-ardú i dtinnis ainsealacha mar an mhórchúis galracha agus báis
- An fhianaise mhéadaithe maidir leis an ról atá ag fachtóirí stíleanna beatha i ngalair ollmhóra
- An fócas méadaithe ar an gcostas a bhaineann le cóireáil agus bainistiú tinneas
- Glacadh méadaithe den sainmhíniú forleathnaithe sláinte ina mbreathnaítear ar shláinte mar stádas iomlán de dhea-bhraistint fhisiceach, mheabhrach agus shóisialta ní hamháin gan galar a bheith ann

Tá ardú leanúnach i dtinnis ainsealacha, daonra ag dul in aois, níos mó daoine ag éirí murtallach, daoine ag ól níos mó, ardú in ól le linn toirchis, ardú in ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha etc. Is é caitheamh tobac an chúis easláinte aonair is mó is féidir a sheachaint agus tá féinmharú ar cheann de na cúiseanna is mó báis i measc fir óga. Mar aitheantas ar na dúshláin sin, tá Sláinte agus Folláine an phobail mar chuspóir corparáideach.

### Cothú Sláinte

Chun daoine a choinneáil sláintiúil taobh istigh dá bpobal féin bíonn gá le tionscnaimh um chothú sláinte leanúnach chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal agus iad a choinneáil ar an eolas. Tugann feachtais feasachta poiblí um chothú sláinte tacaíocht do pholasaí agus straitéis sláinte agus tá siad dírithe ar daoine a chur ar a gcumas athruithe iompraíochta atá riachtanach chun saol níos sláintiúla a chaitheamh. Cuireann siad le tuiscint; bíonn tionchar acu ar dhearcaí, creideamh agus iompair; athraíonn siad feasacht agus léargas; cuireann siad gníomhartha i bhfeidhm; bréagnaíonn siad miotas agus míthuiscintí agus léiríonn siad scileanna. In 2008 tugadh isteach feachtais ar mhurtall, alcól, cothú cíche, feasacht mheabhairshláinte, vacsaíní, agus drugaí agus tobac.

## Sracfhéachaint ar 2008...

*Tá 4.42 milliún duine ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann.*

*Rugadh 73,815 páiste i bPoblacht na hÉireann (ardú 5% ar 2007).*

*Ba chóir go mairfeadh fir, ar an meán, 76.8 bliain, agus mná 81.6 bliain.*

*Fuair 88% de leanaí an vacsaín MMR faoin a 2ú breithlá.*

*Caitheann 29% dár ndaoine fásta tobac, tá 39% le rómheáchan, tá 23% murtallach, tuairiscíodh 22% a bheith neamhghníomhach go fisiceach agus ólann 28% sé gnáthdheoch nó níos mó uair amháin in aghaidh na seachtaine ar an laghad.*

*Bhain freastal amháin as gach ceithre freastal de thoradh díobhála (28%) inár ranna timpistí agus éigeandála le halcól.*

*Baineann 80% de chomhairlí dhochtúir teaghlaigh agus 60% de laethanta leapa ospidéal le tinneas ainsealach agus castachtaí gaolmhara*

*Láimhseáladh os cionn 400 ráig de ghalair thógálacha i rith na bliana.*



## Feachtas Feasachta Alcóil

Tugadh faoi fheachtas ar bhonn náisiúnta chun cur le feasacht dhaoine fásta maidir leis an méid daoine óga atá ag ól faoin aois, chomh héasca is atá sé ag daoine óga teacht ar alcól agus na buntáistí a bhaineadh le hardú a chur ar an teorainn aoise a dtosaíonn daoine óga ag ól.

Díríodh an feachtas ar gach duine fásta, leanaí agus déagóirí agus orthu siúd a cheannaíonn alcól do dhéagóirí. Áiríodh sa bhfeachtas fógra ar an Teilifís inar léiríodh líon daoine óga i gcásanna éagsúla ina raibh siad i dtimpeallacht a raibh alcól agus ina raibh deis acu teacht ar alcól.

Rinneadh taighde ar 900 duine fásta ocht mbliana déag d'aois agus os a chionn idir 24 Aibreán agus 9 Bealtaine 2008. D'aontaigh os cionn 90% de na daoine fásta a bhí rannpháirteach go bhfuil fadhb le hól meisciúil faoi aois in Éirinn ach níor chreid ach 15% dóibh siúd a ceistíodh go raibh tionchar ag a gcuid nósanna ólacháin féin ar nósanna ólacháin na ndaoine óga a bhí timpeall orthu.

Is féidir tuilleadh eolais maidir le hÓlachán faoi Aois a fháil ag <http://www.healthpromotion.ie/alcohol/>

Clodagh Freyne (12) Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí agus Adam Stubblefield (15) ó Eachraim, Co. Chill Mhantáin ag seoladh feachtas Feasachta Alcóil FSS i mí na Bealtaine le daoine fásta a spreagadh le tacaíocht a thabhairt le hardú a chur ar an teorainn aoise a dtosaíonn daoine óga ag ól alcóil.



## Murtall – Bia Folláin agus Gníomhaíocht Choirp

Forbraíodh feachtas na 'little steps to a long way' le tabhairt faoi fhadhb na murtail in Éirinn. Tugadh faoi i gcomhar le Biaslán Éireann agus leis an nGníomhaireacht um Chur Chun Cinn Sláinte, Tuaisceart Éireann.

Ba í an aidhm a bhí leis an bhfeachtas tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí a bheith mar eiseamláirí dearfacha ag a gcuid leanaí ó thaobh bia folláin agus gníomhaíocht choirp. Spreagtar teaghlaigh le tosú leis an mbealach a n-itheann siad a athrú, bia atá níos folláine a ithe in ionad bia nach bhfuil chomh folláin sin. Ina theannta sin spreagann sé teaghlaigh ó thaobh gníomhaíocht choirp de.

Cuireadh leabhrán eolais ar fáil le leideanna agus eolas cuiditheach do thuismitheoirí. Treoraíonn gach cumarsáid daoine chuig láithreán gréasáin an fheachtais [www.littlesteps.eu](http://www.littlesteps.eu) agus chuig uimhreacha an líne eolais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon.

Seoladh an dara céim den fheachtas ag deireadh mhí Lúnasa agus mhair sé go dtí lár mhí Mheán Fómhair, ionas go mbeidh sé ag feidhmiú agus leanaí ag filleadh ar an scoil.

Jason Quinn aois 8 agus Romey Farrelly aois 6 ó fheachtas na Little Steps Go A Long Way agus iad ag tógáil céimeanna beaga i dtreo todhchaí níos folláine le linn an fheachtais a bheith á sheoladh. Arna fhorbairt ag FSS agus biaslán, tá sé i gceist go ndíreodh an feachtas ar shaincheist an mhurtail ar oileán na hÉireann chun tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí a bheith mar eiseamláirí dearfacha ag a gcuid leanaí ó thaobh bia folláin agus gníomhaíocht choirp. Le tuilleadh eolais a fháil féach ar [www.littlesteps.eu](http://www.littlesteps.eu)

## Ag díriú ar...

D'fhoilsigh an Oifig Náisiúnta Imdhíonta "Treoir Phraiticiúil maidir le hImdhíonadh" agus rinne siad forbairt ar chlár oiliúna náisiúnta nua i leith imdhíonadh agus rinneadh an clár sin a sheachadadh ar os cionn 4,000 lucht gairme sláinte. Cuireadh raon cuimsitheach ábhair eolais ar fáil do sceideal na vacsaíne nua. Tá siad ar fáil i 10 dteanga éagsúla ar an láithreán gréasáin náisiúnta imdhíonadh ag [www.immunisation.ie](http://www.immunisation.ie)

I mí Mheán Fómhair, tugadh isteach feachtas dlúthaithe vacsaín níumacocúil do gach leanbh faoi dhá bhliain d'aois.

Léirigh suirbhé sástachta custaiméirí go raibh os cionn 90% de Dhochtúirí Teaghlaigh an-sásta leis an tseirbhís a bhí a bhí á chur ar fáil ag National Cold Chain Service FSS (vacsaíní imdhíonta).

Seoladh craobh Shligigh/Liatroma de LivingLinks i mí Márta. Cuireann an tseirbhís for-rochtana seo, atá á chur ar fáil ag oibríthe deonacha tacaíocht atá rúnmhar agus praiticiúil ar fáil do dhaoine atá faoi mhéala ag féinmharú.

Tá forbairt déanta ar 224 Comhpháirtíocht Cur Chun Cinn na Sláinte atá bunaithe ar chur chuige forbartha pobail i leith sláinte, chun freastal ar riachtanais sláinte an phobail.

Faoi seo tá cabhair faighte ag 1,955 scoil mar chuid de chlár Scoileanna ar Chur Chun Cinn Sláinte.

Le linn na bliana 2008, cuireadh oiliúint ar 2,906 den fhoireann i réimsí idirghabhála eolais, éirí as an tobac, bia agus cothaithe, gníomhaíocht choirp, chur chun cinn meabhairshláinte, sláinte agus tacaíocht i ndáil le sláinte na bhfear agus na mban. Fuair 1,462 ball foirne oiliúint chreidiúnaithe in Applied Suicide Interventions Skills Training (ASIST), sa Chlár um Bheathú Cíche WHO, in oiliúint Cothaithe PAC d'altraí sláinte poiblí.

Tá deiseanna daoine i leith na sláinte faoi thionchar ag na coinníollacha sóisialta, cultúrtha, eacnamaíochta agus timpeallachta ina maireann siad. Le linn na bliana tugadh faoi Mheasúnúithe Tionchar Shláinte ar chomhpháirteanna fisiciúla agus sóisialta na hathghiniúna i gcathair Luimnigh, dhírigh siad seo ar luathfhágáil scoile, neamhláithreachas agus neamhfhreastal scoile agus ar athghiniúint fhisiciúil in Southill, Baile an Churraigh, Béal Átha na Cora agus Myross agus ar Youth Space i dTuaisceart agus i nDeisceart na cathrach.

## WHO (An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte) An tAontais Eorpach (AE) Tionscnaimh Faire Fáis

Ghlac leanaí scoile in Éirinn páirt sa chéad chéim de thionscnaimh Faire Fáis an AE (WHO) in 2008 le heolas a bhailiú, anailís a dhéanamh, tuiscint a bhaint as agus an t-eolas a scaipeadh maidir le monatóireacht a dhéanamh ar an murtall laistigh de réigiún Eorpach WHO. Rinneadh taifeadadh ar 2,420 leanaí seacht mbliana d'aois (1,152 buachaill agus 1,268 cailín) i ndáil le tomhas a gcuid airde, a gcuid meáchain agus imlíne a gcoime agus a nInnéacs Corpmhaise (BMI) i gcomparáid le spriocanna idirnáisiúnta.

Léirigh an tuarascáil leibhéal arda rómhéachain agus murtaill. I gcomparáid le caighdeán atá inghlactha, bhí 73% de chailíní agus 82% de bhuaicailí ag an ngnáthleibhéal BMI fad is a bhí 19% de chailíní agus 13% róthrom agus bhí 8% de na cailíní agus 5% de na buachaillí ramhar. Ní raibh na difríochtaí inscne suntasach ó thaobh leanaí a bhí ramhar agus bhí siad an-suntasach ó thaobh leanaí a bhí róthrom. Bhí trí scoil agus fiche atá faoi mhíbhuntáiste rannpháirteach sa staidéar, gan aon difríocht shuntasach idir airde, meáchan, imlíne a gcoime ná BMI sna leanaí ó na scoileanna sin i gcomparáid le scoileanna eile.



## Míochaine Choisctheach

Is modh eile í an Míochaine Choisctheach le sláinte an daonra a chinntiú. Rinne ár gClár Imhdhíonaithe seachadadh ar vacsaín le cosaint a thabhairt do dhaoine scothaosta i gcoinne an fliú. Le linn na bliana 2007/2008 ghlac 61.7% (60.6% do shéasúr na bliana 2006/2007) de dhaoine a bhí os cionn 65 bliana agus a raibh cárta liachta acu leis an vacsaín.

Tá sé seo fós taobh thiar de sprioc an WHO de 75% ach leanfaimid le feabhas a chur air bliain ar bhliain.

Chuireamar tús le Clár Imhdhíonaithe do Leanaí nua i ndáil le sláinte leanaí a chosaint trí vacsaíní *Níumacocúil* agus *Heipitéas B* a thabhairt isteach:

- Bhí vacsaín an *Bruitíneach*, *Plucamas*, *Bruitíneach Dhearg* (MMR) faighte ag 88% de leanaí sula raibh dhá bhliain slánaithe acu.
- Baineadh amach ráta glactha náisiúnta de 93% don *Diftéire*, *Teiteanas*, *Triuch* (DPT) do leanaí faoin am a raibh siad dhá bhliain d'aois.
- Bhain 10 nó (32%) de cheantair Oifig Sláinte Áitiúil (LHO) amach ráta glactha de 95% don DPT agus 89% don MMR. Bhí an ráta glactha sa Longfort/Iarmhí, ag 95%.

Ar an iomlán, de ghnáth faigheann leanaí vacsaíní lena gcosaint ar 11 galar ionfhabhtaíoch tromchúiseach.



### An tSeirbhís Raideolaíochta Otharlárnaithe nua, Ionad Chúram Príomhúil an Inbhir Mhóir, Castlepark, Co Chill Mhantáin

Ó chlé go deas: Mary Heaslip, Bainisteoir Tionscadail Seirbhís Raideolaíochta Pobail FSS agus Sabira Khatieb, Radagrafaí Global Diagnostics.

### Féinghortú agus Féinmharú a Chosc

Tá ráta na hÉireann maidir le féinmharú i measc an aos óg fós ar an gcúigiú ráta is airde san AE.

Mar gheall ar an mbealach a ndéantar sonraí maidir le coiste cróinéara a thuairisciú, tuairiscítear na sonraí maidir le féinmharú ar bhonn riaráisteach. Léiríonn sonraí sealadacha ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) in 2007 gur tharlaigh 460 cás féinmharaithe. Seo méadú de 51 ar an mbliain roimhe seo, is mar gheall ar athruithe i dtuairisciú an CSO, go páirteach, é seo. Tá íslíú tagtha ar an ráta foriomlán féinmharaithe ó bhuaic de 13.5 in aghaidh 100,000 den daonra in 2001 go 10.6 in aghaidh an 100,000 in 2007.

Bailíonn an National Suicide Research Foundation cur i láthair féinghortú ó na Rannóga Éigeandála (EDna) sna hospidéal thar ceann FSS. Sa bhliain 2007 bhí 11,100 cur i láthair ann ó 8,600 duine aonair. Is ionann é sin agus méadú de 2% ar 2006, a chur stop le tréith laghdaithe na mblianta roimhe sin. Is daoine a bhí faoi bhun 30 bliain d'aois a rinne 46% den chur i láthair.

Thionscnaíomar freisin:

- Fógra raidió agus teilifíse ón FSS 'Do Mheabhairshláinte'
- Applied Suicide Intervention Skills Training (ASIST), clár oiliúna maidir le feachtas féinmharaithe do lucht gairme sláinte agus lucht gairme eile agus ceannairí pobail. Réachtáladh os cionn 130 ceardlann sa bhliain 2008, a chuir oiliúint ar beagnach 3,000 rannpháirtí. Ón mbliain 2004, tugadh faoi beagnach 550 ceardlann agus cuireadh oiliúint ar 12,000 rannpháirtí.

### Fáthmheas Luath/Cóireáil Luath

Tá roinnt mhaith samplaí maidir le tionscnaimh a forbraíodh le linn na bliana a chabhraíonn le fáthmheas luath nó cóireáil luath do bhreiteacht nó do riocht. Orthu sin áirítear:

- Chun cabhrú leo siúd a thagann chuig an t-ospidéal mar gheall ar fhéinghortú d'aon ghnó tá seirbhísí nua bunaithe agann in ospidéal Phort Laoise agus Sráid an Teampaill, áit a bhfuil altraí idirchaidrimh a bhfuil oiliúint speisialta curtha orthu le cúram a dhéanamh do riachtanais othair.
- Nuair a tharlaíonn tnáitheadh éigeandála nó Stad Cairdiach, tá gá le freagra éifeachtach agus tapa ionas gur féidir cur an méid is féidir le seans an othair maireachtáil. Seoladh Cardiac First Responder Guide mí Márta agus tá sé curtha ar fail ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie) le heolas a chur ar fáil agus le comhairle a chur ar phobail, comhairlí agus eagraíochtaí a dteastaíonn uathu clár first responder a bheith acu ina gceantair féin.
- Cuireadh tús le tionscadal pílotach Out of Hospital Cardiac Arrest Register in FSS an Iarthair agus tá sé i gceist an tionscadal a leathnú chun tacú leis an gclár náisiúnta faoi lár na bliana 2010. Tabharfaidh an tionscadal deis anailís a dhéanamh ar rátaí maireachtála/báis, éifeachtaí idirghabhálacha agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcaighdeán saoil tar éis teacht slán ó stad cairdiach lasmuigh den ospidéal.
- Tá sé ar chumas Fhoireann Chúram Príomhúil an Inbhir Mhóir (PCT), Co Chill Mhantáin i gcomhar le Global Diagnostics Ireland Limited x-ghá agus ultrafhuaim a chur ar fáil d'othair atá ina gcónaí laistigh den cheantar

áitiúil. Is féidir le gach Dochtúir Teaghlaigh áitiúil an tsaoráid seo a úsáid freisin. Tugann an tseirbhís deis d'othar sa cheantar leas a bhaint as an teicneolaíocht is cothrom le dáta agus tugann sé an deis do na Dochtúirí Teaghlaigh sa cheantar sin rochtain a bheith acu ar thuarascáil diagnóiseach laistigh de 24 uaire.

- Togra polasaí do scagthástáil nua-naíoch le haghaidh fiobrós chisteach atá forbartha ag an nGrúpa Saineolaithe Comhairleach do Leanai.

- Tacaíonn an Roinn Paiteolaíochta san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, sa Mhuileann gCearr le Dochtúirí Teaghlaigh sa Longfort agus san Iarmhí le héascú a dhéanamh ar chlár tástála pointe cúraim do Warfarin agus do bhaol cairdiach agus diaibéitis i lialann an Dochtúir Teaghlaigh seachas a bheith ar na hothair freastal ar ospidéal.
- Foilsíodh treoirí cliniciúla do Diaibéitis i mí an Mheithimh, treoirí iad seo a d'fhorbair an Grúpa Saineolaithe Comhairleach don Diaibéitis.

## Buaiteoir Ghradam Ghnóthachtála

### ATHCHUMRAÍOCHT CHATAGÓIR SEIRBHÍSE NÍOS FEARR

#### ATHRUITHE OLLMHÓRA AR CHUR CHUIGÍ ATÁ ANN CHEANNA

##### An Clár X-PERT in Éirinn:

**Clár Oideachais Struchtúrtha d'Othair do dhaoine fásta le Cineál 2 Diaibéiteas – Seirbhís Cothaithe agus Bia-Eolaíocht Pobail, An Roinn Cur Chun Cinn Sláinte, FSS an Deiscirt**

*Ba í An Roinn Cur Chun Cinn Sláinte FSS an Deiscirt buaiteoir foriomlán Ghradam Gnóthachtála na bliana 2008, mar aitheantas ar an taighde a rinne siad agus as cur i bhfeidhm clár oideachais struchtúrtha d'othair fianaise bhunaithe do dhaoine fásta le cineál 2 diaibéiteas, an clár X-PERT d'Éirinn. Is é seo an chéad chlár oideachais den chineál seo in Éirinn agus tá buntáistí móra ann don othar agus don tseirbhís sláinte. Rinneadh é a phiolótú san Ráth, i Mala agus sa Sciobairín, i gCo. Chorcaí le 48 othar le rochtain a thabhairt dóibh ar bhia-eolaí cáilithe agus ar chlár oideachais maidir le saol níos folláine. Mar thoradh ar an gclár, níor tháinig aon mhéadú ar chógais ar oideas d'othair le linn an chláir, is beag nár tháinig dúbailt ar an méid torthaí a bhí á n-ithe ó 33% go 63% agus bhí íslíú meanmeáchain de 2.5kg. Mhóthaigh naoi as na 10 n-othar go raibh siad níos folláine le linn an chláir.*

*Fuair daichead Bia-Eolaithe Pobail oiliúint mar Oideachasóirí X-PERT agus tá siadsan ag éascú leathadh amach an chláir (2008-2011).*



*An líne cúil (ó chlé go deas): An Dr. Patrick Doorley, Stiúrthóir Náisiúnta Sláinte an Daonra, an tUasal Liam Downey, Cathaoirleach Boird FSS.*

*An líne tosaigh (clé go deas): Catherine Murphy, Uasal, An Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta Sláinte an Daonra (Cur Chun Cinn na Sláinte). Yvonne O'Brien, Uasal, Bia-Eolaí Pobail, Freda Horan, Uasal, Bainisteoir na mBia-Eolaithe Pobail, An Dr. Karen Harrington, An Bia-Eolaí Pobail Sinsearach.*







Ceannasaíocht – BUAITEOIR: Na Chéad Scoileanna Croí Sábháilte in Éirinn, Oiliúint Athbheochana, Ospidéal Portiuncula, Gaillimh. Ó chlé go deas: Mary Lyons, Altraspeisialtóra Chliniciúil, Oiliúint CPR agus Helen Harney, Altraspeisialtóra Chliniciúil.



## Buaiteoir Ghradaim Ghnóthachtála

### CATAGÓIR GHNÓTHACHTÁLA CEANNASAÍOCHTA

Na Chéad Scoileanna Croí Sábháilte in Éirinn, Oiliúint Athbheochana, Ospidéal Portiuncula, Gaillimh



Tá an cheannasaíocht ina heochair do ghradaim ráthúla. Bhronn na moltóirí an gradam náisiúnta seo ar dhuine aonair a léirigh ceannasaíocht phearsanta agus ghairmiúil chomh maith le misneach, teacht aniar agus uilechuimsitheacht i seachadadh freagairt pobail a bhí iontach. Bhunaigh Helen Harney an chead Scoil Croí Sábháilte in Éirinn rud a chiallaigh gur cuireadh oiliúint athbheochana cardascamhógach (CPR) ar os cionn 200 dalta agus ar 81 múinteoir i gceantar Bhéal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe. Ina theannta sin thug 12 múinteoir faoi oiliúint Uath-Dhífhibrileoir Seachtrach (AED), tá siad seo ar fad ina n-acmhainn don phobal áitiúil i gcás mór-éigeandáil. Bhronn Foras Croí na hÉireann gradam Scoile Croí Sábháilte ar an dá mheánscoil i mBéal Átha na Sluaighe (Ard scoil Mhuire agus Coláiste Naomh Seosaimh – an chéad ghradam dá leithéid in Éirinn.

### Rialú Eachtra Comhshaoil agus Faire

Leanadh le galar agus breoiteacht a faire go géar le linn na bliana, lena chinntiú go mbeadh ar ár gcumas freagairt go tapa agus go héifeachtúil d'aon bhagairt ná briseadh amach. Mar gheall ar bhriseadh amach idirnáisiúnta an Salmonella Agona i mí Iúil, bhí 163 cás den ghalar trasna na hEorpa, 11 acu sin in Éirinn.

Bhí ár gcuid seirbhísí sláinte comhshaoil rannpháirteach i maoirseacht a dhéanamh freisin ar tharraingt siar tháirgí muiceola, bhí milleán orthu sin mar gheall ar an eachtra dé-ocsain i mí na Nollag, chuir siad comhairle ar fáil maidir le déileáil leis na leibhéil arda luaidhe sa soláthar uisce i gCathair na Gaillimhe, eachtra a bhain poiblíocht mhór amach, agus d'fhreagair siad 28 foláireamh a bhain le húsáid chomhábhair thoirmiscthe i gcosmaidí.

# Seirbhísí Inbhuanaithe – Seirbhísí a Seachadadh in 2008

## Sracfhéachaint ar 2008...

*Cuireadh breis agus 12.6 milliún uair an chloig de chabhair bhaile ar fáil do dhaoine faoi riachtanas (5% níos mó ná an sprioc).*

*Bhí beagnach 1.4 milliún duine incháilithe do chártaí liachta.*

*Bhí an Liúntas Cúraim Baile á fháil ag 23,092 duine.*

*Caitheadh €2.6 billiún ar scéimeanna (e.g. cárta liachta, aisíocaíocht drugaí, ardteicneolaíoch, cruatan, breoiteacht fadtéarmach, fiaclóireacht, srl.)*

*Bhí 5,347 leanaí faoi chúram ag deireadh na bliana.*

*Glacadh os cionn 16,000 duine isteach chuig aonaid chónaitheacha mheabhairshláinte.*

*D'fhreastail 1,154,004 duine ar ár Rannóga Éigeandála (RÉ) le haghaidh measúnaithe.*

*Ní raibh glacadh isteach san ospidéal ag teastáil le thart ar 75% de na cuairteanna ar RÉ.*

*Fuair 604,239 othar cóireáil mar othair chónaitheacha inár n-ospidéal.*

*Fuair 637,138 othar cóireáil mar chás lae.*

*Taifeadadh 3,271,665 cuairt inár Rannóga na nOthar Seachtrach (ROS).*

## Cur i Láthair

Leanamar orainn ag cloí le dea-chleachtas idirnáisiúnta, le hathchumrú a dhéanamh ar ár gcuid ospidéal agus ar ár gcuid seirbhísí pobail le linn na bliana 2008, lenár gcuspóir fadtéarmach a bhaint amach, sé sin a chinntiú go mbeidh Seirbhísí Inbhuanaithe againn do na glúine amach anseo.

Leagaimis amach gach bliain na gníomhartha atá riachtanach le hoibriú i dtreo ár spriocanna fadtéarmacha. Déanann an mhír seo den tuarascáil cur síos ar an dul chun cinn atá déanta againn i gcoinne an Plean Seirbhíse Náisiúnta bliantúil 2008 (NSP 2008). Tá achoimre déanta ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne príomhspríocanna na bliana, iad tomhaiste i gcoinne feidhmíocht na bliana 2007, in Aguisín 2.

## Seirbhísí inár bPobal

Soláthraimid raon leathan seirbhísí laistigh den leagan amach pobail, seirbhísí lena n-áirítear seirbhísí atá sainiúil do dhaoine scothaosta, do leanaí agus do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine le saincheisteanna meabhairshláinte, cúram deireadh saoil, uilechuimsitheacht shóisialta agus cúram príomhúil.

Ag teacht lenár gníomhartha in NSP 2008, déantar tuairisciú sa chaibidil seo ar an dhul chun cinn laistigh de na grúpaí cúraim seo.

### Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

Is iad na seirbhísí cúraim príomhúil an chéad phointe teagmhála laistigh dár seirbhísí sláinte. Lean seirbhísí na gcleachtas Ginearálta (GP) le leathnú a fheiceáil ar líon na dteagmhálacha a rinneadh lasmuigh d'uaireanta oifige. Rinneadh 920,132 teagmháil le 13 seirbhís lasmuigh d'uaireanta oifige, naoi gcinn acu sin a chuir seirbhís 24 uair an chloig ar fail. Tá sé sin suas 11% ar fhigiúr 2007.

### Cartaí Liachta agus Cártaí Cuartaíochta Dochtúra

Sa bhliain 2008, lean an líon cártaí liachta a eisíodh ag méadú go mór, le 30% den daonra clúdaithe ag an gcárta anois – méadú 6% ar leibheal soláthar na bliana 2007. Eisíodh 85,546 cártaí Cuartaíochta Dochtúra i mbliana, nó 13% níos mó i gcomparáid leis an mbliain 2007. Ciallaíonn sé sin go leanfaidh an treocht sin le linn na bliana 2009 mar gheall ar choinníollacha eacnamaíochta agus de réir mar a bhíonn níos mó daoine i dteideal na gcártaí sin. Tá an treocht sin ag teacht le patrúin fháis an Bheochláir, a thairfead 121,000 duine breise (70% de mhéadú) difhostaithe idir 2007 agus 2008.

	2006	2007	2008	% athrú 2006-2008
Sealbhóirí an chárta liachta	1,221,695	1,276,181	1,352,120	+11%
Sealbhóirí cárta cuartaíochta Dochtúra	51,761	75,589	85,546	+65%

### Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS)

Is é an PCRS an soláthróir seirbhíse lárnaigh is mó san earnáil sláinte, leis na milliúin d'idirbhearta á seachadadh go rathúil aice gach bliain, 70 milliún in 2008. Ba €2.5 billiún caiteachas iomlán na scéimeanna atá á riaradh ag an tseirbhís seo in 2008, agus meastar go dtiocfaidh fás de €2.7 billiún air sin in 2009.

I dteannta leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil faoi Scéim an Chárta Liachta agus faoin gCárta Cuartaíochta Dochtúra, táimid ag riaradh raon leathan scéimeanna ar a n-áirítear an Scéim Íocaíochta Drugaí agus an Scéim Tinnis Fadtéarmach.

### Foirne Cúraim Phríomhúil (PCTs)

Cuireann an PCTs cur chuige 'aon ionaid' ar fáil. Cuireann siad pointe áitiúil iontrála ar fáil do na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta pearsanta ar fad ar nós Dhochtúirí Teaghlaigh, físteirípe, seirbhísí altranaís sláinte poiblí, seirbhísí fáthmheasa, tacaíocht do dhaoine a bhfuil breoiteachtaí ainsealacha orthu, ar nós diaibéitis, asma srl. agus seirbhísí i ndáil le planáil dul isteach in ospidéal nó teacht amach as ospidéal. Agus iad ar tí ár gcuid seirbhísí a mheas, ba chóir go mbeadh ár n-othair agus ár gcliant múnineach go mbeidh an slí chun cinn gan uaim agus saor ó mhoill.

In 2008, bhíomar céim níos giorra dár sprioc a bhaint amach maidir leis an gcuid is mó dár seirbhísí a sholáthar trí FCPanna, agus thug gach foireann tacaíocht do thart ar 8,000 duine. Amhail dheireadh mhí na Nollag 2008 bhí 93 foireann i bhfeidhm agus cruinnithe foirne clínicíúla á dtionól acu. Líonadh 298 post clínicíúil FCP túslíne nua chomh maith. Is é an sprioc atá againn do 2009 go mbeidh 210 foireann i bhfeidhm, is ionann sin agus 40% den líon foirne iomlán atá beartaithe againn. Tháinig méadú 22% ar an líon FCPanna a bhfuil cruinnithe foirne clínicíúla á dtionól acu i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

I dteannta na príomh-sheirbhísí arna gcur ar fáil ag na FCPanna, is iomaí bealach nuálach chun seirbhísí a chur ar fáil atá forbartha. Mar shampla:

- Tá Clinicí Measúnaithe Cneácha bunaithe ag FCPanna an Sciobairín, Charn Uí Néid agus Dhún Mánmhaí i gCo. Chorcaí. Tionólar clínicí ar bhonn míosúil i ngach láthair pobail agus mar sin laghdaítear an gá d'othair taisteal chuig coinní ROS san ospidéal.
- Tá clínic diaibéitis tiomanta d'othair a bhfuil Diaibéiteas Cineál 2 orthu bunaithe ag FCP Leifear agus Caisleán na Finne, Dún na nGall. Tá an clínic faoi cheannas altraí cleachtaidh agus tacaítear leis ag na dochtúirí teaghlaigh áitiúla chomh maith le foireann ildisciplíneach chuimsitheach lena n-áirítear seirbhís diaitéitigh, coslia agus scagthástáil súile reitíneach.
- Tugann an tionscnamh luath-thoirchis in FCP Bhaile na Munna, Baile Átha Cliath, eolas, comhairleoireacht, tacaíocht agus seirbhísí liachta ar fáil do mháithreacha óga.

Forbraíodh formhór na dtionscnamh tar éis caidrimh le hothair agus tar éis éisteacht lena dtuairimí ar sheirbhísí. Is cuid lárnach dár straitéis maidir le seirbhísí a mheaitseáil le riachtanais othar é an caidreamh sin le hothair.

## Leanaí agus Teaghlaigh

Is é is aidhm leis na seirbhísí do leanaí agus do theaghlaigh, a gcuirtear ar fáil go díreach ag an FSS nó ag gníomhaireachtaí deontas-mhaoinithe iad, ná sláinte agus folláine leanaí agus teaghlaigh a chur chun cinn agus a chosaint, go háirithe iad sin atá i mbaol mí-úsáid nó faillí. Tá oibleagáid dhlíthiúil orainn cúram agus leas riachtanach a sholáthar do leanaí i mbaol, mar atá leagtha amach san *Acht um Chúram Leanai, 1991* agus in *Acht na Leanai, 2001*. Tagann treoir an pholasáí uilghabhálaigh ó Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, a dhaingnigh Éire in 1992.

I mí na Nollag 2007 sheol an Rialtas an chéad pholasáí náisiúnta riamh ar leanaí; *An Clár Oibre do Sheirbhísí Leanai*. Táimid ag díriú in 2008, agus sna blianta amach romhainn, ar sheirbhísí coisceacha, pobal-bhunaithe, a chuirfidh luath-idirghabháil ar fáil. Tíocfaidh laghdú ar an líon leanaí a bhíonn faoi chúram cónaitheach agus altrama, in imeacht ama, mar thoradh ar fhorbairt seirbhísí ard-tacaíochta, pobal-bhunaithe.

Tá an líon foriomlán leanaí faoi chúram ag deireadh 2008 beagnach mar an gcéanna le 2007 (+0.2%). Astu siúd faoi chúram, tá 375 (7%) faoi chúram cónaitheach, agus tá 89% faoi chúram altrama, 3,227 le cúramóirí altrama agus 1,539 faoi chúrama altrama le daoine atá gaolta leo.

## Seirbhísí Comhtháite a Fhorbairt

### AN CLÁR ATHSHLÁNÚCHÁN SCÁMHÓIGE

*Is ríocht riospráide díblithe ainsealach é an Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach (GSTA) as a leanann deacracht anáil a tharraingt, ionfhabhtú clíabhraigh rialta, agus níos lú cumas chun aclaíochta. Is minic go mbíonn GSTA mar chúis báis agus míchumais in Éirinn agus mar chúis éigeandála maidir le daoine a ghlacadh isteach san ospidéal chun bainistíocht míochaine speisialtóra, ocsaigin agus leigheas infhéitheach a fháil.*

*Tá tús curtha le Clár Athshlánúcháin Scámhóige d'othair sa Laoi Thuaidh agus sa Laoi Theas, Corcaigh, mar chuid de chomhthionscnamh comhtháthaithe idir Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh agus seirbhísí pobail sa chathair. Foireann ildisciplíneach a chuireann an clár ocht-seachtaine i bhfeidhm, faoi cheannaireacht an fhisiteiripeora agus an altra GSTA, tá sé comhdhéanta d'oideachas agus d'aclaíocht faoi mhaoirseoireacht. Tá baint ag an mBíuró Comhairle Saoránach leis chomh maith, agus cuireann siad comhairle faoi íocaíochtaí leasa shóisialaigh, saincheisteanna maidir le cártaí liachta, agus comhairle ghinearálta faoi chóipeáil leis an ríocht ó thaobh airgid de agus go sóisialta.*

*Cé gur galar nach féidir teacht as é GSTA, is féidir an ráta meathlaithe a laghdú agus caighdeán saoil an othair a fheabhsú má dhéantar dea-bhainistíocht air. Laghdaítear an líon daoine a ghlactar isteach san ospidéal, rud a bhfuil go leor buntáistí ag baint leis, lena n-áirítear níos lú struis ar an othar agus ar fhoireann an ospidéil, chomh maith le coigealtas suntasach ó thaobh costais.*

I gcomhar le Foras Cúraim Altramaís na hÉireann (FCAÉ), seoladh an tSeachtain 'Ag Díriú ar Altramaís' an 3-7 Samhain 2008, leis an téama 'An bhFéadfá Deis a thabhairt do Leanbh?' Tionóladh an tseachtain chun cur le feasacht faoi alTramaís agus chun cabhrú le OSanna cúramóirí altramaís a earcú. Oibríonn Foirne Altramaís an FSS ar fud na tíre chun tuismitheoirí altramaís a earcú agus a mheasúnú, chun oiliúint a chur orthu agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh d'fhonn cúram a thabhairt do leanaí agus is é FCAÉ an eagraíocht tacaíochta piaraí náisiúnta do thuismitheoirí alramaís in Éirinn. I rith na seachtaine tionóladh sraith seisiún faisnéise agus imeachtaí, arna n-eagrú ag foirne altramaís ar fud na tíre. Thug thart ar 3,300 cúramóirí altramaís cúram do 4,500 leanbh in 2008. Is é altramaís an príomh-mhodh a úsáidtear chun timpeallacht bhaile chobhsaí a sholáthar do leanaí faoi chúram.

## Ag díriú ar...

Tacaíonn Grúpa Tacaíochta Teaghlach Bhré le gaolta daoine a bhfuil breoiteacht scitsifréineach nó síocóiseach orthu. Cuirtear áit tacúil ar fáil do ghaolta inar féidir leo saincheisteanna cúraim a phlé go sábháilte, a gcuid taithí a roinnt le daoine eile agus straitéisí níos fearr a fhorbairt chun déileáil leis an mbreoiteacht. Tar éis cúrsa naoi seachtaine, faoi thacaíocht ó shainfhoireann altranais mheabhairshláinte atá ag obair sa phobal, tá a líonra tacaíochta forbartha ag an ngrúpa féin anois agus bíonn cruinnithe míosúla acu.

Is leabhrán eolais é 'Imní faoi Leanbh' a forbraíodh do dhaoine chun cabhrú leo dul i mbun gníomhaíochta ceart má tá imní orthu faoi leas linbh nó duine óg a bhfuil aithne acu air/uirthi. Seolfar an leabhrán go luath in 2009.

Tá Cúram Altramais Cóireála Iltoisí (CACI) leagtha amach chun cóireáil a chur ar fáil i suíomh cúraim altramais do dhéagóirí faoi chúram an FSS a léiríonn iompar dúshlánach. Tosaíodh ar an tseirbhís sin i Laois/Uíbh Fhailí (Treo Nua) agus i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath. Amhail dheireadh na bliana, tá dhá shocrúchán curtha ar fáil.

Cuireadh foirm iarratais ar chártaí liachta ar líne ar fáil do dhaoine os cionn 70 bliain d'aois ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie)

D'oscail Scéim Scáth-Thithíochta ina bhfuil 56 aonad i nGlas Naíon, Co. Bhaile Átha Cliath, a chuireann dídean ar fáil do dhaoine scothaosta. Baineadh é sin amach i gcomhpháirtíocht le FOLD agus le Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath.

D'fhonn cur le feasacht faoi mhí-úsáid dhaoine scothaosta, d'eagraigh Oifigeach Mhí-Úsáid Dhaoine Scothaosta Lár Laighean de chuid FSS Bhaile Átha Cliath léiriú speisialta den dráma 'Forgotten' le Pat Kinevane in Amharclann an Phobail, Tamhlacht, i gcomhar le Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus Age Action Ireland. Is faoi thriúr duine atá ina gcónaí i dteach altranais agus faoina gcuimhní cinn atá an dráma. Tar éis an dráma d'fhreagair painéal saineolaithe ceistanna ón lucht éisteachta faoi na saincheisteanna a ardaíodh sa dráma agus faoi shaincheisteanna níos leithne a bhaineann le mí-úsáid dhaoine scoth-aosta. Tháinig ardú suntasach ar atreoruithe chuig na cás-oibríthe sinsearach tar éis an dráma, rud a léiríonn an tábhacht a bhí leis an dráma maidir le cur le feasacht na foirne.

Áirítear ar thionscnaimh chúraim leanaí agus teaghlach in 2008:


- Treoirínte náisiúnta caighdeánaithe ar phleanáil chúraim, arna gcomhaontú agus arna gcur i bhfeidhm tar éis pléití leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (UFCS).
- Ag teacht leis an *Acht um Fhianaise Choiriúil 1992*, tá comh-phrótacal náisiúnta comhaontaithe leis an nGarda Síochána chun agallaimh a chur ar leanaí. Tá oiliúint faighte ag seisiúr ball foirne anois.
- Bunaíodh ocht bhfoireann phiólótach chun an Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga a chur i bhfeidhm.
- Cuireadh caighdeánú ar phróisis chúraim i bhfeidhm maidir le seirbhísí réamh-scoile, seirbhísí uchtaíocha, seirbhísí eolais agus seirbhísí cúraim malartaigh.
- Feachtas earcaíochta náisiúnta d'oibríthe sóisialta le cáilíochtaí gairmiúla.
- Cuireadh tús leis an tionscadal faisnéise cúraim leanaí náisiúnta chun cineál agus caighdeán na sonraí maidir le seirbhísí cúraim leanaí a fheabhsú.

## Daoine Scothaosta

Féadfaidh seirbhísí do dhaoine scothaosta neamhspleáchas agus caighdeán saoil do dhaoine scothaosta a chinntiú trí iad a choimeád ina dtithe féin chomh fada agus is féidir. Chomh maith le spriocanna d'uaireanta cúnaimh bhaile a shárú faoi 5% faoi dheireadh 2008, bhí an FSS ag cur 8,990 pacáiste cúnaimh bhaile ar fáil (d'altranais sláinte poiblí, cúnaimh baile, fisiteiripe, srl.) agus bhain thart ar 11,987 duine leas as sin in 2008 (400 duine níos mó ná in 2007). I rith 2008, cuireadh 280,514 uair an chloig cúnaimh bhaile breise ar fáil (áirítear ar an iomlán na huairí sin a cuireadh ar fáil trí Phacáistí Cúraim Bhaile). Cuireadh poist phobail bhreise ar bun chun tacú leis an ardú sin ar sholáthar seirbhísí mar chuid den mhaoiniú forbartha a cuireadh ar fáil in 2008.

	2006	2007	2008	% athrú 2006-2008
Líon na n-uaireanta cúnaimh bhaile	11,430,570	12,351,088	12,631,602	+11%
Líon na gcliant a fuair uaireanta cúnaimh bhaile ag deireadh na bliana	49,578	54,736	55,366	+12%
Líon na gcliant a fuair pacáistí cúnaimh bhaile ag deireadh na bliana	5,283	8,035	8,990	+70%

## Líon na gcliant ag fáil Uaireanta Cúnaimh Bhaile agus Pacáistí Cúnaimh Bhaile, 2006, 2007 agus 2008



Ar feitheamh achtú na reachtaíochta ag an Rialtas, rinneadh dul chun cinn suntasach ar ullmhúchán do chur i bhfeidhm na *Scéime Tacaíochta Cúraim Tí Altranais – ‘A Fair Deal’*, lena áiríodh forbairt próisis mheasúnaithe caighdeánaithe.

Leanadh leis an obair maidir le haisíocaíocht muirear do chúram fadtéarmach, mar atá leagtha amach san *Acht (Scéim Aisíocaíochta) Sláinte 2006*. Ba 34,784 an líon iomlán iarratas a fuarthas amhail an 31 Nollaig. Ba 19,281 an líon tairiscintí a eisíodh suas le deireadh 2008 agus ba 12,937 an líon iomlán diúltú a eisíodh don tréimhse chéanna. Amhail dheireadh na bliana, tá 93% de na hiarratais próiseáilte.

Áirítear ar thionscnaimh eile atá brúite chun cinn:

- **Cur le toilleadh leapacha** – Faoin Tionscnamh Poiblí Fast Track Bed, bhí 306 leaba oscailte amhail dheireadh na bliana. Bhí 157 leaba de chuid Aonad Altranais Phobail (AAP) ar fáil i rith 2008, agus bhí 10 AAP eile faoi thógáil nó le tógáil le linn na bliana, rud a chuirfidh 340 leaba ar fáil ar deireadh. Ceannaíodh 200 leaba ar chonradh i dtithe altranais phríobháideacha go luath in 2008. Ceadaíonn sin do dhaoine scothaosta rochtain a fháil ar chúram cónaitheach.
- **Tacú le hothair a bhfuil néaltrú orthu** – d’oscail Aonad Néaltraithe nua ocht leaba ag Ospidéal Naomh Uinseann, Móinteach Míllic, Co. Laoise i mí na Samhna 2008. Cuireann an t-aonad saintógtha seo, ar bhain costas €1.079 milliún leis, an leibhéal cúraim ardchaighdeán is airde d’othair a bhfuil néaltrú orthu ó cheantar Laoise/Uíbh Fhailí, lena n-áirítear daoine faoi bhun 65 bliain d’aois. Laghdaíonn an t-aonad an gá le daoine a bhfuil néaltrú orthu a ghlacadh isteach

## Ag díriú ar...

Bunaíodh Clár Idirthréimhseach do dhaoine óga faoi mhíchumais shuntasacha in 2008 idir an FSS agus an Clinic Lárnach Íocshláinteach, ag cuimsiú an trí cheantar OSA i mBaile Átha Cliath/san Oirthuaisceart. Is clár nua trí bliana é seo a forbraíodh go sonrach do lucht fágála scoile óg a bhfuil riachtanais tacaíochta ardleibhéil acu, agus nach gcomhlíonann na critéir, go fóill, d’oiliúint athshlánúcháin agus nach bhfuil an clár seirbhísí lae do dhaoine fásta oiriúnach dóibh. Díróinn an clár ar scileanna an duine aonair a fhorbairt i dtreo tuilleadh neamhspleáchais. Tá ceathrar daoine óga le riachtanais arda rannpháirteach ann agus déanfar athbhreithniú ar an gclár le linn na tréimhse trí bliana.

Bunaíodh Feidhmeannas Úsáideoirí na Seirbhíse Náisiúnta (FÚSN) le faisnéis a thabhairt don tseirbhís sláinte agus don Meabhair-Shláinte ar shaincheisteanna a bhaineann le baint agus rannpháirtíocht an úsáideora i ndáil le pleanáil, seachadadh, monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí. Sheol siad a láithreán gréasáin idirghníomhach [www.nsue.ie](http://www.nsue.ie) ag deireadh na bliana.

Fuair breis agus 60 altra sa Longfort, san Iarmhí, i Laois agus in Uíbh Fhailí oideachais agus pacáiste uirlisí measúnaithe lena chur ar a gcumas na scileanna riachtanacha a fháil chun measúnú cuimsitheach agus uilíoch a sheachadadh d’fhonn cúram foriomlán

d’úsáideoirí seirbhísí meabhairshláinte a fheabhsú trí chur chuige leanúnach agus caighdeánaithe.



I mí na Samhna sheolamar treoir faisnéise dar teideal **The Journey Together** do theaghlach agus do chairde a thacaíonn le daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.

in ospidéal géarmhíochaine, mar go gcuirtear cúram speisialaithe ar fáil. Cabhraíonn an t-aonad le teaghlach tacú lena ndaoine muinteartha sa bhaile freisin, nuair is féidir sin, chomh maith le comhairle, tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil maidir le cúram a thabhairt do dhuine a bhfuil néaltrú air/uirthi.

- **Mí-Úsáid Daoine Scothaosta** – Cuireadh tús le feachtas feasachta poiblí ar Mhí-Úsáid Daoine Scothaosta i mí na Samhna, arna tacú le bileoga eolais agus rannóg

thiomanta ar láithreán gréasáin an FSS. Scaipeadh an doiciméad polasaí *Freagra a Thabhairt ar Líomhaintí faoi Mhí-Úsáid Daoine Scothaosta* agus DVD, *Mí-Úsáid Daoine Scothaosta i Suíomhanna Cúraim Chónaitheach a Aithint agus Freagra a Thabhairt Orthu*. D'oscail Ionad Taighde Náisiúnta do Dhaoine Scothaosta a Chosaint i gColáiste na hOllscoile i mí Dheireadh Fómhair 2008.

- **An tSamhail Teaghlach a leathnú** – In 2008, mhol an Sainghrúpa Comhairligh ar Dhaoine Scothaosta go nglacfaí leis an tSamhail Teaghlach de chúram cónaitheach. Éilíonn sin aththreoraíocht ar chúram cónaitheach ón tsamhail institiúide traidisiúnta go dtí ceann dírithe níos mó ar dhaoine ina mbíonn baint níos gníomhaí ag daoine faoin tsáil a chuirtear a gcuid cúraim ar fáil. Cuireadh oiliúint ar chuid den fhoireann in 2008 agus tá an tsamhail á cur i bhfeidhm ag roinnt aonad i gCorcaigh agus sa Lú.

## Cúram Maolaitheach

Is éard is aidhm le seirbhísí maolaitheacha an caighdeán saoil is fearr is féidir a bhaint amach dár n-othair agus dá dteaghlach nuair nach ndéanann cóireáil aon mhaith dá ngalar níos mó. Baintear é sin amach trí chosc agus faoiseamh a chur ar fhulaingt trí phian agus fadhbanna eile a aithint go luath, agus trí mheasúnú agus cóireáil a chur orthu.

Déantar pleanáil do sheirbhísí cúraim mhaolaitheach agus cuirtear i bhfeidhm iad i gcomhar le heagraíochtaí deonacha. Ba 2,702 an líon othar a bhain úsáid as seirbhísí cúraim mhaolaitheach bhaile gach mí i rith 2008 (meánmhéid míosúil).

Sháraigh gníomhaíocht i ngach suíomh in 2008 feidhmíocht na bliana roimhe sin. Cuireadh creat d'fhorbairt seirbhísí cúraim mhaolaitheach amach anseo i gcrích:

- Rinne na Limistéir FSS go léir iniúchadh cothrom le dáta ar sholáthar seirbhísí in aghaidh mholtaí Thuarascáil an Ghrúpa Comhairleach (2001), i gcomhar leis na Coistí Forbartha Ceantair do Chúram Maolaitheach.
- Ceapadh sraith tosaíochtaí maidir le aghaidh a thabhairt ar easnaimh i soláthar seirbhísí.
- Rinneadh comhchomhairle le geallsealbhóirí seachtracha, i dteannta a n-ionadaíocht ar na Coistí Forbartha Ceantair.
- Aithníodh tosaíochtaí creata náisiúnta d'fhorbairt amach anseo.

Seoladh an tuarascáil *Cúram Maolaitheach do Chách – Cúram Maolaitheach a Chomhtháthú le Creata Bainistíochta Galair* i mí na Nollag. Tugann an tuarascáil sin aghaidh ar sholáthar seirbhísí maolaitheacha do riochtaí neamh-urhcóideacha.

## Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

Cuirtear seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais ar fáil i raon suíomhanna pobail agus cónaitheacha i gcomhpháirtíocht le húsáideoirí seirbhísí, a dteaghlach agus a gcúramóirí agus le raon grúpaí reachtúla, neamh-reachtúla, deonacha agus pobail.

I gcomhpháirtíocht le soláthóirí seirbhísí, forbraíodh doiciméid treoracha a léirigh an leibhéal cúraim ar chóir d'ionaid chónaitheacha do dhaoine faoi mhíchumais dul sa tóir orthu. Ghlac rogha ionadaíoch de sheirbhísí cónaitheacha páirt i bhféin-iniúchadh ar chomhlíonadh ansin, rud a léirigh go mbainfeadh na hionaid comhlíonadh amach taobh istigh de na trí bliana amach romhainn. Tugadh faoi athbhreithniú ar sheirbhísí lae do dhaoine fásta, obair dhéanach, oiliúint athshlánúcháin agus seirbhísí lae chomh maith.

Mar seo a leanas na seirbhísí breise cónaitheacha, faoisimh, lae agus cúnaimh phearsanta a forbraíodh faoi na clár Infheistíochta:

- 186 áit chónaitheach nua agus 100 áit chónaitheach feabhsaithe
- 436 áit lae nua agus 33 áit lae feabhsaithe
- 49 áit faoisimh nua agus naoi n-áit faoisimh feabhsaithe.

	2006	2007	2008	% athrú 2006-2008
Líon na leanaí a fhaighean Liúntas Cúraim Baile (meánmhéid míosúil)	18,999	21,068	23,092	+22%

## Cuid 2 An tAcht um Míchumas (2005)

I rith 2008 leanamar orainn ag brú forbairtí chun cinn d'fhonn ár n-oibleagáidí faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas (2005) a chomhlíonadh, i ndáil le leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois. Fuarthas líon iomlán de 2,535 iarratas lena meas agus cuireadh 1,562 díobh i gcrích faoi dheireadh mhí na Nollag. Cuireadh oiliúint ar sholáthar measúnaithe ar fáil, ag teacht leis an Acht, do chliniceoirí san FSS agus i ngníomhaireachtaí deonacha i dtuairim agus 40 ionad. Earcaíodh breis teiripeoirí urlabhra agus teanga, teiripeoirí saothair, fisiteiripeoirí, siceolaithe agus oibríthe sóisialta chun cur leis na seirbhísí tacaíochta ildisciplíneacha a bhí ann cheana, agus le seirbhísí do leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois ach go háirithe. Athraíodh ar sheirbhísí idirghabhála Oifig Sláinte Áitiúil (OSA) na Gaillimhe isteach ina bhfoirne luathidirghabhála nua a sholáthróidh measúnú agus idirghabhálacha leanúnacha go dtí gach leanbh faoi mhíchumas. Earcaíodh bainisteoirí cásanna chuig na 32 OSanna go léir chun tacú leis an bpróiseas measúnaithe.

Amhail dheireadh mhí na Nollag 2008:

- Fuarthas 2,535 iarratas ar mheasúnú.
- Cuireadh tús le 2,333 measúnú de réir rialaithe.

- Cuireadh tús le 1,766 laistigh den amlíne (laistigh de thrí mhí ó fuarthas an t-iarratas comhlónaithe).
- Cuireadh 1,380 i gcrích laistigh den amlíne.
- Cuireadh 1,178 ráiteas seirbhíse i gcrích.
- Cuireadh 947 ráiteas seirbhíse i gcrích laistigh den amlíne (laistigh den mhí amháin ón dáta a sheoltar an measúnú chuig an t-oifigeach idirchaidrimh).

Tá faisnéis faoi na teidlíochtaí faoin Acht ar fáil ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie) i bhformáid atá éasca le léamh, i dteangacha éagsúla agus i bhformáid fuaimre.

### Meabhairshláinte

Cuirtear seirbhísí meabhairshláinte ar fáil sa phobal agus i suíomhanna géarmhíochaine. Leanamar orainn in 2008 le moltaí ár straitéise náisiúnta, *Fís don Athrú*, a bhrú chun cinn. Tugadh Plean Gnímh 2009-2013 chun críche agus dhírigh sé ar na rudáí seo a leanas:

- **Infrastruchtúr meabhairshláinte a nuachóiriú** – leanadh leis an obair ar riachtanais infrastruchtúir a aithint, m.sh. aonad ocht leapacha do leanaí agus d’ógánaigh in Ospidéal Naomh Stiofáin, Gleann Maghair, Corcaigh curtha i gcrích agus aonad sé leaba othar cónaitheach d’ógánaigh curtha i gcrích ag Ospidéal Naomh Unseann, Baile Átha Cliath. Tá an dá cheann sin le hoscailt go luath in 2009.
- **Foirme Meabhairshláinte Pobail (FMPanna)** – Tosaíodh ag athchóiriú roinnt FMPanna eile in 2008 le hacmhainní a bhí ann cheana féin. Cuirfidh an obair i gcrích go luath in 2009.
- **Sainmhínte ar Cheantair Áitiúla** – Tugadh faoi obair shuntasach i ngach ceantar chun FCPanna agus Líonraí Cúraim Sláinte agus Shóisialta a ailíniú le seirbhísí meabhairshláinte.

Déantar dlúthchaidrimh oibre leis an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc a chothabháil. Léiríonn rátaí glactha isteach meabhairshláinte den chéad uair in aghaidh an 100,000 (27.4) duine agus rátaí ath-ghlactha isteach (68.3) laghdú beag i gcomparáid leis na rátaí do 2007. Tugann sin le tuiscint go bhfuiltear ag gluaiseacht go dearfach i dtreo ár gcuspóir de sholáthar cúraim laistigh de phobail a mhéadú agus an riachtanas dul isteach san ospidéal a laghdú.

Ag deireadh 2008, bhí 47 Foireann Mheabhairshláinte do Leanaí agus d’Ógánaigh (FMLÓ), a sholáthraíonn tacaíocht mheabhairshláinte ildisciplíneach, phobal-bhunaithe do dhaoine faoi bhun 18 bliain d’aois, ar bun. Le linn 2008 áiríodh na tionscnaimh seo a leanas ar thuilleadh othar cónaitheach maidir leis na seirbhísí sin:

- Tá ceithre leaba breise ag Naomh Anna, Gaillimh feidhmiúil anois ar bhonn riachtanas.
- Bronnadh cead pleanála d’aonad nua 20 leaba i nGaillimh.

- Cuireadh tús le hobair ar aonad 20 leaba ag Bessboro, Corcaigh, atá le bheith críochnaithe ag deireadh 2009. Mar bheart eastramhach, coimisiúnaíodh ocht leaba in Ospidéal Naomh Stiofáin, Gleann Maghair.
- Tugadh aonad sé leaba d’ógánaigh chun críche ag Naomh Unseann, Fionnradharc, Baile Átha Cliath.

Mar fhreagra ar éileamh, osclaíodh cúig leaba breise i mí na Nollag ag an Ospidéal Lárnach Mearbhaill agus earcaíodh 12 ball foirne breise.

### Uilechuimsitheacht Shóisialta

Is é aidhm na seirbhísí sóisialta an rochtain ar sheirbhísí sláinte príomhshrutha a fheabhsú, neamhchothromachtaí ó thaobh sláinte a laghdú agus cur le rannpháirtíocht agus baint na ngrúpaí atá eisithe go sóisialta agus na bpobal áitiúil maidir le pleanáil, leagan amach, seachadadh, monatóireacht agus meastóireacht sheirbhísí sláinte. Áirítear ar fhorbairtí a rinneadh in 2008:

- **Mionlaigh Eitneacha** – grúpa comhairleach a bunaíodh chun treoir agus maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí na Straitéise Náisiúnta Sláinte Idirchultúrtha. Áiríodh orthu sin forbairt “Bhosca Cabhrach” ilteangach chun bacainní teangan a sháru, treoir idirchultúrtha don fhoireann chun cabhrú leo déileáil le creidiúintí creidimh agus cultúrtha mhionlaigh eitneacha agus réimse aitheantóra eitneacha i dtaifid na n-othar in Ospidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill agus in Ospidéal an Rotunda, Baile Átha Cliath. Rinneadh dul chun cinn maith ar obair ar an aitheantóir i roinnt ospidéal eile agus cuirfeadh sin san áireamh ina bpríomhthacair sonraí i rith 2009.
- **Clár Athlonnaíochta Dídeanaithe na hÉireann** – Tá Éire ar cheann de na 22 tír ar fud na cruinne atá rannpháirteach sa Chlár Athlonnaíochta de chuid Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe. In 2008, d’ardaigh an Rialtas an líon daoine a nglactar leo go bliantúil ó 10 cás go dtí 200 duine. Áirítear ar an gcuóta sin baill an neasteaghaigh agus tuismitheoirí cleithiúnaigh. Bhí ról lárnach againn maidir le seirbhís chuimsitheach sláinte agus folláine a sheachadadh do dhídeanaithe.
- **Seirbhísí do Dhaoine Fásta gan Dídean** – foilsíodh *‘The Way Home – A Strategy to Address Adult Homelessness in Ireland 2008-2013’* i mí Lúnasa.
- **Sláinte an Lucht Siúil** – Beidh *Staidéar Uile-Éireann ar Shláinte an Lucht Siúil*, a tosaíodh i mí Dheireadh Fómhair, mar fhaisnéis ar pleanáil seirbhísí amach anseo. Déanfaidh an staidéar anailís ar chohóirt bhreithe, ghairacht agus básmhaireacht mhuintir an Lucht Siúil.

## Ag díriú ar...

*Faoin gclár CLÁR, cuireadh €99,000 ar fáil do Conna Community Council Housing for Elderly Ltd. i gCnoc Múirne, Co. Chorcaí leis an Ionad Cúraim Lae nua a fhorbairt chun cóireáil a dhéanamh do thuilleadh seirbhísí cúraim sláinte do dhaoine níos sine.*

*Tionóladh maidin faisnéise dar teideal 'Meet the Midwife' do mhná gur daoine den Lucht Siúil iad ag Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo i mí Bealtaine. Ba é an Roinn Altranais Sláinte Poiblí, an Rannán Máithreachais in Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo, agus an Tionscadal Cúraim Sláinte Príomhúil de chuid Grúpa Tacaíochta Mhaigh Eo don Lucht Siúil i mBéal an Átha a d'eagraigh an seisiún faisnéise seo. Chuir an mhaidin deis ar fáil do mhná den Lucht Siúil bualadh leis an bhfoireann i seirbhísí máithreachais san ospidéal, agus ceisteanna a phlé, mar shampla chúram sláinte le linn toirchis, ranganna réamhbhreithe agus tacaíocht le cothú cíche.*

*Foilsíodh an Straitéis do Dhaoine gan Dídean "The Way Home – A Strategy to Address Adult Homelessness in Ireland 2008-2013" i mí Lúnasa 2008.*

*Tá Binsemharc Náisiúnta ar Cháilíocht & ar Chaighdeán (QUADS) bunaithe chun measúnú a dhéanamh ar na hionaid chónaitheacha cóireála agus athshlánúcháin andúile ar fad.*

- **RAPID** – Leithdháileadh €4.6m ar fad ar 120 tionscadal ar feadh 32 ceantar RAPID. Fuair gach tionscadal €100,000 le díriú ar sheirbhísí do dhaoine 65 bliain d'aois agus níos sine, a bhfuil cónaí orthu i gceantair uirbeacha faoi mhíbhuntáiste. Roinntear an maoiniú go cothrom idir an FSS agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.
- **CLÁR** – Ceadaíodh líon iomlán de 31 tionscadal CLÁR in 2008 agus bhain costas iomlán €9 milliún leo. Thug an FSS maoiniú €6m agus thug an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta €3m. Dhírigh na tionscadail ar ionaid sláinte, seirbhísí lae agus soláthar iompair a athchóiriú agus a fheabhsú, i bpobail áitiúla i gceantair tuaithe.
- **Seirbhísí Andúile** – Tháinig méadú suntasach ar sholáthar cóireála meatadóin in 2008, le ardú 453 ar an líon cliant a fuair meatadón, méadú ó 9,760 in 2007 go dtí 10,213 in 2008. Sáraíonn sin go mór an sprioc a leagadh amach don FSS sa *Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008* faoi 6,500 áit. Tháinig ardú ar an líon dochtúirí teaghlaigh a thugann oidis meatadóin ó 247 in 2007 go dtí 274 in 2008, agus tháinig ardú ar an líon cógaiseoirí pobail a thugann meatadón amach ó 427 in 2007 go dtí 496 in 2008.

- **An Tuarascáil Athshlánúcháin ó Dhrugaí** – Bunaíodh an Coiste Náisiúnta ar Athshlánúchán Drugaí agus ceapadh comhordaitheoir drugaí sinsearach náisiúnta.
- **Seirbhísí do Dhaoine Fásta gan Dídean** – Cuireadh ciste ioncaim os cionn €34m ar fáil lena chinntiú gur osclaíodh tionscadail arna maoiniú ó fhorbairtí caipitil laistigh den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in 2008.

## Seirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine

Soláthraíonn ár 50 ospidéal géarmhíochaine, atá eagraithe ina n-ocht nGrúpa Ospidéil, raon cuimsitheach seirbhísí measúnaithe, diagnóise, cóireála agus athshlánúcháin go háitiúil, go réigiúnach nó go náisiúnta.

### Athbhreithniú a dhéanamh ar ár Seirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine

Aithníodh gá le hatheagrú a dhéanamh ar sheirbhísí ospidéil agus is príomhchuspóir dár bPlean Corparáideach é. Is é an treocht idirnáisiúnta atá ann a chinntiú go bhfreastalaíonn ospidéil ghéarmhíochaine ar íosmhéid áirithe de dhaonraí áitiúla d'fhonn an speictream cúraim ghéarmhíochaine a theastaíonn chun déileáil le hothair éigeandála agus a bhfuil géarthinnis orthu a chur ar fáil. Caithfidh ospidéil agus Seirbhísí Pobail oibriú le chéile ar shlí chomhordaithe.

Tacaíonn faisnéis agus athbhreithnithe seirbhíse oibiachtúla le cinntiú maidir le hoibriú agus leagan amach seirbhísí. Tá na hathbhreithnithe sin mar chuid rithábachtach den phleanáil do Sheirbhísí Inmharthana amach anseo, ag binsemharcáil seirbhísí atá ann cheana féin in aghaidh sárchleachtas idirnáisiúnta, agus ag déanamh moltaí ar an tslí ar chóir dúinn ár seirbhísí a eagrú, agus aird a thabhairt ar chleachtas cliniciúil, ar threochtaí cliniciúla agus ar theicneolaíocht atá ag teacht chun cinn. Rinneadh roinnt athbhreithnithe in 2008, lena n-áirítear:

- **Cúram Criticiúil Péidiatraiceach** – le comhairle a thabhairt ar na riachtanais práinneacha láithreacha is gá leo agus ar fhorbairt saoráidí agus seirbhísí cúraim chriticiúil péidiatraiceach in Ospidéal Leanaí Bhaile Átha Cliath sula gcuirfean an tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach i gcrích.
- **Seirbhísí Máithreachais i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath** – athbhreithniú neamhspleách ar sholáthar sheirbhísí cúraim máithreachais agus ghíniceolaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, chun breithniú a dhéanamh ar an leagan amach is fearr ó thaobh seirbhísí ospidéil, príomhúla, agus seirbhísí máithreachais agus gíniceolaíochta pobail.



- **Néar-Mháinliacht Péidiatraiceach** – chun breithniú a dhéanamh ar leagan amach na seirbhíse mar a sheachadaítear í laistigh den struchtúr reatha san ospidéal, sula dtósaí ar sholáthar na máinliachta go léir a bheidh ann ar deireadh san Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach.
- **Cúram Criticiúil do Dhaoine Fásta** – athbheithniú ar sheirbhísí cúraim chriticiúil do dhaoine fásta in Éirinn.
- **Seirbhísí in FSS sa Mheán-Iarthar** – chun scrúdú a dhéanamh ar an leagan amach is fearr do Sheirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine, do sheirbhísí cúraim phríomhúil, phobail agus leanúnach agus do thacaíochtaí/do bhaill foirne gaolmhara don Mheán-Iarthar.
- **Seirbhísí in FSS sa Deisceart** – athbheithniú ar sheirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine i gCorcaigh agus i gCiarraí, le súil agus géarchúram sláinte a laghdóidh an baol d’othair agus a bheidh ag teacht le sárchleachtas idirnáisiúnta agus polasaí náisiúnta a fhorbairt. Tá sin leathnaithe chun seirbhísí cúraim phríomhúil, phobail agus leanúnach a chur san áireamh.

### Gníomhaíocht maidir le Seirbhísí Géarmhíochaine

Thug an Plean Seirbhíse Náisiúnta 2008 imlíne ar ár gcuspóir straitéiseach maidir leis an gcothromas gníomhaíochta a athrú go dtí níos mó gnáthamh cásanna lae a sheachadadh fad a laghdófaí an cóimheas gníomhaíochta d’othair cónaitheacha le gnáthaimh cásanna lae.

Tugann taighde le tuiscint gur fearr le go leor othar cóireáil a bheith curtha ar fáil ar bhonn cásanna lae, agus mar sin gan a bheith orthu fanacht san ospidéal. Chuireamar 8% níos mó gníomhaíochta cásanna lae ar fáil in 2008 ná mar a chuireamar ar fáil in 2007, rud a d’fhág go raibh ar 1.6% níos lú othar fanacht san ospidéal dá gcuid gnáthamh. Sa bhreis air sin, bíonn cóireáil cásanna lae níos éifeachtaí ó thaobh costais. Mar shampla, is é €5,300 meánchostas othar a ghlacadh isteach mar othar cónaitheach in ospidéal mór, i gcomparáid le costas €670 ar chás lae.

Tríd is tríd, tá líon iomlán de 36,000 níos mó cóireálacha ospidéil, idir chinn chónaitheacha agus chásanna lae, curtha ar fáil againn i gcomparáid le 2007.

### Athbheithnithe ar Thoilleadh agus ar Úsáid Leapacha Géarmhíochaine

Lean torthaí na nAthbheithnithe Náisiúnta ar Thoilleadh agus ar Úsáid Leapacha Géarmhíochaine 2007/2009 de bheith mar fhaisnéis d’fheabhsúcháin éifeachtúlachta a cuireadh i bhfeidhm ar feadh an dara leath de 2008. Rinneadh an dara Athbheithniú Náisiúnta ar Úsáid Leapacha in 36 ospidéal agus tá sé á úsáid mar bhinsemar in aghaidh an tsuirbhé a rinneadh in 2007. Bunaithe ar an bhfaisnéis ó na léirmheasanna, tá béim á cur ar sheirbhísí a athdhírú ar ghníomhaíocht cásanna lae, ar mheánthréimhsí fanachta a laghdú trí phleanáil scaoileadh abhaile a fheabhsú, agus trí thionscnaimh eile mar chlinic réamh-mheasúnaithe máinliachta.

### An Conradh nua do Chomhairligh

Thug an Conradh nua do Chomhairligh, a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana, raon athchóirithe isteach atá chun leasa othar, a chabhraíonn le seirbhís arna soláthar ag comhairligh a fhorbairt, agus a chinntíonn go bhfaightear an luach is mó is féidir ar airgead ón infheistíocht sna poist chomhairligh atá ann cheana féin agus sna cinn nua. Tá tuilleadh eolais faoin gconradh le fáil ar leathanach 45.

### An tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach Nua

Tá a cheanncheathrú, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, bunaithe ag an mBord Forbartha don Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach Nua. Bhrú an Bord ceapachán príomhoifigigh, oifigigh airgeadais agus stiúrthóra liachta chun cinn i rith na bliana. Cheap siad Foireann Seirbhíse Gnó i mí Iúil chun tosú ar an treoir dearaidh agus le ról lárnach a imirt maidir le cur i bhfeidhm phleananna an Bhoird. Tugadh aistriú úinéireachta an láithreáin ainmnithe don ospidéal nua chuig an FSS chun críche.

	2005	2006	2007	2008	% athrú 2005-2008
Scaoileadh abhaile othar cónaitheach	575,476	592,253	614,196	604,239	+5%
Cás lae	512,034	558,813	590,672	637,138	+24%
Freastal ar an Roinn Othar Seachtrach	2,601,950	2,878,260	3,025,300	3,271,665	+26%
Freastal ar RÉ	1,099,139	1,111,938	1,149,103	1,154,004	+5%
Breitheanna	58,489	62,740	70,077	73,815	+26%



An Dr. Michael Geary, Máistir an Rotunda; Ann Doherty, Stiúthóir Náisiúnta Oifig na nOspidéal Náisiúnta, FSS agus an Dr. Mairead Varley ón Aonad Luath-Thoirchis ag oscailt an Aonaid Luath-Thoirchis ag Ospidéal an Rotunda.

## Buaicphointí Grúpa Ospidéal

### FSS an Deiscirt

#### Grúpa Ospidéal an Deiscirt

- Tá 24 ceann de na 35 bá san Aonad Gnáthamh Lae nua de chuid Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH) i bhfeidhm. Tosaíodh ag déanamh measúnú roimh ghlacadh isteach do gach cás máinliachta lae.
- Osclaíodh an Roinn Éigeandála (RÉ) at Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh, ar bhonn céimnithe i mí na Nollag.
- Foireann riachtanach a earcú chun oscailt obrádlann gíneolaíochta Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Corcaigh (CUMH), go luath in 2009, a éascú.

- I mí Feabhra, rinne dochtúirí ag CUH an chéad ghnáthamh corntha (gnáthamh chun cóireáil a chur ar fhuiliú san inchinn) taobh amuigh d'Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath, an tIonad Náisiúnta Néareolaíochtaí d'Éirinn.
- I mí Dheireadh Fómhair, tugadh creidiúnú don chéad Ard-Chleachtóir Altra (ACA) san altranais calaireicteach in CUH. Ba é sin an chéad uair a fuarthas creidiúnú sa speisialtóireacht sin i ngairm an altranais in Éirinn.

#### Grúpa Ospidéal an Oirdheiscirt

- Bunaíodh seirbhís cataitéaraithe chairdiach réigiúnach ag Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge i mí Bealtaine.
- Chuaigh an tAonad Géarstróc in Ospidéal Naomh Luke, Cill Cheannaigh, i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair.
- Bunaíodh Réimse Stróc tiomanta laistigh den Roinn Mhíochaine ag Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas.

### Ospidéal FSS an Deiscirt

#### Grúpa Ospidéal an Oirdheiscirt

- Ospidéal Ortaipéideach Lourdes, Cill Críne, Cill Cheannaigh
- Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas, Cluain Meala
- Ospidéal Ginearálta Naomh Luke, Cill Cheannaigh
- Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge, Ard Caoin
- Ospidéal Ginearálta Loch Garman

#### Grúpa Ospidéal an Deiscirt

- Ospidéal Ginearálta Bheantraí
- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh
- Ospidéal Ginearálta Chiarraí
- Ospidéal Ginearálta Mhala
- Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh
- an Otharlann Theas – Ospidéal Victoria, Corcaigh
- Ospidéal Ortaipéideach Naomh Mhuire, Garrán na mBráthar, Corcaigh



An Dr. Paul Oslizlok, Uachtarán Chomhlachas Chomhairleoirí Ospidéal na hÉireann agus Cairdeolaí Comhairleach, Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite, Cromghlinn, ag síniú na Conartha Comhairligh nua 2008 leis an Ollamh Brendan Drumm, POF an FSS.

## FSS an Iarthair

### Grúpa Ospidéal an Iarthair

- Osclaíodh Aonad Seirbhíse do Shiomptóim Chíche ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh (UCHG) i mí an Mheithimh 2008, ag cur cóiríocht agus saoráidí nua-fhorbartha don tseirbhís sin ar fáil.
- Tharla an t-aistriú rathúil de sheirbhísí máinliachta ailse chíche ó Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo chuig UCHG i mí na Samhna 2008. Téann altraspeisialtóir clinice (ASC) ó Mhaigh Eo go Gaillimh lá amháin in aghaidh na seachtaine anois le bheith ag obair mar chuid den fhoireann ildisciplíneach.
- Thosaigh máinliacht bhairiatraiceach ag UCHG in 2008 mar chuid den tseirbhís otrachta, agus rinneadh 15 obrád bandála gastráí in 2008.

- D'oscail Aonad Measúnaithe Géarmhíochaine a forbraíodh ag Ospidéal Ginearálta Shligigh chun feabhas a chur ar rochtain d'othair, i mí Iúil 2008.
- Thosaigh néareolaí comhairleach ag obair in Ospidéal Ginearálta Shligigh i mí Eanáir 2008.

### Grúpa Ospidéal an Mheán-Iarthair

- Thosaigh néareolaí comhairleach ag obair in Ospidéal Réigiúnach Luimnigh i mí Eanáir.
- Fuarthas cead pleanála d'Aonad Scagdhealaithe Duánaigh Satailíte Luimnigh i mí an Mheithimh 2008 agus tá coimisiúnú an aonaid sceidealaithe le haghaidh go luath in 2009.
- Fuair an tSaotharlann Fuilaithe ag Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Luimneach stádas Creidiúnaithe INAB ISO/IEC 15189:2007 i mí na Nollag 2008.

## Ospidéal FSS an Iarthair

### Grúpa Ospidéal an Iarthair

- Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn
- Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh
- Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe
- Ospidéal Chontae Ros Comáin
- Ospidéal Ginearálta Shligigh
- Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh
- Ospidéal Réigiúnach Pháirc Merlin, Gaillimh

### Grúpa Ospidéal an Mheán-Iarthair

- Ospidéal Ginearálta Inis
- Ospidéal Ginearálta an Aonaigh
- Ospidéal Réigiúnach, (Thuar an Daill) Luimneach
- Ospidéal Máithreachais Réigiúnach (Luimneach)
- Ospidéal Ortaipéideach Réigiúnach (Cromadh)
- Ospidéal Naomh Sheáin, Luimneach

## FSS Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath

### Grúpa Ospidéal an Oirthuaiscirt

- Leanadh ar aghaidh le pleanáil tionscadail mhionsonraithe do Chlár Aistrithe an Oirthuaiscirt le linn 2008. Tugadh an Dréacht-Phlean Mionsonraithe Eatramhach chun críche i mí Aibreáin. Dhírigh an Tuarascáil Eatramhach sin ar na príomh-athruithe seirbhíse i gceantair an Chabháin/ Mhuineacháin agus ar chuid de na hathruithe tosaigh i gceantar Lú/na Mí. Áiríodh ar fhorbairtí chun clár Aistrithe an Oirthuaiscirt a bhrú chun cinn iad seo a leanas:
  - D'oscail Aonad Measúnaithe Míochaine eatramhach in Ospidéal Mhuire, an Uaimh i mí na Nollag 2008.
  - D'oscail Tolglann Cruinnbhealaigh ag Ospidéal Mhuire Lourdes (OML), Droichead Átha, i mí na Nollag 2008.
  - D'oscail foirgneamh oinceolaíochta nua ag Ospidéal OML, Droichead Átha, i mí Iúil 2008.
  - D'oscail obrádlanna modúlacha nua ag Ospidéal Chontae Lú, Dún Dealgain i mí Lúnasa 2008.
  - Cuireadh seirbhís scanóra CT cúig-lá ar bun ag Ospidéal Chontae Lú, Dún Dealgain.
  - Fuair an tsaotharlann Ospidéal Ginearálta an Chabháin creidiúnú iomlán ó Chreidiúnú Paiteolaíochta Cliniciúil (an Ríocht Aontaithe) i mí na Nollag 2008.

### Grúpa Ospidéal Thuaisceart Bhaile Átha Cliath

- Chuaigh an dara Scanóir MRI i bhfeidhm in Ospidéal Beaumont.
- Cuireadh tús le néar-mháinliacht péidiatraiceach a aistriú chuig Ospidéal Ollscoile na Leanaí.
- Coimisiúnaíodh Aonad Leithlisithe Baictéarach in Ospidéal an Mater.
- Aonad Luath-Thoirchis nua ag Ospidéal an Rotunda.
- Cuireadh áit fáiltithe d'othair i gcrích in Ospidéal an Rotunda.
- Fuair Ospidéal Uí Chonghaile creidiúnú iomlán dá shaotharlann.

## FSS Bhaile Átha Cliath Lár Laighean

### Grúpa Ospidéal Lár Tíre Bhaile Átha Cliath

- Chuaigh Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre nua, an Tulach Mhór, i bhfeidhm ar bhonn céimneach i rith 2008. Ó mhí na Nollag ar aghaidh, tá na seirbhísí cliniciúla go léir, ach amháin seirbhísí saotharlainne, á gcur ar fáil ó ospidéal nua saintógtha ina bhfuil 320 leaba.
- D'oscail an RÉ nua ag an Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise i mí na Nollag 2008. D'éascaigh oscailt an RÉ nua tabhairt isteach córas tríaise faoi cheannas altraí, chun measúnú a dhéanamh ar othair a chuireann iad féin i láthair ag an roinn.
- Pearsanra riachtanach a earcú chun tacú leis an ardú ar bhreitheanna ag Ospidéal an Choim, Baile Átha Cliath.
- Tugadh Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéasacha (SATU) sa Mhuileann gCearr chun críche.
- Cuireadh tús le feachtas earcaíochta náisiúnta agus clár oiliúna do dhochtúirí le cúrsa teastais do dhochtúirí teaghligh i mí Eanáir.

### Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Theas

- Pearsanra riachtanach a earcú chun tacú leis an ardú ar an líon breitheanna ag an Ospidéal Máithreachais Náisiúnta, Baile Átha Cliath.
- Cuireadh tús leis an gcéad chéim d'oibreacha caipitil eatramhacha ag an Ospidéal Máithreachais Náisiúnta.
- Tugadh faoi oibreacha ullmhúcháin don chéad scanóir PET earnála poiblí ag Ospidéal San Séamas.
- Brúdh ceapachán néarfiseolaí comhairleach breise ag Ospidéal San Séamas chun cinn.

## Ospidéil FSS Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath

### Grúpa Ospidéal an Oirthuaiscirt

- Ospidéal Ginearálta an Chabháin
- Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin
- Ospidéal Chontae Lú, Dún Dealgain
- Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha
- Ospidéal Mhuire, an Uaimh

### Grúpa Ospidéal Thuaisceart Bhaile Átha Cliath

- Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Ortaipéadach na Ceapaí, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Blainséir, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath
- Ospidéal an Rotunda, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Ospidéal Shráid an Teampaill

## Cúram Éigeandála Réamh-Ospidéil

Tá ár Seirbhís Otharcharranna Náisiúnta freagrach as cúram éigeandála réamh-ospidéil agus seirbhísí otharcharranna a sholáthar ar fud na tíre. I rith 2008 díriodh go príomha ar an leibhéal éifeachtachta cliniciúil a ardú agus freagra comhtháite a fhorbairt mar chuid de chlár athchóirithe na n-ospidéal géarmhíochaine. Mar chuid den phróiseas sin, cuireadh oiliúint ar ard-pharaimhíochaineoirí breise agus sannadh iad, go háirithe ar cheantair an Oirthuaiscirt agus an Mheán-Iarthair, chun cur le leibhéal seirbhísí cúraim éigeandála réamh-ospidéil a sheachadaítear. I rith 2009, tabharfar seirbhísí cúraim mheánach isteach in áit paraimhíochaineoirí agus feithiclí na seirbhíse éigeandála a úsáid le haghaidh aistrithe idir-ospidéil, scaoilte abhaile agus glaonna eile neamh-éigeandála. Cuirfidh sin ar chumas an fhliú éigeandála agus na foirne éigeandála díriú ar an bpríomh-sheirbhís, is é sin, cúram éigeandála réamh-ospidéil a chur ar fáil, rud atá ag teacht lenár gcuspóirí athchóirithe níos leithne.

	2006	2007	2008	% athrú 2006-2008
Glaonna Éigeandála	197,046	208,039	210,785	+7%
Glaonna Práinneacha	63,196	62,959	61,852	-2%
Glaonna Neamh-Phráinneacha	246,538	209,421	186,680	-24%
Iompar Pobail	398,123	432,053	401,477	+1%

## Ag díriú ar...

*Rinneadh anailís ar chúram éigeandála réamh-ospidéil maidir le roinnt réimsí. Ceadóidh sin d'imscaradh straitéiseach acmhainní chun an leasa is fearr. Go háirithe, cuirfidh na príomhthorthaí feabhas ar amanna freagartha.*

*Forbraíodh meabhráin tuisceana le haghaidh “Cúnamh Frithpháirteach d’Oil-Thimpistí a Sholáthar” agus le haghaidh “Cúnamh maidir le Bainistiú agus Acmhainní Glaonna Éigeandála agus Práinneacha a Sholáthar” i gcomhar le Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann ar chomhoibriú tras-teorann faoi choimirce CAWT (Comhoibriú agus Obair i gComhair). Chomh luath agus a cheadófar iad sin, cuirfidh siad bunús ar fáil d’fhreagra idir-ghníomhaireachta Thuaisceart/Dheisceart pleanáilte, i gcás éigeandála ollmhór.*

*Tá Foirne Feidhmithe Áitiúla ag obair ar feadh na n-earnálacha cúraim phríomhúla agus ghéarmhíochaine ag tabhairt aghaidh ar úsáid leapacha ospidéil. Tá príomh-fheabhsúcháin, a dtugtar aird orthu sa staidéar ar athúsáid leapacha a rinneadh i rith 2008, mar fhaisnéis do na gníomhartha ar leith a bhfuiltear á dtabhairt fúthu laistigh de gach ospidéal.*

*Cuireadh Foireann Tacadóirí Dhaoine Scothaosta Cheatharlach-Chill Cheannaigh ar an ngearrliosta do Ghradaim Nuála Náisiúnta Laistigh den Rialtas 2008. Áirítear ar an tionscnamh foireann agus bainistíocht ó Ospidéal Naomh Luke, Cill Cheannaigh, foireann Sheirbhísí Pobail Cheantar Cheatharlach-Chill Cheannaigh, ionadaithe do dhaoine scothaosta agus ionadaithe ó Age Action Ireland, ó Chumann Alzheimer na hÉireann, ó Chónaidhm na gCumann Gníomhaíochta Lucht Scoir agus ó Bhord Eolais do Shaoránaigh. Is é is aidhm leis an bhfoireann leasa cúraim sláinte dhaoine scothaosta a chur chun cinn d’fhonn seirbhísí a fheabhsú agus lena chinntiú go mbeidh fáil ag daoine scothaosta ar eolas faoi sheirbhísí áitiúla agus faoi pheananna. Tionóladh laethanta eolais ar Dhul in Aois go Sláintiúil, Cosc ar Thitim agus Sláinte na gCnámh, agus ar Fheasacht faoin Lamhnán.*

*In 2008 forbraíodh agus foilsíodh Creat don Chlár Scagtha Náisiúnta do Diaibéiteas Reitineapaiteach. Cuirfear tús leis an gclár seo in FSS an Iarthair in 2009.*

## Ospidéil an FSS Lár Leighean Bhaile Átha Cliath

### Grúpa Ospidéal Lár Tíre Bhaile Átha Cliath

- Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, Tamhlacht, Baile Átha Cliath
- Ospidéal an Choim do Mhná, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Réigiúnach an Longfoirt/na hIarmhí, an Muileann gCearr
- Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise
- Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, an Tulach Mhór
- Ospidéal Ginearálta Nás na Rí
- Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite

### Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Theas

- An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Ríoga Victoria Súl & Cluas, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Cholmcille, Baile Uí Lachnáin, Baile Átha Cliath
- Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Naomh Luke, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Naomh Mhichíl Dún Laoghaire, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Naomh Uinseann, Páirc an Leamháin, Baile Átha Cliath



An tAire Iompair, an tUas. Noel Dempsey TD ag seoladh na Foirne Freagartha Otharchairr Muirí le Paraimhíochaineoirí Otharcharranna Éigeandála (ó chlé go deas): Lawrence Kenna, Willie Howard, Paul Butler, Caolan Ó Cinnéide agus John Byrne.

Leanadh le hathchóiriú a dhéanamh ar Ionaid Ordaithe agus Rialaithe in 2008, agus rinneadh breis laghdaithe ar an líon díobh ó 14 go dtí 11. Leanfaidh an clár ar aghaidh in 2009, agus beidh mar aidhm leis an líon a laghdú go dtí ceithre cinn faoi dheireadh 2010.

### Bainistíocht Éigeandála Idirghníomhaireachta

Tar éis roinnt cleachtaí idir chinn ag an mbord agus bheo a tionóladh i réigiúin ar fud na tíre, an 30 Meán Fómhair d'aistrigh na príomhghníomhaireachtaí freagartha (Ranna an Gharda Síochána, Údaráis Áitiúla agus Ceantair FSS) go léir chuig an bPlean Éigeandála Ollmhór nua atá bunaithe ar chreat idirghníomhaireachta comhaontaithe.

D'fhonn tacú linn freagra tapa agus éifeachtach a thabhairt ar éigeandálaí ollmhóra, tá córas foláirimh agus gníomhachtaithe SMS forbartha d'fhoirne bainistíochta géarchéime réigiúnacha agus náisiúnta. Tá dul chun cinn déanta ar ghlacadh le teimpléid caighdeánacha do phleananna éigeandála ollmhóra ar feadh na heagraíochta.

### Foireann Freagartha Ghardaí Cóstá na hÉireann/Otharchairr Muirí FSS

Bunaíodh Foireann Freagartha Otharcharranna Muirí (FFOM) nua i mí an Mhárta 2008, rud a chuirfidh cúram réamh-ospidéal dea-threallmhaithe cleachta a bheidh leor ann féin ar fáil ag teagmhais muirí ollmhóra ar fud na tíre. Is í sin an chéad fhoireann den chineál sin sa tír. Déanfaidh Garda Cóstá na hÉireann comhordú ar ghníomhaíochtaí an FFOM.

Dúirt Frank McClintock, Ceann Sheirbhís Náisiúnta Otharcharranna an FSS gurbh fhorbairt thar a bheith suntasach do Sheirbhís Náisiúnta Otharcharranna an FSS é sin. Dúirt sé go bhfuil ríméad orthu a bheith ag obair go dlúth lena gcomhghleacaithe sa Gharda Cóstá agus mar thoradh air sin a bheith ábalta seirbhís ríthábhachtach a chur ar fáil. Dúirt sé go léiríonn sé a dtiomantas do leathnú agus forbairt a dhéanamh ar an tseirbhís a chuireann siad ar fáil don phobal. Dúirt sé leis go mbeadh a gcuid paraimhíochaineoirí a chuireann an tseirbhís sin ar fáil ábalta othair a thriáiseáil agus tús a chur le hard-tacaíocht beatha ar bord, rud a chiallóidh go dtosódh othair ar chóireáil sula mbainfeadh siad an t-ospidéal amach – cuid de thiomantas foriomlán an FSS do sheirbhísí éigeandála réamh-ospidéal a fhorbairt. Is é sin an chéad cheann de roinnt foirne FFOM atá siad ag forbairt ar fud na tíre, dúirt sé.

### An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse (CNRA)

Mhol an Straitéis Náisiúnta Ailse – *Straitéis do Rialú Ailse in Éirinn, 2006* go mbunófaí Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse ina mbeadh ceithre Líonra Rialaithe Ailse, le dhá Ionad Ailse i ngach ceann díobh a sheachadóidh máinliacht (oinceolaíochta) ailse speisialaithe ardtoirte, le rochtain ar gach cóireáil ailse eile bunaithe ar riachtanais an daonra. Rinneadh an moladh sin d'fhonn torthaí othar ailse a fheabhsú, torthaí atá níos ísle in Éirinn ná sa chuid eile den Eoraip, dar le sonraí ón gClárann Náisiúnta Ailse.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2008, le comhdhlúthú an t-ocht n-ionad ailse tiomanta laistigh de na hospidéal seo a leanas:

- Ospidéal Beaumont agus Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, FSS Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath
- Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, FSS Lár Laighean Bhaile Átha Cliath
- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh agus Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge, FSS an Deiscirt, agus
- Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh agus Ospidéal Réigiúnach Luimnigh, FSS an Iarthair.

Ba phríomh-fhócas do 2008 a bhí i lárú diagnóis agus máinliacht ailse chíce sna ocht n-ionad ainmnithe. Tá dul chun cinn déanta ar bhaint amach na sprice de dhiagnóis agus máinliacht a chur i gcrích in 90% de na cásanna sna hionaid sin trí chlár atá leagtha amach go cúramach maidir le seirbhísí a aistriú agus athbheithniú iardain a dhéanamh. I mí an Mheithimh 2007 rinneadh máinliacht ailse in 32 ospidéal ar fud na hÉireann; faoi mhí na Nollag 2008 bhí an líon ospidéal laghdaithe go dtí 11. Tá aistriú iomlán isteach sna hocht n-ionad beartaithe do dheireadh an Earraigh 2009.

Bhí deacrachtaí ag roinnt othar mar thoradh ar larú Sheirbhísí Ailse. In 2008, chuir an CNRA maoiniú ar fáil do scéim iompair othar arna cur ar fáil ag Cumann Ailse na hÉireann.

Rinneadh dul chun cinn ar an bPlean Náisiúnta d'Oinceolaíocht Radaíochta (PNOR) chomh maith, a bhfuil mar chuspóir aige líonra náisiúnta do sheirbhísí oinceolaíochta radaíochta a bhaint amach. Áiríodh air sin:

- Cur i gcrích an phróisis fála agus ceapacháin do na saoráidí oinceolaíochta radaíochta Céim 1 ar láithreacha Ospidéal Beaumont agus Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath.
- Bunaíodh sruthanna oibre cliniciúla, teicniúla, dearaidh, tógála, bainistíochta saoráidí, dlíthiúla agus teicniúla d'fhonn tacú leis an bpróiseas Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP).
- Earcaíocht comhairleach agus foireann speisialtachta eile ag teacht le pleanáil lucht oibre.
- Bunaíodh clár oiliúna fisiceoirí agus rinneadh iarratas ar chreidiúnú.
- Leathnaíodh an scéim sainchlárítheoirí oinceolaíochta radaíochta.

## Seirbhísí Comhtháite a Fhorbairt

### OINCEOLAÍOCHT PHOBAIL (Ailse)

*Éilonn smacht mhaith ar ailse go mbeidh gach cuid den chóras sláinte ag obair ar shlí chomhoibríthe chun cúram othar cuimsitheach a sholáthar ó chosc go atreorú agus diagnóis, cóireáil, cúram leantach, athshlánúchán agus tacaíocht agus cúram maolaitheach.*

*Bunaíodh rannóg den Oinceolaíocht Phobail mar chuid den Chlár Athraithe agus is é an ról atá aici baint ghníomhach a thabhairt do lucht gairme sláinte chúram príomhúil maidir le cúram iomchuí a thabhairt d'othair a bhfuil ailse orthu, atá i mbaol ailse nó a bhfuil stair ailse acu. Áirítear ar phríomhghnéithe na rannóga Oinceolaíochta Pobail iad seo a leanas:*

- *Baint ghníomhach Dochtúirí Teaglaigh sa tseirbhís ailse.*
- *Baint ghníomhach na bhFoirne Cúraim Príomhúil níos leithne.*
- *Treoirínte cúraim a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.*
- *Cúram comhtháite d'othair a éascú, m.sh. atreorú ar líne, comhordú agus cumarsáid níos fearr.*
- *Pleananna athshlánúcháin agus tacaíochta.*
- *Tosaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí coisctheacha, e.g. stad ag caitheamh tobac i gCúram Príomhúil.*

*Tosaíodh ar obair in 2008 chun seacht FCP lánfheidhmíthe a aithint le bheith ag obair ar shlí chomhtháite leis an ionad ailse ainmnithe is giorra do chohórt othar ainmnithe a thagann faoi chúram an FCP. Tá sé beartaithe go mbeidh dlúth-idírchaidreamh idir an ionad ailse ainmnithe agus FCP, ama chumasú agus arna thacú trí chomhordaitheoir ainmnithe sheirbhísí géarmhíochaine ultraspeisialtóra cliniciúil/altra ailse, a bheadh ag feidhmiú mar phríomh-oibreoir don chohórt othar sin d'fhonn cúram comhtháite agus leanúnach a chinntiú. Soláthróidh cruinnithe de chuid na foirne cliniciúla áit inar féidir cásanna den sórt sin a phlé agus pleananna cúraim chomhtháite a cheapadh nó a athchóiriú, mar is cuí.*

## Torthaí na nOthar a Fheabhsú

Léiríonn fianaise go mbaineann othair níos mó leasa as cóireáil nuair a bhíonn an saineolas atá riachtanach chun cóireáil a thabhairt ar othair ailse cruinnithe i sainionaid. Léiríonn sé go mbíonn torthaí níos fearr ag ionad a thugann cúram ailse casta ag ardmhéideanna ná ionad a thugann an cúram sin go headrannach. Is próiseas casta é cóireáil ailse ina gcaithfear an diagnóis, an measúnú, an t-imscrúdú raideolaíochta, an chóireáil mháinliachta, an cheimiteiripe agus an chóireáil radaíochta a bheith comhtháite. Ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin trí cheannaireacht chliniciúil agus acmhainní a chrúinniú le chéile i sainionaid ailse. Cé nach i gcónaí gurb é sin an cur chuige is éasca nó is mó tóir air, is é an rogha is fearr é d'othair lena chinntiú go soláthróimid cúram ailse ardchaighdeán, níos sláintiúla. Beidh de bhuntáiste ag othair deis maireachtála níos fearr agus saol níos faide a chaitheamh le hailse orthu. Tá breis acmhainní agus foirne curtha i bhfeidhm chun sainchóireáil ailse chíce a sholáthar laistigh den ocht n-ionad.

Le linn 2008, bunaíodh oifig Oinceolaíochta Pobail le bheith ag obair le Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann (ICGP) chun oiliúint agus oideachas ar oinceolaíocht a thabhairt do Dhochtúirí Teaghlaigh agus chun cur le cumas altranais maidir le cúram oinceolaíochta laistigh de phobail agus d'fhoirne cúraim phríomhúla. Arna thabhairt go mbaineann méid ollmhór d'fheabhsúcháin cúraim ailse le diagnóis luath agus le atreorú iomchuí, is príomh-thionscnamh straitéiseach don NCCP é forbairt rathúil an chláir seo.

## Buaiteoir Gradam Gnóthachtála

### AN CATAGÓIR SEIRBHÍS NÍOS FEARR

#### DEA-CHLEACHTAS A GHLACADH AGUS A LEASÚ

#### Ospidéal Ollscoile Chorcaí (CUH) – Athbhreithniú faoi cheannaireacht Teiripeora Radaíochta Clinicí i dTeiripe Radaíochta

*Bíonn fo-iarmhairtí ar othair a théann faoi theiripe radaíochta. Déanann teiripeoir radaíochta monatóireacht laethúil orthu agus déanann foireann liachta monatóireacht seachtainiúil orthu. Tá dhá chlinic athbhreithnithe radaíochta seachtainiúla nua tugtha isteach ag CUH, arna mbainistiú ag seachtar teiripeoir radaíochta a bhfuil oiliúint bhreise déanta acu. Bhain sé sin 40% den ualach oibre ón bhfoireann liachta, agus tá siad saor anois níos mó othar a fheiceáil agus athbhreithnithe níos práinní a dhéanamh. De bharr na forbartha nua sin tá ardú tagtha ar an meánmhéid ama a chaitear le hothair; tá laghdú tagtha ar amanna feithimh i gclínici do na hothair; tá ardú tagtha ar rátaí atreoraithe do sheirbhísí liachta eile agus tá méadú tagtha ar chomhobair sa rannóg.*



Larry Walsh, Stiúrthóir, An Fóram Comhpháirtíochta Náisiúnta Seirbhísí Sláinte; Louise Hallissey, Teiripeoir Radaíochta; Derry Little, Bainisteoir Seirbhísí Radaiteiripe Agus an tOllamh Brendan Drumm, POF FSS.





# Iontaobhas agus Muinín – Rochtain ar ár Seirbhísí a Fheabhsú

Tá soláthar seirbhísí tráthúla, dea-chomhtháite, gairmiúla agus inrochtana riachtanach chun cur le hlontaobhas agus Muinín na ndaoine as ár Seirbhísí. Ní mór leanúint de thógáil ar an obair a tosaíodh sna blianta roimhe seo chun aghaidh a thabhairt ar rochtain níos fearr ar raon seirbhísí, lena n-áirítear a chinntiú go mbeidh roinnt seirbhísí riachtanacha inrochtana lasmuigh de “ghnáthuaire” oibre.

Is maith a thuigimid freisin an gá leis an achar a fhanann daoine le haghaidh seirbhísí a laghdú, nuair is féidir sin. Fad atá roinnt dul chun cinn déanta sa réimse seo, tá go leor daoine fós ag fanacht níos faide ná an sprioc-am atá leagtha amach againn do sheirbhísí áirithe, lena n-áirítear cúram othar-chónaitheach agus cúram lae.

## Rannóga Éigeandála (RÉ)

Cé go bhfuil siad teoranta do líon beag ospidéal, tá uimhreacha feithimh do ghlacadh isteach níos airde ná mar a bhí siad in 2007. Thosaigh uimhreacha feithimh do ghlacadh isteach RÉ ag ardú i lár an tSamhraidh agus bhí siad níos airde go suntasach sa ráithe deiridh de 2008. Ba é an sprioc a bhí ann i rith 2008 nach mbeadh ar othar ar bith fanacht níos faide ná 12 uair an chloig ar leaba san ospidéal ón t-am a rinneadh an cinneadh é/í a ghlacadh isteach. De ghnáth, bhí 43 othar ag fanacht ar leaba san ospidéal ar feadh achar níos faide ná 12 uair an chloig ón t-am a rinneadh an cinneadh é/í a ghlacadh isteach gach lá (ardú ó 31 in 2007). Bíonn na rátaí is airde ag tús na seachtaine, idir Dé Luain agus Dé Céadaoin.

Le deis a thabhairt d’othair a ghlacadh isteach chuig an méid teoranta leabacha cónaitheacha atá againn, caithfear bainistíocht éifeachtúil a dhéanamh ar scaoileadh abhaile. Thaispeáin anailís ar shruthanna glactha isteach agus bealaí scaoilte abhaile i gcaitheamh seachtaine go mbíonn an freastal is airde ar RÉ ann Dé Luain, go mbíonn rátaí glactha isteach (roghnach) pleanáilte ard agus go mbíonn atreorú ó Dhochtúirí Teaghlaigh atosaithe tar éis an deiridh seachtaine. Cuireann sin brú suntasach ar chóras an ospidéil ag tús na seachtaine. De ghnáth, is féidir thart ar 28% den ghlacadh isteach a phleanáil, agus tagann an 72% eile de chur i láthair éigeandála ó fhoinsí éagsúla seachas ó Réanna (m.sh. Rannóg na nOthar Seachtrach (ROS), cur i láthair díreach chuig bardaí, aistrithe idir-ospidéil, srl.)

In 2009, díreoidh an measúnú ar éifeachtacht ospidéal maidir le déileáil le cuir i láthair éigeandála ar an meánmhéid ama a chuireann daoine isteach ó chlárú ag an deasc fáilithe go dtí scaoileadh abhaile ón RÉ.

## Tionscnamh an Gheimhridh

Tugann Tionscnamh an Gheimhridh, a bunaíodh i mí Iúil 2006, aghaidh ar na deacrachtaí a tharlaíonn in ospidéal ar fud na tíre, go háirithe i rith míonna an gheimhridh. Is é an príomhspríoc atá leis amanna feithimh in RÉanna a laghdú trí chabhrú le seirbhísí a fhorbairt a sheachnóidh an gá do

## Sracfhéachaint ar 2008...

*Rinneadh 920,132 teagmháil le Dochtúirí Teaghlaigh lasmuigh de ghnáthuaire oibre (meánmhéid de 2,500 in aghaidh an lae).*

*Tháinig laghdú beag ar na líon glactha isteach éigeandála i gcomparáid le 2007 (0.5%).*

*Maidir le hothair nach gá iad a ghlacadh isteach, scaoiltear formhór na n-othar abhaile laistigh de sé uair an chloig de theacht chuig RÉ.*

*De ghnáth, fanann 43 othar in aghaidh an lae ar fud na tíre níos mó ná 12 uair an chloig ón t-am a ndéantar cinneadh iad a ghlacadh isteach chun leaba ospidéil.*

*Tá ráta lonnaitheachta 86%-90% ag ár n-ospidéal ghéarmhíochaine.*

*Tá an meánmhéid ama a fhanann daoine san ospidéal ag laghdú sa chuid is mó de na hospidéil.*

*Tá 111 ard-pharaimhíochaineoir ag obair i seirbhísí cúraim réamh-ospidéil.*

dhaoine le dul isteach san ospidéal agus a dhíreoidh ar ár bpróisis ospidéil inmheánacha a fheabhsú, agus mar sin toilleadh níos airde a chruthú agus iad a dhéanamh níos éifeachtaí d’othair agus dá gcuid teaghlach. Ó bunaíodh é, dhírigh an tionscnamh ar na nithe seo a leanas:

- Cur chun cinn agus cosc
- An tOspidéal a sheachaint
- Toilleadh
- Próisis – m.sh. pleanáil do scaoileadh abhaile comhtháite, úsáid níos mó de mháinliacht lae agus rochtain níos mó ar dhiagnóisic.

Dul Chun Cinn in 2008:

- Tá laghdú ag teacht ar an meánfhad ama a fhanann daoine san ospidéal agus ar an meánmhéid laethanta leaba a úsáidtear in go leor ospidéal (meánmhéid de 6.2 lá in 2008).
- Méadú 24% ar ghlaonna ar D-Doc (Comhar Dochtúirí Teaghlaigh) le 81,277 teagmháil déanta in 2008 i gcomparáid le 65,513 in 2007.
- Tugadh 7,360 cuairt ar an gClinic Mear-Rochtana i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath. Ba atreoruithe ó Dhochtúirí Teaghlaigh 94% díobh sin. Sháraigh an méid ar glacadh leis an tseirbhís an sprioc faoi 97% (7,360 in aghaidh sprioc de 3,744). Feiceann an clinic thart ar 600 othar scothaosta in aghaidh na míosa agus tugtar coinní laistigh de 3 lá ón atreorú ón Dochtúir Teaghlaigh. Mheas meastóireacht gur seachnaíodh glacadh isteach san ospidéal in 42% de chásanna.

## Ag díriú ar...

**Seoladh an Straitéis Náisiúnta do Rannpháirtíocht Úsáideoirí Seirbhísí i mí Bealtaine 2008 ag an Aire Sláinte agus Leanaí agus ag an bPOF agus tacaíonn an Coimisiún um Shábháilteacht Othar leis. Tá fáilte mhór curtha roimhe ag na grúpaí tathanta othar a chuir lena fhorbairt. Tá maoirseoireacht le déanamh ar an gcur i bhfeidhm ag grúpa atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na hearnálacha reachtúla agus deonacha, DoHC, Comhpháirtíocht, tathantóirí othar agus úsáideoirí seirbhísí. Tionóladh an chéad chruinniú den ghrúpa sin i mí na Samhna 2008.**

I gcomhar leis an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, bunaíodh tionscnamh cómhaoinithe atá leagtha amach chun tacú le pobail agus grúpaí faoi mhíchumas agus chun iad a chumasú a bheith rannpháirteach i FCPanna agus i líonraí áitiúla. Tugadh maoiniú do chúig thionscadal déag ar fud na tíre. Tá na tionscadail leagtha amach chun ionadaíocht phobail a fhorbairt agus tacú léi, chun comhphleananna oibre idir an FSS agus grúpaí pobail a fhorbairt agus chun oiliúint agus tacaíocht do FCPanna maidir le rannpháirtíocht phobail a chur ar fáil.

Bhunaigh Ospidéal Adelaide agus na Mí ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (AMNCH) Foireann Idirghabhála Pobail (CIT) agus tá naisc bunaithe aige don thionscnamh infhéitheach (IV) pobail sa Longfort.

Is í an Rannóg Láir an chéad Rannóg de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna a thug polasaí isteach chun an tosaíocht is airde a thabhairt d'othair strócanna géarmhíochaine. Tá oiliúint faighte ag an bhfoireann pharaimhíochaine go léir airí stróc a aithint go tapa. Nuair a aithníonn paraimhíochaineoirí go bhféadfaí go bhfuil géarstróc ar othair, tríd an Tástáil Aghaidhe-Láimh-Cainte (FAST) a úsáid, déanfaidh an Rialtóir Liachta Éigeandála teagmháil leis an Roinn Éigeandála sula dtagann siad isteach chun an fhoireann a chur ar an eolas faoin othar stróc atá ag teacht agus faoina stádas dearfach ó thaobh FAST d'fhonn measúnú tapaíthe a éascú agus tús a chur le cóireáil chomh luath agus a thagann siad isteach.

Sheol an NTPF a Thuarascáil Chlár Cóireála na nOthar débhlantúil i mí na Samhna 2008. Thug an tuarascáil na nithe seo a leanas le tuiscint:

- Go bhfuil 44 as 50 ospidéal ag cur sonraí faoi liostaí feithimh ar aghaidh chuig an gclár faoi láthair.
- Go bhfuil an meán-achar feithimh náisiúnta ag an leibhéal is ísle, is é sin 2.9 mí.
- Go raibh 1,846 othar (12% den líon iomlán a bhí ag fanacht) ag fanacht breis agus 12 mí ar mháinliacht, agus bhí 35% de na hothair sin ag fanacht in dá ospidéal.
- Go bhfanann 3,620 othar breis agus 3 mí ar scóip diagnóiseacha, agus bhí 47% de na hothair sin ag fanacht i dtír ospidéal.

- D'athraigh gníomhaíocht i gcásanna lae ó 49.4% den líon iomlán othar cónaitheach agus cásanna lae ag deireadh mhí na Nollag 2007 go dtí 51.3% ag deireadh mhí na Nollag 2008.
- Méadú ar an toilleadh leapacha sa phobal, le 306 leaba breise curtha ar fáil faoin tionscnamh leapacha Fast Track.
- Tacaíocht phobail níos airde:
  - Bhí thart ar 8,990 duine ag fáil Pacáistí Cúraim Bhaile (HCP) ag deireadh 2008.
  - Bunaíodh ceithre Fhoireann Idirghabhála Pobail (CITanna) i Luimneach, i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Fógraíodh pleananna ag deireadh 2008 maidir le CIT Thuaisceart Bhaile Átha Cliath a leathnú, chun seachtain ospidéal nó seirbhísí scaoilte abhaile luath a sholáthar sa phobal, ag cuimsiú ceantar thuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath agus Droichead Átha go léir. In 2008, chuir na ceithre CIT seirbhísí ar fáil do 5,924 othar, agus sháraigh trí cinn de na foirne a gcuid spriocanna maidir leis an líon othar ar thug siad cóireáil dóibh in 2008.
  - Laghdaíonn Teiripe Infhéitheach (IV) in Aonaid Altranaís Phobail an gá le daoine scothaosta a aistriú chuig an ospidéal chun sreabhán IV agus teiripe antaibheathach a thabhairt dóibh. Chuaigh ceithre láithreán i bhfeidhm ar bhonn píolótach in 2008, agus fuair breis agus 1,000 altra oideachas agus oiliúint.
- Tá Líonraí Ospidéal ag cur tionscnaimh i bhfeidhm chun rochtain Dhochtúirí Teaghlaigh ar dhiagnóisic ospidéal a fheabhsú ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear cur leis an bhfáil ar agaí d'atreuirthe GP práinneacha agus am na sainchomhairleoirí le haghaidh diagnóisic phobail tiomanta a imfháil. Is samplaí de thionscnaimh iad na hospidéal go léir i nGrúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus an Láir a oibríonn rochtain dhíreach do Dhochtúirí Teaghlaigh ar dhiagnóisic raideolaíochta ar bhonn leanúnach agus tacaíocht do Dhochtúirí Teaghlaigh sa Longfort agus san Iarmhí arna cur ar fáil ag Roinn Paiteolaíochta an Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre sa Mhuileann gCearr maidir le clár tástálacha pointe cúraim bunaithe ar chúram príomhúil i ndáil le cardiach, baol diaibéiteach agus Warfarin.
- Lean Foirne Feidhmithe Áitiúla orthu ag obair ar feadh na n-earnálacha géarmhíochaine agus príomhúla.
- Tionóladh Ceardlanna Pleanála Comhtháite chun an Cód Cleachtais do Scaoileadh Abhaile Comhtháite a sheoladh.

## Cód Cleachtais do Scaoileadh Abhaile Comhtháite a Phleanáil

Cuireadh béim shuntasach ar phróisis a fheabhsú lena chinntiú go n-úsáidfean an toilleadh agus na hacmhainní go léir ata ar fáil ar an tslí is éifeachtúil agus is féidir. Tá roinnt factóirí laistigh dár gcóras ospidéal a fhágann go bhfanann othair in ospidéal ghéarmhíochaine níos faide ná mar is gá.

Déanann forbairt agus feidhmiú *Chód Cleachtais do Scaoileadh Abhaile Comhtháite a Phleanáil* iarracht aghaidh a thabhairt ar na factóirí sin. Bunaithe ar shárchleachtas idirnáisiúnta agus i gcomhchomhairle le líon suntasach cliniceoirí agus geallsealbhóirí eile, seoladh an Cód Cleachtais i mí na Samhna 2008 agus cuireann sé creat ar fáil atá bunaithe ar chaighdeán lena chinntiú:

- Go mbeidh plean cóireála agus dáta measta scaoilte abhaile/tréimhse mheasta a chaifean san ospidéal measta ag othair laistigh de 24 uair de theacht isteach san ospidéal.
- Go ndéantar an dáta scaoilte abhaile ionchasach a bhainistiú go forghníomhach in aghaidh an phlean cóireála ar bhonn laethúil agus go gcuirtear athruithe in iúl don othar.
- Go ndéantar cuairteanna ar bhardaí a sceidealú ar bhealach a éascaíonn athbhreithniú tráthúil agus cliniciúil ar gach othar, chomh maith le próisis chúraim éifeachtúla.
- Tabhairt isteach láithreach achoimre scaoilte abhaile a bheidh ar fáil do gach othar agus do bhaill foirne ábhartha eile ar nós Dochtúirí Teaghlaigh agus Cógaiseoirí, chomh luath agus a mheastar an t-othar a bheith ábalta an t-ospidéal a fhágáil.
- Ba chóir scaoileadh abhaile a dhéanamh Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh ag an leibhéal céanna agus a ndéantar iad ar laethanta eile den tseachtain.
- Go bhfuil ról níos lárnaí ag altraí maidir le hothair a scaoileadh abhaile fad is a chomhlíontar critéir arna leagan amach ag an bhfoireann liachta.

## Rannóga na nOthar Seachtrach (ROS)

Réimse eile inar féidir feabhsúcháin a bhaint amach maidir le héifeachtúlachtaí ná i Rannóga na nOthar Seachtrach dár gcuid ospidéal (ROSanna). Tugtar breis agus 3 milliún cuairt ar ROSanna in aghaidh na bliana. Tá feidhm thábhachtach ag na rannóga sin d’othair agus do phobail trí nasc ríthábhachtach le cúram príomhúil, le seirbhísí diagnóiseacha a chur ar fáil agus trí rochtain ar chóireálacha ospidéal a sholáthar. In 2008, cuireadh tús le Clár Feabhsúcháin Seirbhísí Náisiúnta ROS, a bhfuil mar aidhm aige bainistíocht agus oibriú éifeachtach seirbhísí ROS a chinntiú go náisiúnta.

## Tionscnaimh a Chuireann Feabhas ar Rochtain

### OSPIDÉAL NAOMH UINSEANN – AN TIONSCNAMH CLINICIÚIL CLISTE CROÍ, NASC A DHÉANAMH LE CLEACHTAS GINEARÁLTA

*Tá an leitheadúlacht chliseadh croí (CC) ag méadú in Éirinn, mar atá in áiteanna eile. Is mar gheall ar dhaonra atá ag dul in aois, rátaí marthaineachta tar éis taom croí a bheith níos fearr, droch-rialú na ndaoine ar hipirtheannas agus ar fhachtóirí eile an méadú sin. Tugann sonraí reatha le tuiscint go bhféadfadh suas le 4% de dhaonra na hÉireann i gcoitinne cliseadh croí siomptómach a fhulaingt.*

*I gcomhar le 50 Dochtúir Teaghlaigh laistigh dá cheantar áitiúil, chuir Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath, tús leis an tionscnamh SPIRIT-HF. Tá an múnla sin bunaithe ar an ngá le mear-rochtain d’othair a bhfuil CC nua-thagtha orthu a chur chun cinn, prótacail a bhunú d’athbhreithniú cliniciúil rialta i gcúram príomhúil i gcomhar le hathbhreithniú speisialtóra bliantúil, agus freagra éigeandála maidir le meathlú cliniciúil a bhunú. Is é an aidhm atá againn teiripe bunaithe ar fhianaise a chur i gcleachtas d’fhonn na rátaí glactha isteach d’othair CC pobail, idir nua agus chobhsaí, a laghdú faoi 50%, an fhad fanachta a laghdú sa chás go gcaithfean iad a ghlacadh isteach, costais dhíreacha a laghdú fad a chuirfean le bainistíocht Dhochtúirí Teaghlaigh ar an ngalar, agus comhrochtain níos fearr a bhaint amach. Baineadh amach an méid seo a leanas faoi dheireadh 2008:*

- *Mear-Rochtain do Chliseadh Croí Nua-Thagtha bunaithe, as a lean rochtain láithreach ar cardagrafaíocht mhacalla agus cúlú dhiagnóis pobail míchrúinn faoi 40%. Rátaí athghlactha isteach bliantúla laghdaithe ón 15% a rabhtas ag súil leis go dtí 3%.*
- *Laghdú ar rátaí athghlactha maidir le daoine le CC cobhsaí. Is 33%:66% a bhíonn an cóimheas glacadh isteach nua le atarlaithe de ghnáth. Aistríodh sin go dtí 66% nua agus 33% atarlaithe, rud a chiallaíonn athghlacadh isteach laghdaithe maidir le hothair a bhfuil cliseadh croí cinnithe orthu.*
- *Laghdáodh an tréimhse a chaitear san ospidéal faoi 25%, le laghdú breise de 20% pleanáilte.*
- *Laghdú ar chostais dhíreacha cúraim. Maidir leis an Modúl Diagnóiseach Nua, meastar go bhfuil coigealtas €143,000 in aghaidh na bliana bainte amach trí chruinneas diagnóiseach níos fearr, laghdú ar an ráta báis agus, go sonrath, trí laghdú ar dhaoine a chur san ospidéal, agus go bhfuil coigealtas measta €299,000 bainte amach bunaithe ar an tréimhse a chaitear san ospidéal.*

## Tionscnaimh a Chuireann Feabhas ar Rochtain

### ALTRANAS BAILE – AN tSEIRBHÍS FOR-ROCHTANA DO DHAOINE NÍOS SINE

*Cuireann an tionscnamh seo seirbhís speisialtachta rochtana/for-rochtana ar fáil d’othair faoi chúram cónaitheach laistigh de cheantar áitiúil Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath. Is é an aidhm atá leis seirbhís chomhtháite ospidéal agus phobail a chur ar fáil ina gcuirfear an bhéim ar leanúnachas cúraim, ar an gcumarsáid idir na seirbhísí go léir lena mbaineann a fheabhsú agus ar fhreastal dhaoine níos sine ar an Roinn Éigeandála a laghdú nó a atreorú.*

*Tá de bhuntáiste breise ag an tionscnamh seo cur le sláinte agus folláine na n-othar sin i gcoitinne, rud a chuireann ar a gcumas leanúint ar aghaidh lena ngnáth-chúram agus gan iad a shuaitheadh gan gá.*

*Tá post breise do dhochtúir sinsearach in Ospidéal Uí Chonghaile chun forbairt na foirne a éascú trí phróiseas comhchomhairle, forbairt ábhar agus socruithe riachtanacha. Ba é thart ar 1,100 duine i gceantar áitiúil an ospidéal a bhí sa sprioc-dhaonra an chéad uair, daoine atá sna 23 saoráid chúraim chónaitheach agus sna ceithre shaoráid chúraim chónaitheach do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil.*

*Cuireadh tús leis na measúnuithe i mí Eanáir 2008, agus ba é geiriatraí comhairleach a rinne iad ag Ospidéal Lae Uí Chonghaile nó ag an teach altranas. Leantar gach measúnú agus soláthraíonn siad pointe teagmhála le haghaidh na fadhbanna cliniciúla a chuirtear i láthair a phlé trí chomhdháil cásanna ildhisciplíneacha.*

- Creat Náisiúnta ROS a fhorbairt a leagfaidh amach na gnéithe sáchleachtais go léir de bhainistiú oibríochtúla a n-othar seachtrach. Tá an creat sin bunaithe ar chaighdeán idirnáisiúnta agus, tar éis comhchomhairle, cuireadh tús leis in 2008. Leagann an creat amach na gnáth-chur chuig gur chóir a bheith ag ospidéal ar shaincheisteanna ar nós atreoruithe, sceidealú coinní, bainistíocht daoine nár fhreastail ar a gcoinní (DNAnna), sceidealú clinici, bainistíocht liostaí feithimh, naisc a fhorbairt idir Dochtúirí Teaghlaigh agus ROSanna agus taithí an othair ar ROS a bhainistiú.
- Tá forbairt déanta ar shraith spriocanna ábhartha ROS ar shaincheisteanna ar nós agáí feithimh ar

chomhchomhairle ROS, an líon coinní nua ROS gur chóir d’ospidéal a chur ar fáil agus spriocanna chun an líon othar nach bhfreastalaíonn ar a gcoinní a íoslaghdú. I ngach ceann de na cásanna sin, díríonn na spriocanna ar thaithí an othair ar rochtain an othair sheachtraigh agus ar chaighdeán na seirbhíse.

- Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht bhainistiú ROS in 17 ospidéal. D’aithin an t-athbhreithniú sin deiseanna chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht ROSanna a fheabhsú. Cheap ospidéal grúpaí gníomhaíochta ansin chun torthaí na suirbhéanna sin a chur i bhfeidhm. Léirigh na hiniúchtaí éifeachtachta sin deiseanna feabhsúcháin i réimsí mar thuilleadh clinici, rátaí DNA othar agus bainistíocht ROSanna ó lá go lá.
- I rith na bliana thosaíomar ar liostaí feithimh ROS a chur le chéile chomh maith. Roimhe sin ní raibh cur chuige córasach ach ag líon beag ospidéal maidir le faisnéis faoi liostaí feithimh a chur le chéile. Bainfead úsáid as an bhfaisnéis sin in 2009 chun athbhreithniú a dhéanamh ar amanna feithimh agus chun díriú ar thionscnaimh speisialta i speisialtachtaí sainroghnaithe.

### Bainistíocht Liostaí Feithimh

Is ionann an líon iomlán ag feitheamh agus níos lú ná an tréchar i ngnáthsheachtain, ina fhaigheann meánmhéid de 23,000 othar cúram lae agus cónaitheach. Mar sin féin, is ar laghdú na tréimhse ama a chaitheann othar fanacht le go gcuirtear a g(h)námhamh i gcrích atá an bhéim. Baineann 70% de liosta feithimh na n-othar cónaitheach le sé speisialtacht, ar réimsí ard-éilimh do chóireáil phleanáilte, neamh-éigeandála iad.

Tá laghdú ag teacht ar liostaí feithimh na n-othar cónaitheach mar thoradh ar roinnt beart atá curtha ar bun, lena n-áirítear níos mó coinní le sainchomhairleoirí, seirbhísí ar nós máinliacht lae a leathnú, agus tacaíochtaí breise sa phobal a chur ar fáil.

Rinneadh cleachtadh bailíochta leis an an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (NTPF) chun liostaí feithimh d’othair ar atreoraíodh iad go dtí an NTPF ó ospidéal rannpháirteacha a bhailíochtú. Bhí na hospidéal go léir rannpháirteach i mbailíochtú leanúnach maidir le liostaí feithimh. Tacaítear leis sin trí atreorú gníomhach go dtí an NTPF de na daoine a bhfuil tréimhse fanachta fada orthu. Ba chóir a thabhairt ar aird freisin nach rogha oiriúnach d’othair áirithe i gcónaí é atreorú go dtí an NTPF. I gcásanna áirithe ní féidir othair a atreorú mar gheall ar chastacht na cóireála a theastaíonn uathu. I gcásanna eile tairgeadh cóireáil d’othair ach chinn siad fanacht faoi chúram a sainchomhairleoirí féin. Mar shampla, as na hothair atá ag fanacht níos mó ná 12 mí in Ospidéal Beaumont, tá os cionn 60% díobh ag fanacht ar chóireálacha néareolaíochta nach bhfuil ar fáil in ospidéal eile.



Larry Walsh, Stiúrthóir, Fóram na Comhpháirtíochta Náisiúnta Seirbhísí Sláinte; Katie Doyle, Altra Taighde Néareolaíochta; Marguuite Duggan, Altraspeisialtóir MS; Sinead Jordan, Altra Néareolaíochta Cliniciúla agus an tOllamh Brendan Drumm, POF an FSS.

## Buaiteoir Ghradaim Ghnóthachtála

### NUÁIL SA CHATAGÓIR SEIRBHÍSE NÍOS FEARR

#### Néareolaíocht Ospidéal Naomh Uinseann: an tslí a oibrímid a athrú

Is féidir le tréimhsí feithimh chun néareolaithe a fheiceáil a bheith fada agus is minic a thagann othair tríd an mbealach RÉ. D'athraigh Ospidéal Naomh Uinseann struchtúr na n-othar seachtrach, ag oibriú le dochtúirí, altraí agus leis an bhfoireann riaracháin chun an líon seisiún othar seachtrach a ardú go suntasach. Tá ardú tagtha ar an líon othar a chonacthas in aghaidh na bliana ó 2,936 in 2004 go dtí 5,290 in 2007 agus tá an tréimhse feithimh d'othair nua titithe ó bhliain amháin go dtí níos lú ná 10 seachtaine.



## Tionscnaimh a Chuireann Feabhas ar Rochtain

### SEIRBHÍS CATAITÉARAITHE CHARDIACH RÉIGIÚNACH AG OSPIDÉAL RÉIGIÚNACH PHORT LÁIRGE

D'oscail an tSaotharlann Cataitéaraithe Chardiach Réigiúnach do cheantar Thoir Theas FSS i mí Bealtaine 2008. Bunaithe in Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge, soláthraíonn an tsaoráid 'úrscóthach' seo rochtain ar nósanna imeachta angagrafaíochta corónaí don daonra áitiúil. Soláthraíonn an tseirbhís rochtain láithreach ar mheasúnú cardiach, ar dhiagnóis agus ar nósanna imeachta idirghabhálacha agus laghdaíonn sí an riachtanas d'othair achair shuntasacha a thaisteal go Corcaigh agus go Baile Átha Cliath le haghaidh imscrúduithe cardiacha.

Ag freastal ar dhaonra 460,868 (Daonáireamh 2006), soláthraíonn sí comhrochtain ar sheirbhísí ó na ceithre ospidéal géarmhíochaine sa réigiún: Ospidéal Ginearálta Loch Garman, Ospidéal Naomh Luke Chill Cheannaigh agus Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas agus Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge. Ón tráth a d'oscail sí, tá rochtain ar sheirbhísí anagrafaíochta corónaí do bhreis agus 500 othar á gcur ar fáil ag an tsaotharlann.

# Cáilíocht agus Sábháilteacht – Cúram Othar ar Cháilíocht Níos Airde agus Níos Sábháilte a Sheachadadh

## Sracfhéachaint ar 2008...

*Tá laghdú 25% tagtha ar ionfhabhtuithe MRSA ar feadh an chórais ospidéal, i gcomparáid le 2007.*

*Seirbheáladh 34 dúnadh ar ghnólachtaí bia maidir le rialú sábháilteachta bia.*

*Tionscnaíodh 23 ionchúiseamh in aghaidh miondóltóirí a dhíolann táirgí tobac do dhaoine faoi bhun 18 bliain d'aois.*

*Tionscnaíodh 24 ionchúiseamh in aghaidh gnólachtaí mar gheall ar sháruithe ar an reachtaíocht in aghaidh caitheamh tobac sa láthair oibre.*

*Rinneadh 825 imscrúdú ar thithe altranais.*

*Rinneadh 2,623 imscrúdú réamh-scoile.*

Mar a d'aithníomar inár gcuspóir corparáideach **Cáilíochta agus Sábháilteachta**, is tosaíocht dúinn é cúram ar cháilíocht níos airde agus níos sábháilte a sheachadadh i ngach cuid den tseirbhís sláinte. Tá gach duine a oibríonn inár n-eagraíocht, iad sin a oibríonn ag túslíne an tseachadta cúraim sláinte go háirithe, tiomanta seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh agus a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach sábháilte. I rith 2008 chuireamar córais ar bun chun tacú leo ina ról.

Aithníonn tuarascáil 2008 ón gCoimisiún um Shábháilteacht Othar agus Cinntiú Cáilíochta – Building a Culture of Patient Safety, an fhís ar ar chóir creat rialachais do shábháilteacht othar a bhunú ar feadh an chórais sláinte. Molann sí go bhfaigheadh othair eolasacha cúram sábháilte agus éifeachtach ó dhaoine gairmiúla ardoilte, i dtimpeallachtaí iomchuí, le torthaí measúnaithe. Aithníonn an tuarascáil go soiléir na prionsabail atá mar bhonn taca don fhís seo, lena n-áirítear: oscailteacht agus foghlaim ó bhotúin; caithfidh sábháilteacht agus cáilíocht a bheith neadaithe sa chóras; an leas is mó is féidir a thabhairt d'othair trí éifeachtúlacht agus éifeachtacht bunaithe ar dhea-rialachas agus ceannaireacht; córais bhainistithe sonraí nua-aimseartha agus cleachtas bunaithe ar fhianaise; cuntasacht agus baint ag an othar/an teaghlach.

## Creat Cáilíochta agus Riosca

D'fhonn sábháilteacht othar agus cáilíocht a fheabhsú, cuireadh *Creat Comhtháite Cáilíochta, Sábháilteachta agus Riosca an FSS* ar bun le linn 2008. Áirítear ar an gcreat sin *Caighdeán Bainistithe Cáilíochta agus Riosca*, Clár Riosca cuimsitheach agus cur i bhfeidhm clár Iniúchta Cúraim Sláinte. Déanann an clár aithint, taifeadadh, measúnú agus bainistíocht chórasach ar gach riosca agus cuireann sé na *Pleananna Feabhsaithe Cáilíochta* ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí. Leanfaidh sábháilteacht othar níos fearr agus cáilíocht cúraim níos fearr as cur i bhfeidhm iomlán an chreata.

## Ag díriú ar...

*Fuair an Roinn Lónadóireachta ag Ospidéal Ginearálta Loch Garman 'Gradam Creidiúnaithe Sapphire do Shláinteachas agus Sábháilteacht Bia' ó Feabhas Éireann (EIQA) as ucht a tiomantas thar cuimse do shláinteachas agus do chaighdeán shábháilteachta bia.*

*Bhronn an tAcadamh Idirnáisiúnta um Sheoladh Éigeandála (IAED) creidiúnú mar Ionad Barr Feabhais do Sheoladh Liachta Éigeandála ar an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (an Roinn Lár Tíre).*

*Bronnadh Gradam an Taoisigh do Bharr Feabhais sa tSeirbhís Phoiblí 2008 ar Fhoirne Meabharshláinte Phobail Bhaile Locha Riach/Bhaile Átha an Rí agus Ros Comáin (CMHT). Bronnadh an gradam mar aitheantas ar ardleibhéal leanúnach seirbhíse a chuir ar fáil do chliant.*

*Fuair Ospidéal Muire, Baile na Lorgan, Co. Mhuineacháin, an mórghradam ISO 9001:2000 – an gradam a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a dhíríonn ar chaighdeán cháilíochta den scoth agus ar chórais cháilíochta den scoth.*

*Fuair Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh sa Oirthuaisceart an Gradam EIQA 'Tiomanta do Shármhaitheas' as ucht tionscnaimh feabhsúcháin cháilíochta a thabhairt isteach ina réimsí seirbhíse.*

*Cuireadh tús leis an staidéar SCOPE ag Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Corcaigh, chun tástálacha a fhorbairt do mhnaí torthacha a d'fhéadfadh a bheith i mbaol dian-aimhréidh i rith na torthúlachta, pre-eclampsia a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha ach go háirithe. I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn, beidh 3,000 bean ó Chúige Mumhan rannpháirteach sa staidéar idirnáisiúnta agus cuirfidh siad leis.*

*Tugadh onór do Chluichí Pobail FSS nuair a bronnadh gradam Cáilíochta Sláinte orthu mar aitheantas ar thiomantas na heagraíochta do chur chun cinn sláinte ardchaighdeán na hóige.*

*Bhain Roinn Paiteolaíochta Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge ISO 15189 creidiúnú amach don Roinn Fuiláistrithe ag teacht le Treoir Fola an AE.*

*Bronnadh creidiúnú trí bliana ar an mhéid ar an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire, ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta do Chreidiúnú Shaoráidí Athshlánúcháin, a leag na caighdeán cháilíochta dá ndéantar measúnú agus tomhas ar eagraíochtaí amach.*



Ó chlé go deas: An Dr. Louise Kenny, Cnáimhseoir Comhairleach, CUMH, agus Léachtóir Sinsearach sa Chnáimhseachas agus sa Ghníneolaíocht, UCC le Karen Hickey as an mBlarna, arb í an chéad rannpháirtí sa staidéar SCOPE in Éirinn. Le feiceáil freisin tá fear chéile Karen, Pat Hickey.

Rinneadh tuilleadh daingnithe ar pholasáí agus ar phróiseas bainistíochta riosca ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear bainistíocht teagmhas agus forbairt cláir riosca. Is éard atá sa chlár an stór faisnéise riosca agus bainistíocht tacaíochtaí agus cumarsáid faisnéise riosca ag gach leibhéal.

### Bainistíocht Teagmhas Tromchúiseach

Le linn 2008 ghlac an FSS le Polasáí agus Nós Imeachta Bainistíochta Teagmhas Tromchúiseach, a leagann amach na céimeanna a chaithfidh na bainisteoirí go léir a thógáil chun teagmhais tromchúiseacha a tharlaíonn laistigh dá seirbhísí féin a aithint agus chun gníomhú ina leith. Bunaíodh Foireann Bainistíochta Teagmhas Tromchúiseach (FBTT) i mí Aibreáin 2008, faoi cheannas stiúrtóra atá freagrach as an prótacail nua sin a stiúradh agus a neadú ar fud FSS agus as tiomantas ó thaobh soláthar cúraim sábháilte ardchaighdeán a chinntiú. Tar éis a bunaithe i mí Aibreáin 2008, chuathas i mbun dhá phríomhshruth oibre – ar an gcéad dul síos, athbhreithniú a dhéanamh ar aon teagmhais tromchúiseacha reatha nó stairiúla sa chóras sláinte, agus ar an dara dul síos, sraith doiciméad a thacódh le bainisteoirí freagra a thabhairt ar aon teagmhas amach anseo a fhorbairt. Chuir an FBTT príomhthacaíochtaí ar fáil do sheirbhísí FSS agus iad ag bainistiú teagmhas, mar shampla an tAthbhreithniú Siar ar X-Ghathanna Cliabhraigh in FSS an Oirthuaiscirt.

### Feistí Liachta

Is cuid ollmhór do shábháilteacht othar í bainistíocht trealamh liachta agus feistí liachta. Tá bainistíocht feistí liachta ríthábhachtach ó thaobh dea-rialachais agus is gá cur síos iomlán a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta is

fear d'fheistí liachta le linn shaolré na feiste, i.e. ó fháil go diúscairt. Tosaíodh ag obair ar an gcóras bainistíochta sin in 2008 agus táthar ag súil go gcríochnófar é i rith an chéad leath de 2009.

### Athbhreithniú Cáilíochta na Seirbhísí Náisiúnta Sláintíochta 2008

Chuir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) an dara athbhreithniú náisiúnta ar cháilíocht seirbhísí sláintíochta i gcrích i mí na Nollag 2008. Rinne sé monatóireacht ar chomhlíonadh gach ceann de na 50 ospidéal cúraim ghéarmhíochaine in Éirinn, idir chinn de chuid FSS agus chinn deonacha, maidir le *Athbhreithniú Cáilíochta na Seirbhísí Náisiúnta Sláintíochta 2008: Caighdeán agus Critéir*. Rinne sé comparáid idir scóir chomhiomlána agus aonair na n-ospidéal lenar baineadh amach anuraidh. Léirigh an t-athbhreithniú go bhfuil feabhsúcháin shuntasacha déanta ag go leor ospidéal ina bhfeidhmíocht anuraidh, le beagnach dhá oiread an líon rátálacha A, a chiallaíonn an leibhéal is airde comhlíonta, agus a baineadh amach in 2007. Mar sin féin, thug an tuarascáil le fios freisin go bhféadfaí tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh mar gur bhain roinnt ospidéal an leibhéal céanna feidhmíochta agus comhlíonta amach agus gur léirigh líon beag ospidéal laghdú ina rátáil.

Rinneadh suirbhé ar othair le linn an mheasúnaithe freisin, agus chomhaontaigh formhór na n-othar agus na gcuairteoirí a ceistíodh go raibh an t-ospidéal ina raibh siad glan agus go raibh comharthaíocht agus postaeir i leith sláinteachais láimhe, agus cleachtas sláinteachais láimhe iad féin, ar ardchaighdeán. Is féidir an t-athbhreithniú iomlán a fheiceáil ag [www.hiqa.ie](http://www.hiqa.ie)

## Iniúchadh Náisiúnta Sláinteachais sa Phobail

Tugadh faoin gcéad iniúchadh náisiúnta sláinteachais ar sheirbhísí pobail idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag. Rinneadh measúnú ar sheachtó saoráid cónaitheach 24 uair an chloig ar mhéideanna éagsúla, do dhaoine níos sine, do dhaoine lena mbaineann saincheisteanna meabhairshláinte agus do dhaoine faoi mhíchumais. Chuir sin ar ár gcumas scrúdú a dhéanamh ar roinnt saoráidí ina bhfuil cleachtais sláinteachais den scoth i bhfeidhm agus breithniú a dhéanamh ar ghnéithe a gcaithfear a fheabhsú agus tuilleadh tacaíochta. Beidh na torthaí mar fhaisnéis ag clár forghníomhach iniúchtaí féin-mheasúnaithe, sláinteachas agus cúram sláinte a bhaineann le hoiliúint ionfhabhtaithe agus iniúchtaí neamhspleácha sain-dírthe. Tacóidh sé le forbairt pholasaí chomh maith.

## Ionfhabhtuithe a Bhaineann le Cúram Sláinte (IBCSanna)

Is dúshlán do gach córas sláinte iad IBCSanna, lena n-áirítear MRSA (*Stafalococcus Áreas atá Frithsheasmhach do Mheiticillin*), de réir mar a éiríonn cúram sláinte níos déine, níos casta agus níos ionraí. Leanann tinnis a d'fhéadfaí a sheachaint as na hionfhabhtuithe sin agus tá tionchar níos leithne acu ar ár seirbhísí. Cé gurb ionann MRSA agus thart ar 10% de IBCSanna, is féidir impleachtaí tromchúiseacha a leanúint as agus aithnímid an t-ábhar imní atá ann d'othar agus do theaghlaigh.

Tá ról le himirt ag gach duine maidir le deireadh a chur le hionfhabhtuithe ospidéal; an fhoireann chliniciúil thúsline, an fhoireann seirbhísí tacaíochta, bainisteoirí cúraim sláinte, othair agus a dteaghlach. Tá foirne rialaithe ionfhabhtaithe bunaithe sna hospidéal go léir agus ag an leibhéal OSA sa phobal chomh maith. Lean feabhsúcháin mhóra ar na rátaí ionfhabhtuithe a bhaineann le hospidéal as iarracht mhór a rinneadh in 2007/2008. Leag ár straitéis dar teideal *Say No to Infection* roinnt spriocanna uailmhianta agus dúshlánacha amach ó thaobh cosc agus rialú ar ionfhabhtú a bhaineann le hospidéal, chomh maith leis na gníomhartha a bhí uainn chun na spriocanna sin a chomhlíonadh. Ceann de na spriocanna ná rataí MRSA a laghdú faoi 30% i gcaitheamh cúig bliana. Is féidir linn a thuairisciú in 2008 go bhfuil laghdú 25% bainte amach againn cheana féin sa tréimhse dhá bhliain sin.

D'oibrigh othair agus teaghlaigh in éineacht le foireann an FSS chun an feabhsúchán sin a chur i gcrích, mar shampla, trí iarradh ar an bhfoireann a gcuid lámha a ní, trí úsáid chúramach antaibheathach agus trí chloígh le polasaithe ó thaobh cuairteanna a thabhairt ar an ospidéal.

D'fhoilsigh an tIonad Faireachais ar Chosaint Sláinte sain-treoirínte náisiúnta in 2008, le haghaidh faireachas, diagnóis agus bainistíocht a dhéanamh ar *Clostridium difficile* chun cabhrú le daoine gairme cúraim sláinte ionfhabhtú *Clostridium difficile* a chosc, a rialú agus a bhainistiú i saoráidí cúraim sláinte agus in othair. Déanfaidh na moltaí sin difear mór i saoráidí cúraim sláinte ar fud na tíre agus foilsíodh iad de bhun iarratas ó fhoirne rialaithe ionfhabhtuithe ar threoirínte náisiúnta.

Foilsíodh na treoirínte an tráth céanna a ndearnadh an cinneadh stádas galair infhógartha a thabhairt do *Clostridium difficile* faoin gcatagóir Géar-Ghalar Gastraistéigeach Tógálach, ón 4 Bealtaine 2008. Tá Éire ar cheann de na chéad tíortha chun an chéim sin a ghlacadh agus ciallaíonn sé go bhfuil sé riachtanach cásanna a thuairisciú, rud a chuireann níos mó eolais faoi *Clostridium difficile* agus a leitheadúlacht ar fáil. Cabhróidh sin le daoine gairme cúraim sláinte monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht cláir choisctheacha d'fhonn cúram agus sábháilteacht othar a fheabhsú.

## Aghaidh a Thabhairt ar Cháilíocht agus ar Shábháilteacht – An Méid Gníomhaíochta in ár nOspidéal Bheaga

Críochnaíodh Céim a hAon den staidéar ar an líon gníomhaíochta in ospidéal bheaga in 2008. Tionscadal i gcomhar a bhí ann, agus bhí na hospidéal bheaga go léir i Líonra an Deiscirt, i Líonra an Mheán-Iarthair agus i Líonra an Oirthuaiscirt páirteach ann. Fuair a thuarascáil, *Examination of Out-of-Hours (OOH) Surgery and Emergency Department (ED) Activity in Selected Hospitals*, amach gurb é bainistiú mion-ghortuithe an chúis ba choitianta ar fad ar thug daoine cuairteanna ar RÉ ospidéal (43% de na cuairteanna go léir). Ba iad fir níos óige ba mhinice a thug cuairteanna agus measadh go raibh baint ag an leibhéal mion-ghortaithe sa ghrúpa sin leis. Tharla trí cheathrú den ghníomhaíocht RÉ idir 8am-8pm, agus ba iad Dé Luain agus Dé Máirt na laethanta ba gnóthaí sa tseachtain.

Fuair imscrúdú ar mháinliacht iar-ama amach go raibh leibhéal íseal gníomhaíochta sna hospidéal níos lú; rinneadh líon iomlán de 1,153 nós gnáthamh tar éis 8pm sna 11 ospidéal a ndearnadh staidéar orthu (2007). Ní dhearna roinnt ospidéal ach 17 gnáthamh tar éis 8pm i gcaitheamh na bliana go léir. Ba iad na trí ghnáthamh ba choitianta ná aipindeachtóime, éasafaga-gastra-dúidéineas-scópacht agus gearradh agus draenáil easpa/haematoma.

Cuirfear tús le Céim a Dó in 2009. Beidh impleachtaí ag torthaí na staidéar sin ar an tslí a ndéanfar seirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh chun uasmhéid sábháilteachta agus cáilíochta d'othair a chinntiú.





**BUAITEOIR:** Ceanncheathrú Otharcharranna, an Tulach Mhór.  
(ar cúl) Larry Walsh, Stiúrthóir, Fóram Comhpháirtíochta Seirbhísí Náisiúnta Sláinte agus an tOllamh Drumm, POF an FSS.  
(chun tosaigh) Gerry Clarke, Leas-Phríomhoifigeach Otharcharranna; Emily Mahon, Oifigeach Rannóige; Robert Morton, Príomhoifigeach Otharcharranna agus Pat "The Cope" Gallagher TD, An Roinn Sláinte agus Leanaí.



## Buaiteoir Gradam Gnóthachtála

### BUAITEOIR FORIOMLÁN NA NGRADAM CÁILÍOCHTA AGUS SÁBHÁILTEACHTA

**Oifig Náisiúnta Ospidéal, Baile Átha Cliath Lár-Laighean, Ceanncheathrú na nOtharcharranna, an Tulach Mhór**

*Moladh Seirbhís Otharcharranna an Réigiúin Lár Tíre as ucht a gcaighdeán thar a bheith arda de bharr tionscnaimh obair bhuíne láidre agus as ucht a gcórais cháilíochta den scoth. Bunaithe ar an Tulach Mhór, cuimsíonn an tseirbhís ceantar leathan ar feadh Laoise, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí. Oibríonn a criúnna de lá agus d'oíche, ag cur réimse seirbhísí ar fáil, ó fhreagairt 999 go cúram éigeandála réamh-ospidéal, aistrithe idir-shaoráide agus tacaíocht Dhochtúirí Teaghlaigh. Tar éis athbhreithniú oibríochtúil agus bainistíochta ollmhór a dhéanamh, d'fhoillíonn Cáilíocht agus Sábháilteacht a fheabhsú, tugadh isteach polasaithe nua in éineacht le hoiliúint in-seirbhíse agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Léirigh an tseirbhís otharcharranna go raibh sí ag soláthar timpeallacht i bhfad níos sábháilte d'othair ó thaobh feithiclí, trealamh, oiliúint foirne agus folláine foirne, mar thoradh ar a tiomantas leanúnach d'oiliúint, do choinneáil taifead agus do shaincheisteanna cáilíochta agus sábháilteachta a chur in iúl.*

*De réir Robert Morton, Príomhoifigeach Otharcharranna, is ceann de na buntáistí is mó atá feicthe ná go bhfuil baill foirne bródúil as a gcuid oibre anois, tuigean siad go gcuireann siad cuid de chúram leanúnach, seachas díreach seirbhís aonair inti féin, ar fáil. Maidir le sábháilteacht agus le bainistíocht riosca, tá laghdú drámatúil tagtha ar neasteagmhais agus níor tharla aon eachtra inar gortaíodh ball foirne.*

# Sármhaitheas Oibríochtúil – Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht a Uasmhéadú

## Sracfhéachaint ar 2008...

*Baineadh coigilteas de bhreis agus €280 milliún amach trí thionscnaimh luach ar airgead a fheidhmiú.*

*Tá luach athsholáthair os cionn €10 billiún ag ár n-eastát cúraim sláinte. Baineadh úsáid as €563 milliún de mhaoiniú caipitil.*

*Cuireadh 215 tionscadal infrastruchtúr TFC i bhfeidhm.*

*Tá 40,000 úsáideoir feidhmchlár TFC san eagraíocht s'againne.*

*Láimhseáil an Deasc Chabhrach TFC 275,000 glao i rith na bliana.*

*Caithimid €4 billiún in aghaidh na bliana ar tháirgí agus ar sheirbhísí ar fud na heagraíochta agus cúram othar á sheachadadh againn.*

Ní i gcónaí a aithnítear go dteastaíonn méid maith cultaca lena chur ar chumas ár seirbhísí túsline cúram ardcháilíochta a chur ar fáil d'ár n-othair agus dár gcliaint. Baineann **Sármhaitheas Oibríochtúil** a bhaint amach le próisis bhainistíochta, chliniciúla agus riaracháin a fhorbairt a bheidh éifeachtach, éasca le teacht orthu agus le tuiscint, bunaithe ar fhianaise, agus a dhéanfaidh monatóireacht ar fheidhmíocht, a thabharfaidh feabhsúchán agus luach ar airgead leanúnach.

Oibríonn ár bpríomh-oibríochtaí tacaíochta de lá agus d'oíche lena chinntiú go ritheann ár seirbhísí chomh réidh agus chomh saor ó thrioblóid agus is féidir. Leis sin a chumasú, oibríonn TFC, tionscadail chaipitiúla, airgeadas, fáil, srl. le chéile chun ár n-infrastruchtúr a fheabhsú go leanúnach, bliain ar bhliain. Bíonn tionchar díreach ag obair na bhfeidhmeanna sin, cé nach bhfuil siad ró-fheiceálach, ar cháilíocht na seirbhíse a sheachadaítear.

### Plean Caipitil 2008

Thaifead FSS ioncam caipitil €588.80m don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008. Áiríodh air sin €570.54m de mhaoiniú stáitchiste. Ba €563.17m an caiteachas caipitil go léir in 2008. Áiríodh air sin deontais chaipitil de €190.14m do ghníomhaireachtaí deonacha.

Maidir leis an gclár caipitil don bhliain a fhorbairt, ba iad na tosaíochtaí a bhain leis ná tionscadail aonair a fháil, an Plean Caipitil 2008 a chur ar chomhréim leis an bPlean Náisiúnta Seirbhíse 2008, agus an leithdháileadh caipitil a bhainistiú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.

Bhrúig FSS roinnt tionscadal caipitil chun cinn in 2008. Maidir lenár seirbhísí pobail, tá sé beartaithe againn go mbeidh Foirne Cúraim Príomhúla bunaithe i saoráidí aonair chun rochtain éasca a sholáthar d'othair agus chun cur le comhoibriú foirne ildisciplíneach. Cuireadh tús in 2007 le clár chun Ionaid Chúraim Phríomhúla a fháil chun cóireáil a chur ar fáil do na foirne atá ag teacht chun cinn. Tugadh comhaontaithe léasa d'Ionaid Chúraim Phríomhúla chun críche i mbreis agus 100 láthair in 2008, agus d'oscail an chéad naoi gcinn díobh in 2009. Táthar ag súil go n-osclofar iad go léir faoi dheireadh 2011. Áirítear ar thionscnaimh eile:

- Seachadaíodh 350 leaba do thréimhse fanachta fada, agus tá 800 eile á dtógáil nó á bpleanáil.
- Comhaontaíodh agus cuireadh tús le clár tógála meabhairshláinte, ag teacht le “*A Vision for Change*”.
- Cuireadh tús le réamh-oibreacha do thionscadal Ospidéal Mater do Dhaoine Fásta agus ceapadh conraitheoir chun tosú ar an bpríomhchonradh in 2009.
- Tá Foireann Forbartha Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach ar bun, tá comhairleoirí seirbhísí gnó ceaptha, tá an treoir deartha á forbairt agus ceapfar an fhoireann deartha in 2009.
- Tá conraitheoir ceaptha chun na luasairí líneacha breise ag Ospidéal Beaumont agus ag Ospidéal San Séamasa a dheardh agus a shuiteáil.
- I measc na bhforbairtí ollmhóra ar ospidéal atá ag an gcéim pleanála/tógála tá Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, Ospidéal Naomh Uinseann, Ospidéal Réigiúnach an Mheán Iarthair, Luimneach, Ospidéal Ginearálta Inis, Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh agus Ospidéal Naomh Luke, Cill Cheannaigh.

### Caipiteal TFC

D'eisigh an FSS íocaíochtaí caipitil TFC arbh fhiú €18.73m iad don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008. Tugadh faoi mhéid iomlán de 215 tionscadal, 85 tionscadal ollmhór agus 130 mion-tionscadal. Ceadaíodh go leor de na tionscadail go deireanach in 2008 agus dá bharr sin ní thabhóidh siad caiteachas mór go dtí 2009.

Áiríodh na nithe seo a leanas ar chuid de na tionscadail ollmhóra suntasacha a brúdh chun cinn i rith 2008 agus a mbeidh tionchar díreach acu ar chúram othar:

- Tá an tionscadal **Cnáimhseachais Réigiúnach** san Oirthuaisceart 90% críochnaithe anois. Tá an tionscadal sin leagtha amach le soláthar taifead othair atá inrochtana ar gach láithreán ina seachadaítear cúram an othair cnáimhseachais/nua-bheirthe laistigh den Oirthuaisceart a sholáthar.
- Tuilleadh leathnaithe amach agus pleanála don **Chóras Bainistíochta Othair Comhtháite (CBOT)**. Tá an córas curtha i bhfeidhm anois in 30 ospidéal ar fud FSS.
- Is éard atá i dtionscadal **Tetra (an Córas Raidió Digiteach Náisiúnta)** gné FSS de chinneadh an rialtais chun an trealamh raidió UHF agus VHF atá ann faoi láthair do na seirbhísí éigeandála a athsholáthar le seirbhís Raidió Trunca Digiteach Trastíre. I rith 2008, fuarthas trealamh soghluaiste lena chur isteach san fhlíit otharcharranna náisiúnta.
- Tugann **Healthlink**, seirbhís curtha teachtaireachta gréasán-bhunaithe, deis faisnéis faoi othair a aistriú idir ospidéal agus dochtúirí teaghlaigh thar an idirlíon ar bhealach slán. Tá dul chun cinn suntasach déanta, lena n-áirítear: torthaí saotharlainne in Ospidéal Mhíchíl; cur teachtaireacht Comhoibríthe Dochtúirí Teaghlaigh sa Mheán-larthar; tuarascálacha raideolaíochta in Inis; Neurolink in Ospidéal San Séamas agus tosaíodh ag obair leis an NCCP chun atreorúithe ailse leictreonacha a fheidhmiú.
- Tugadh an t-uasghrádú **RIS/PACS** in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, chun críche. Chuir an tionscadal bainistíocht íomhá leictreonach i bhfeidhm in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh agus in Ospidéal Ortaipéadach Mhuire trí PACS, RIS agus córais aitheanta gutha a shuiteáil.
- Is é is aidhm le **Wisdom**, ár dtionscadal córais faisnéise meabhairshláinte, córas faisnéise do sholáthróirí cúraim meabhairshláinte, do phleanálaithe, do dhéantóirí polasaí agus do thaighdeoirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, chun sonraí sonracha ar ghníomhaíocht meabhairshláinte i seirbhísí ospidéal agus pobail araon a thaifeadadh agus a thuairisciú i bhfíor-am. Tá an córas á phiólótu i nDún na nGall. Rinneadh dul chun cinn maith ar an tionscadal in 2008, lena áiríodh an t-infrastruchtúr TFC a fháil, polasaithe ceada agus slándála a fhorbairt, agus plean oiliúna úsáideora dheiridh a chomhaontú.
- Leanadh leis an **Líonra Náisiúnta Sláinte (LNS)** a leathnú amach le linn 2008 agus nascadh níos mó láithreán leis an Líonra FSS aonair agus rinneadh uasghrádú ar thuilleadh roinnt nasc. Tá níos mó ná 40 láithreán ar an LNS anois. Táthar i mbun réamh-pleanála faoi láthair do líonra tánaisteach/cúltaca a chuirfidh athléimneacht ar fáil don príomh-líonra.

## Ag díriú ar...

*Trí idirchaidreamh a dhéanamh leis na príomh-sholáthróirí aráin tá arán a bhfuil 10% níos lú salainn ann á fháil sa chuid is mó de FSS anois. Ní amháin go gcinntíonn sin buntáiste ó thaobh costais de, ach cinntíonn sé buntáiste fadtéarmach ó thaobh na sláinte de chomh maith, os rud é go meastar dá laghdóimis an méid salainn a ithimid mar dhaonra faoi 40%, go laghdófaí an líon básanna de bharr stróc faoi 13% (494 bás) agus an líon básanna de bharr galar croí faoi 10% (846 bás).*

*Tá sé riachtanach tacú le córais láidre TFC ó thaobh éifeachtachta agus éifeachtúlachta na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna. Leanadh ar aghaidh leis an gclár TFC in 2008 le forbairtí sna réimsí bainistíochta flít, foirmeacha cúraim othar leictreonacha, raidió trunca digiteach, bainistíocht uainchláir, seoladh tosaíochta liachta agus seoladh ríomhchuidithe.*

*D'oibrigh an stiúthóireacht Sláinte Daonra le hIonad Drugaí agus Alcóil Shráid Stanhope d'fhonn cáilíocht na seirbhíse agus rochtain uirthi a fheabhsú. Mar thoradh air sin, laghdaíodh na líostaí feithimh.*

*Tá Córais Faisnéise Geografacha (CFG) leathnaithe amach do líon níos leithne úsáideoirí agus chuidigh sé le roinnt tionscadal. Áirítear orthu sin: measúnú ar riachtanais FCPanna; soláthar iompraíochta seirbhíse pobail lae; teorainneacha sláinte a mhapáil; seirbhísí agus láithreacha othar a mhapáil don Athbhreithniú Náisiúnta ar Sheirbhísí Réamaiteolaíochta; Faireachán ar ghalair thógálacha; daonraí an Lucht Siúil agus tionscadail oiliúna don Tionscadal Náisiúnta Sláinte an Lucht Siúil a mhapáil.*

*Is uirlis gréasán-chumasaithe é Health Atlas Ireland a bhailíonn le chéile sonraí faoin tsláinte agus a bhaineann leis an tsláinte, staitisticí agus tíreolas, rud a chuireann ar chumas FSS cinntí criticiúla a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis faoin tsláinte. Tacaíonn sé le cinntí pleanála seirbhísí mar an suíomh is fearr do chlinicí scagthástála in Iarthar na hÉireann, athchumrú ospidéal agus fadhbanna maidir le seachadadh seirbhísí a aithint. Tá sé tógtha go hiomlán ar bhogearraí foinse oscailte, gan costais ceadúnais i gceist, rud a léiríonn an luach ar airgead den scoth atá bainte amach aige.*

**TFC Airgeadais** – I mí na Samhna, cuireadh moladh leasaithe chun Córas Náisiúnta Airgeadais amháin a chur i bhfeidhm faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí. Tháinig sé sin in áit mholadh a cuireadh i láthair bliain roimhe sin. Tá an moladh á bhreithniú ag an Roinn Sláinte agus Leanaí agus ag an Roinn Airgeadais. Tá sé beartaithe againn, faoi réir cead iomchuí a fháil, tús a chur le feidhmiú córais amháin, ag díriú go suntasach ar phróiseas amháin ceannaigh-le-híoc a fhorbairt don eagraíocht. Déanfar coigealtas mhóra dá bharr sin.

**TFC Acmhainní Daonna** – Déanann ár gCóras Gnó Acmhainní Daonna (CGAD) taifid phearsanra a phróiseáil i ndáil le thart ar 89,000 comhalta foirne agus pinsinéirí de chuid FSS. Laistigh den mhéid sin, íoctar thart ar 35,000 go díreach tríd an gcóras chomh maith. Tacaíonn trí aonad leis an gcóras – Ionad Inniúlachta Custaiméirí, a thacaíonn leis an gcóras agus a dhéanann chothabháil air; Faisnéis Ghnó, a eachtarshuíonn faisnéis ón gcóras; agus Tionscadail Bheaga, a dhéanann na buntáistí ón gcóras a uasmhéadú.

Tugadh faoi thuilleadh oibre in 2008 chun scrúdú a dhéanamh ar shlite gur féidir an córas a leathnú ar fud na heagraíochta trí úsáid a bhaint as an saineolas inmheánach agus na hacmhainní atá ann mar thoradh ar an gcur i bhfeidhm go dtí seo. Tugadh roinnt moltaí chun críche i rith na bliana, lena áiríodh Athbhreithniú ar Phárolla, agus leanfar leis an obair ar an tionscnaimh sin le linn 2009.

I dteannta na bpríomhthionscadal, cuireadh 130 miontionscadal infrastructúir TFC i bhfeidhm le linn 2008. Áirítear ar mhiontionscadail uasghráduithe ar fhreastalaithe, Uasghráduithe agus breisithe ar Líonraí Achair Logánta, infrastructúir slándála agus uasghráduithe infrastructúir TFC go ginearálta.

## An Clár Luach ar Airgead (LAA)

Éilíonn an tAcht Sláinte 2004 é seo a leanas ar FSS *“use the resources available to it in the most beneficial, effective and efficient manner to improve, promote and protect the health and welfare of the public”*.

Is féidir LAA a shainmhíniú mar an chothromaíocht cheart idir eacnamaíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht – costais sách íseal, táirgiúlacht ard agus torthaí a n-éiríonn leo. Is deachleachtas é LAA a bhaint amach agus luíonn sé le ciall. Is rud casta é LAA a mheas, san earnáil phoiblí ach go háirithe, áit a mbíonn dúshlán níos mó ag baint le seachadadh luacha a thomas agus a thuairisciú. Forbraíodh plean gnímh do 2007-2010, le sprioc coigiltis de €500 milliún. Rinneadh coigealtas thuairiscithe de €63 milliún i rith 2007. Leag FSN 2008 spriocanna breise LAA ar mhéid iomlán €300 milliún amach. Leagadh na spriocanna sin amach chun:

- An méid gur féidir le conraitheoireacht a bhaint amach a uasmhéadú, mar shampla, rinne conraitheoireacht coigealtas de bhreis agus €50 milliún i réimsí mar chostais drugaí, costais trealaimh TFC, ceannach

scanóirí CT, soláthair bhia, srl.

- An forchostas corparáideach a bhaineann le bainistíocht na seirbhíse a laghdú, rud a rinne coigealtas de thart ar €20 milliún trí éifeachtúlachtaí faoi leith, mar shampla, i mbainistíocht costas a bhaineann le taisteal agus cothabháil, costais chomhairleoireachta agus foirne neamh-thúslíne, srl.
- Cur le héifeachtúlachtaí laistigh de na seirbhísí ospidéal agus pobail, rud a rinne coigealtas, mar shampla, trí bhailiúchan ioncaim agus fiachais níos fearr, bainistíocht agus rianadh níos fearr ar fhuil, bhainistíocht ar chostais saotharlainne, glanadh agus costais lónadóireachta, srl.

Rinneadh seirbhísí túslíne a chosaint, agus baineadh coigealtas d’os cionn €280 milliún amach in 2008.

Bliain fhorbartha a bhí in 2008 maidir le tuairisciú LAA, inar áiríodh príomh-tháscairí feidhmíochta a aithint d’fhonn laghdú costais agus rialú costais a thomhas. Léiríonn anailís ar na táscairí sin gur baineadh amach laghduithe suntasacha i ráta an chostais fáis pá agus neamh-phá. Bhí seachaint costais neamh-phá glan iomlán de bheagnach €500 milliún ar feadh na réimsí costais go léir, lena n-áirítear costais a bhaineann le forchostais chorparáideacha mar oifig, cíosanna, dlíthiúil, ríomhairí, srl. Cuireadh teorainn ar an bhfás sa bhille pá a chonacthas i rith 2007 agus cúlaíodh é de bharr CL dian agus rialú dian ar chostais phá i rith na bliana.

## Earraí agus Seirbhísí a Fháil

Is éard a chiallaíonn fáil bainistíocht aimsithe, tairisceana, conarthachta agus lóistíochta a dhéanamh ar earraí, ar sheirbhísí agus ar threalamh don eagraíocht, d’fhonn an méid is mó éifeachtúlachtaí is féidir a chinntiú agus chun an luach is fearr is féidir ar airgead a bhaint amach ó thaobh an €4 billiún a chaitear in aghaidh na bliana ar tháirgí agus ar sheirbhísí ar fud na heagraíochta maidir le cúram othar a sheachadadh.

Choimeád Tionscnamh Bainistíochta Praghais straitéiseach an costas ceannaithe isteach earraí agus seirbhísí ag na leibhéil a bhí ann cheana in 2008 agus leanfaidh sin ar aghaidh in 2009. Ba é príomh-aidhm an tionscnaimh seo na seirbhísí túslíne a chosaint sa timpeallacht eacnamaíocht deacair seo.

I rith 2008 chuir tionscnaimh fála na nithe seo a leanas ar fáil:

- Bhain fáil sprioc dúshlánach de choigealtas €9 milliún amach maidir le haimsiú, rud a chuir leis an sprioc LAA foriomlán a bhaint amach, agus le cáilíocht cúraim othair a choimeád le buiséad níos ísle in 2008.
- Tacaíocht do chustaiméirí sna hospidéal níos lú agus sna hionaid chúraim phobail.
- Cáilíocht agus raon tacaíochta níos fearr do sholáthróirí seirbhísí túslíne trí stoc a bhainistiú ag an bpointe úsáide. Thug sé sin deis an foireann chliniciúil a shaoradh chun a gcuid ama a atreorú chun leasa seachadta cúraim othair.

- An líon níos mó seachadtaí d’othair ina n-áiteanna cónaithe féin. Mar thoradh ar oibriú le foirne ildisciplíneacha, táthar in ann díriú níos fearr ar riachtanais an othair sa phróiseas tairisceana. Is samplaí maithe praiticiúla de sin ná:
  - Conradh d’Fheisteas Neamhchoinneálachta – as a leanfaidh coigealtas suas le €5.7 milliún sa chéad chúig bliain eile amach romhainn. Freastalaíonn an conradh seo ar leibhéal níos airde, suas le 40,000 seachadadh baile in aghaidh na bliana chuig cliaint.
  - Athchúrsáil Áiseanna agus Fearas – Chomh maith le costais chonraitheoireachta níos fearr, díriodh níos mó ar áiseanna agus fearais chostasacha a athchúrsáil mar gheall ar fháil, as a lean coigealtas €6 milliún.
- Táirgí Ola Bhreosla – Bunaíodh conradh náisiúnta i rith 2008, a fhreastalaíonn ar 1,250 láthair ar fud na tíre. B’ionann an coigealtas ionchais an tráth ar bronnadh an conradh agus €1.2m in aghaidh na bliana.
- An tAonad Taistil Ghnó – Tá coigealtas suntasach bainte amach ag an aonad seo maidir leis an gcostas taistil aeir a laghdú trí chórais bhainistíochta láidre mar chuid de thionscnamh bainistíochta costais leanúnach FSS.
- Leanfaidh coigealtas €2.5m i gcaitheamh ceithre bliana as conradh do Sheirbhísí Slándála d’othair agus don fhoireann.

## Monatóireacht a Dhéanamh ar ár bhFeidhmíocht

I rith 2008 leanamar ag déanamh forbartha ar ár n-infrastruchtúr chun monatóireacht a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht, rud a chabhraíonn linn tacú lenár bhfeabhsúcháin seirbhíse. Áiríodh ar thionscnaimh:

- Tugadh rochtain don phobal den chéad uair ar Thuarascálacha Monatóireachta Feidhmíochta Míosúla (TMFanna) ar an idirlíon ag [www.hse.ie](http://www.hse.ie)
- Leathníodh HealthStat, uirlís feidhmíochta oibríochtúla a úsáidtear in 29 ospidéal géarmhíochaine, chuig tuilleadh ospidéal ginearálta agus speisialtóireachta agus chuig seirbhísí pobail.
- Bileoga Eolais ar Phleanáil agus ar Fheidhmíocht a fhorbairt.
- Obair leanúnach leis an Roinn Sláinte agus Leanaí chun táscairí feidhmíochta lena mbaineann níos mó brí a fhorbairt ag leibhéal sláinte an phobail, ag leibhéal corparáideach, ag leibhéal plean seirbhíse agus oibríochtúla.
- Plean Corparáide an FSS 2008-2011 a fhoilsiú agus táscairí feidhmíochta corparáideacha agus uirlís tomhais a fhorbairt.



*BUAITEOIR: Ospidéal Ginearálta Shligigh – Cúrsaí Dramhaíola i Suíomh Géar – Larry Walsh, Stúirthóir, Fóram Comhpháirtíochta Seirbhísí Náisiúnta Sláinte; Brian Feeney, Maoirseoir Dramhaíola Póirtéireachta; Enda Healy, Comh-Chathaoirleach Comhpháirtíochta; Rodney Roddy, An Fhoireann Bainistíochta Dramhaíola; Matt Hogan, An Fhoireann Bainistíochta Dramhaíola; Grainne McCann, Bainisteoir Acmhainní Daonna, Comh-Chathaoirleach Comhpháirtíochta; John McArt, Bainisteoir Seirbhíse agus an tOllamh Brendan Drumm, POF AN FSS.*

## Buaiteoir Gradam Gnóthachtála

**AN CATAGÓIR SEIRBHÍSE NÍOS FEARR  
AN FEABHSÚCHÁN IS FEARR/  
AN IARRAHT IS FEARR**

**Ospidéal Ginearálta Shligigh –  
Cúrsaí Dramhaíola i Suíomh Géar**

*Tugadh córas nua láimhseála agus rialaithe dramhaíola isteach in Ospidéal Shligigh. Ba é an toradh a bhí ar sin méid níos lú dramhaíola ag dul chuig líonadh talún agus rinneadh cuid mhór den dramhaíol a athchúrsáil agus a athúsáid ag teacht leis na treoirlínte comhshaoil is fearr. De bharr an chórais nua fuair an t-ospidéal ioncam ar earraí athchúrsáilte.*



# Deis a Thabhairt dár nAcmhainneacht – Cleachtais Oibre Níos Fearr

## Sracfhéachaint ar 2008...

*Mar an fhostóir is mó sa Stát, tá 110,992 ball foirne comhionann lánaimseartha fostaithe againn chun seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta a sheachadadh chuig muintir na hÉireann.*

*Tá 2,248 lía comhairleach ann; is ionann sin agus 2% den lucht oibre.*

*Is ionann altraí agus 34% den lucht oibre foriomlán (38,075).*

*Scríobh 57 ordaitheoir cláraithe in 20 soláthróir seirbhíse sláinte 2,962 oideas do 2,485 othar, lena áiríodh 4,300 táirge liachta.*

*Tá 1,036 paraimhíochaineoir (lena n-áirítear 111 ar-pharaimhíochaineoir) ag obair inár seirbhís réamh-ospidéal.*

*Earcaíodh 147 teicneoir liachta éigeandála faoi oiliúint in 2008.*

*Earcaíodh 120 post altranaís breise chun tacú leis an laghdú ar an tseachtain oibre go dtí 37.5 uair an chloig.*

Déantar meastóireacht go síor ar ár gcleachtais oibre lena chinntiú go bhfuil Deis á Thabhairt againn dár nAcmhainneacht, go bhfuil tacaíocht agus spreagadh á dtabhairt againn dár bhfoireann a bheith ag obair go freagrach, dúshlán a bhainistiú agus a bheith bródúil as an méid a chuireann siad leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil thar ceann na heagraíochta. I gcomhpháirtíocht déanaimid gnóthachtálacha a aithint agus a cheiliúradh agus tugaimid tacaíocht don fhoireann a lán-acmhainneacht a bhaint amach.

## Ár Lucht Oibre

Is é FSS an fostóir is mó sa stát, agus d'fhostaigh an earnáil phoiblí breis agus 130,000 duine go díreach ag deireadh 2008.

Le linn 2008 lean ár n-eagraíocht, a chuimsíonn dhá thrian den fhoireann seirbhísí sláinte foriomlán, ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta do phoist túslíne agus a bheith mar threallús do laghdú foirnithe i réimsí neamh-riachtanacha. Tríd is tríd, thaifead foirniú bainistíochta agus riaracháin an chéad laghdú bliantúil ó bailíodh figiúirí le chéile san fhormáid reatha (1990), agus tháinig laghdú ar an líon pearsanra seirbhísí tacaíochta ginearálta in 2008 chomh maith. Mar chodarsnacht, tháinig méadú ar líonta na gcatagóirí túslíne bliain i ndiaidh bliana.

## Daonáireamh ar Phearsanra na Seirbhísí Sláinte – Deireadh Mhí na Nollag 2007 agus 2008

Catagóir	Líon CL Nollaig 2007	% den Líon	Líon CL Nollaig 2008	% den Líon	an t-Athrú	% Athrú 2007-2008
Leigheas/Déadach	8,005	7.3%	8,109	7.3%	104	1.3%
Altranas	39,006		38,108			
Líon Gnáth-Ábhar Altra	1,177		33			
Altranas (seachas Ábhair Altraí)	37,829	34.3%	38,075	34.3%	246	0.6%
Gairmithe Cúraim Shláinte & Shóisialta	15,705	14.2%	15,980	14.4%	275	1.7%
Cúram Othar agus Client Eile	17,846	16.2%	18,230	16.4%	384	2.1%
Foireann Tacaíochta Ginearálta	12,900	11.7%	12,631	11.4%	-269	-2.1%
Bainistíocht/Riarachán	18,043	16.3%	17,967	16.2%	-76	-0.4%
Iomlán (Ábhair Altraí san áireamh)	111,505		111,025		-480	-0.4%
<b>Iomlán (gan Ábhair Altraí san áireamh)</b>	<b>110,328</b>	<b>100%</b>	<b>110,992</b>	<b>100%</b>	<b>664</b>	<b>0.6%</b>

Foinse: Daonáireamh ar Phearsanra na Seirbhísí Sláinte. Luaitear gach figiúr mar chomhionann lánaimseartha (CL)

Tá Bainistíocht/Riarachán comhdhéanta de bhaill foirne a fhónann go díreach don phobal agus áirítear orthu rúnaithe comhairleach, pearsanta rannata na n-othar seachtrach, pearsanra taifead liachta, teileafónaithe agus baill foirne eile a bhíonn gafa le dualgais túslíne in éineacht leis an bhfoireann neamh-thúslíne sna réimsí seo a leanas: Párolla, Bainistíocht Acmhainní Daonna (lena n-áirítear oiliúint), Bainisteoirí Seirbhíse, Foireann TE, Tacaíocht Bainistíochta Ginearálta agus Riachtanais Reachtúla agus Faisnéise.

Sa chatagóir Cúram Othair agus Client Eile áirítear foireann Seirbhísí Otharcharranna, Freastalaithe Cúraim Sláinte, Cúntóirí Cúram agus baill foirne cúraim dhíriú eile a bhfuil baint acu le seirbhísí cliniciúla d'othair agus do chliaint ó lá go lá.

Áirítear ar Ghráid Seirbhísí Tacaíochta Ginearálta príomhsheirbhísí mar Lónadóireacht, Bainistiú Tí, Seirbhísí Tacaíochta Saotharlainne, Cothabháil agus Póirtéireacht. Ní fhéadfadh seirbhísí cliniciúla feidhmiú gan na seirbhísí sin.

De bharr athruithe sa chlár oideachais altranaís, bhí 1,144 níos lú altra faoi oiliúint ar shocrúcháin uainchláraithe ag deireadh na bliana. Taispeántar figiúirí le haltraí faoi oiliúint san áireamh agus as an áireamh, d'fhonn bunús inchomparáide a thabhairt.

## FSN 2008 – Forbairtí Seirbhíse Nua

Sholáthair FSN 2008 cead agus maoiniú do roinnt forbairtí seirbhíse nua ar feadh seirbhísí sonracha, rud a d'éiligh líonadh 941 post nua. Leanfar leis an bpróiseas earcaíochta in 2009.

### Miondealú ar Sheirbhís Mhaoinithe Nua 2008 Forbairtí

Réimse Seirbhíse	Líon na bPost Nua	Líon na bPost Líonta	Fós ar bun Nollaig 08
Daoine Níos Sine	100	20.1	79.9
Cúram Maolaitheach	35.8	24.8	11
Seirbhísí Míchumais*	1,004.3	831.0	173.3
NCCP	90	43	47
Imdhíonadh	6	2	4
<b>Iomlán</b>	<b>1,236.1</b>	<b>920.9</b>	<b>315.2</b>

\* Áirítear poist chuig gníomhaireachtaí deonacha ar phoist mhíchumais faoi Alt 38 agus 39 den Acht Sláinte, 2004.

## An Conradh do Chomhairligh

Thug an Conradh nua do Chomhairligh, a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana, raon athchóirithe isteach atá chun leasa othar, a chabhraíonn le seirbhís arna soláthar ag comhairligh a fhorbairt, agus a chinntíonn go bhfaightear an luach is mó is féidir ar airgead ón infheistíocht sna poist chomhairligh atá ann cheana féin agus sna cinn nua.

Áiríodh ar na príomh-athruithe:

- Seachtain oibre níos faide
- Lá oibre níos faide
- Obair ar an deireadh seachtaine nuair is gá sin
- Cothromas níos mó d'othair phoiblí trí chonradh ar chineál poiblí amháin, teorainneacha ar chleachtas príobháideach in aghaidh poiblí agus liosta feithimh i gcoiteann do sheirbhísí diagnóiseacha
- Bearta chun seirbhísí ardcháilíochta agus sábháilteacht othar a chinntiú
- Tabhairt isteach stiúrthóirí cliniciúla chun comhairligh a bhainistiú agus lena chinntiú go mbeidh ról sinsearach ag cliniceoirí maidir le seirbhísí a phleanáil agus a bhainistiú, agus
- Ardú suntasach ar an líon post comhairleach.

Tabharfaidh an conradh nua cothromas níos mó d'othair phoiblí trí theorainn a chur ar an méid cleachtais phríobháidigh a dhéanann comhairligh a ghlacann leis an gconradh nua. Déanann an conradh soláthar freisin do liosta feithimh i gcoiteann atá le tabhairt isteach maidir le diagnóisic d'othair seachtracha, lena n-áirítear seirbhísí raideolaíochta agus saotharlainne.

## Ag díriú ar...

**Foilsíodh Treoir an FSS ar Bhainistíocht Athraithe; Ár Seirbhísí a Fheabhsú:** treoir don úsáideoir ar Bhainistíocht Athraithe i mí Iúil. Chun tuilleadh tacaíochta agus treorach a thabhairt don fhoireann, forbraíodh 'Mol na nAthruithe/ Change Hub', áis ar líne a thugann cabhair praiticiúil agus tacaíocht do bhaill foirne a bhíonn ag bainistiú athruithe agus forbraíodh tionscnaimh feabhsúcháin chomh maith.

Bunaíodh clár oiliúna nuálaíoch do chlárathóirí speisialtachta/ sinsearach chun deis a thabhairt do SpRanna tabhairt faoi bhealach oiliúna agus gairme comhtháite ag a mbeadh bronnadh Deimhniú Oiliúna agus PhD le gnóthachtáil ag an deireadh. Roimhe seo, bhí ar dhochtúirí faoi oiliúint sos a thógáil ina gcuid oiliúna cliniciúla chun tabhairt faoi PhD.

Ag obair le FSS, tá clár oiliúna d'altraí foiréinseacha forbartha ag an RCSI, ar riachtanas lárnach é maidir le seirbhísí a sheachadadh in Aonaid Chóireála d'Ionsaí Gnéasacha (SATUanna). Thosaigh ochtar altra ar an gclár i mí Eanáir 2008 agus tá siad leis a gcuid oiliúna a chur i gcrích go luath i mí 2009. Má éiríonn leo sa chúrsa seo, an chéad cheann dá chineál san Eoraip, beidh deis acu cóireáil a chur ar othair a fhreastalaíonn ar SATUanna agus an fhianaise fhoiréinseach a ullmhú agus a chur i láthair i gcás cúirte más gá sin.

Vótáladh FSS mar an Rogha Fostóra san Eanáil Phoiblí i nDuaiseanna Earcaíochta Iarchéimithe an Irish Times 2008. Bhaineamar an 6ú áit amach tríd is tríd i measc na bhfostóirí go léir in Éirinn, mar Bhanc na hÉireann, an Státseirbhís, AIB agus Ernst & Young.



D'éirigh lenár gceithre fhoireann Feidhmíochta agus Forbartha, ceann amháin díobh bunaithe i ngach Réimse Riaracháin, creidiúnú a fháil faoin Chaighdeán Acmhainní Daonna FÁS Feabhas Trí Dhaoine.

I gcomhpháirtíocht le Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, d'oscail Ionad Teagaisc Acadúil do phearsanra liachta fochéime agus iarchéime gur fiú €4.2 milliún é san oirdheisceart ag Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge. Tá léachtlann do 194 duine, seomra mór múinteoireachta/seimineáir, seomra teagaisc agus seomraí léitheoireachta le haghaidh múinteoireacht idirghníomhach ann.

Cinntíonn an conradh go mbeidh comhairligh faoi réir ag riachtanais reachtúla agus rialála, polasaithe agus nósanna imeachta corparáideacha, agus ní mór dóibh a bheith incháilithe do bhallaíocht na rannóige cuí den Chlár de Shaineolaithe Liachta de chuid Chomhairle na nDochtúirí Liachta, nó a bheith ina mbaill cheana féin. Cinnteoidh na bearta sin sábháilteacht othar níos fearr trína chinntiú go gcomhlíonann na comhairligh na caighdeáin is airde.



Martina Murphy (ar dheis) Altraí Barda Breithe ag an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles, ag scríobh oidis do Siobhan Maguire, ó Bhaile Bhaicín, a saolaíodh leanbh, Eamonn, di i mí Feabhra.

Áiríodh post mar stiúrthóir cliniciúil, post bainistíochta sinsearach cliniciúil nua, mar chuid den Chonradh do Chomhairligh chomh maith. Éilíonn an conradh go dtuairiscíonn gach comhairleach chuig stiúrthóir cliniciúil a chinntíonn go gcomhlíontar caighdeáin seirbhíse agus riachtanais rialtais, a dhéanann monatóireacht agus bainistíocht ar an meascán poiblí/príobháideach, a dhéanann forbairt agus bainistíocht ar uainchláir, a dhéileáil le gearáin agus agóidí, agus a chabhraíonn le hoideachas agus le hoiliúint liachta a shocrú.

Tósófar ag déanamh monatóireacht ar fheabhsúcháin seirbhíse a eascróidh as a chur i bhfeidhm in 2009.



### Oidís do Tháirgí Liachta á dTabhairt Amach ag Altraí agus ag Cnáimhseacha

Tháinig roinnt clochmhíle i bhfeidhm le bliain anuas maidir le cur i bhfeidhm oideas do tháirgí liachta a bheith á thabhairt amach ag altraí agus ag cnáimhseacha. Ba 25 Eanáir ceann de na dátaí ba shuntasáí in 2008, nuair a thosaigh ceathrar cnáimhseach ón Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid

Holles agus beirt altra ginearálta ó Ospidéal Naomh Luke, Cill Cheannaigh, amach mar na chéad altra cláraithe atá in ann oidis a thabhairt amach in Éirinn. Ón dáta sin ar aghaidh, tá líon iomlán de 57 altra agus cnáimhseach cláraithe agus tá údarás acu oidis do tháirgí liachta a thabhairt amach. I mbliain amháin, thuairisc ordaitheoirí oideas ar altraí iad i bhfiche soláthróir seirbhísí sláinte gur scríobh siad 2,962 oideas do 2,485 othar, do 4,300 táirge liachta ar leithligh.

Táthar ag glacadh go maith le haltraí agus le cnáimhseacha a bheith ag tabhairt oideas amach i ngach áit ina bhfuil sin tugtha isteach, agus táthar ag aithint an iliomad buntáistí a bhaineann leis, lena n-áirítear seirbhísí níos fearr d'othair trí thréimhsí feithimh níos lú agus scileanna altraí agus cnáimhseach a bheith á n-úsáid ar shlí níos éifeachtaí. Chuir an t-údarás oideas a thabhairt amach ar chumas altraí babhtaí cúraim uilíoch a sholáthar ar shlí níos éifeachtúlaí. Féadfaidh altraí agus cnáimhseacha a bhfuil an t-údarás acu oidis a thabhairt amach agus riachtanais othar a chomhlíonadh ar shlí níos tráthúla, as a leanfaidh torthaí othar níos fearr. Tacaíonn an tionscnamh seo le húsáid éifeachtach scileanna, cuireann sé leis an gcáilíocht cúraim arna sholáthar d'othair fad a thacaíonn sé le lucht oibre sain-oilte a choinneáil.

### Oideachas, Oiliúint agus Taighde Liachta (OOTL)

In 2008, d'fhoilsíomar ár bplean feidhmithe don Straitéis ar Oideachas, Oiliúint agus Taighde Liachta (OOTL) agus tá cur i bhfeidhm na ngníomhartha a aithníodh ann brúite chun cinn againn, lena n-áirítear, bunú an Choiste Oideachais, Oiliúna agus Taighde agus an phrósís earcaíochta do Cheann Oideachais agus Oiliúna Liachta.



Cuireadh roinnt príomh-ghníomhartha i bhfeidhm:

- Bronnadh €1.8 milliún i ndeontais ioncaim do na heagraíochtaí oiliúna liachta iarchéime aitheanta i réimsí forbartha saindirithe. B'fhiú €255,000 deontas amháin díobh sin, a bronnadh ar Choláiste Ríoga na Máinlianna agus ar Choláiste Ríoga na Lianna, chun logleabhair leictreonacha a fhorbairt d'fhonn forbairt oiliúna inniúil-bhunaithe, measúnaithe agus meastóireachta feidhmíochta dhochtúirí faoi oiliúint ag bunleibhéal agus ag leibhéal speisialtóra a éascú.
- Cuireadh deontais chaipitil eile ar fáil do shaoráidí oideachais agus oiliúna ar láithreáin chliniciúla ar tugadh tosaíocht dóibh. Mar shampla, tugadh deontas €300,000 d'Ospidéal Naomh Muire um Leanáí Breoite, Cromghlinn, chun saoráidí leabharlainne agus infrastruchtúr TFC a fhorbairt ar láithreán an ospidéil.
- Bronnadh ceithre scoláireacht an Dr. Richard Steevens ar dhochtúirí cláraitheora speisialtacha chun oiliúint a fháil i réimsí nua liachta in Ionaid Barr Feabhais thar lear.
- Seoladh clár scoláireachta nua do dhochtúirí chun tabhairt faoi oiliúint chliniciúil chomhtháite agus taighde PhD i gcomhar leis an mBord Taighde Sláinte.
- Ceadaíodh 10 post cliniceora acadúil nua eile i bprionsabal (sa bhreis ar an 15 a ceadaíodh in 2007).
- Foilsíodh iniúchadh leathan ar phoist OTS agus cláraitheora, rud a bhrú forbairt ar bhunachar sonraí de dhochtúirí ospidéil neamh-chomhairleacha náisiúnta (DONCanna), agus bunú Grúpa Feidhmithe Athruithe chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna agus na dúshláin a d'aithin an t-iniúchadh, ar aghaidh go suntasach.
- Forbraíodh plean eatramhach mionsonraithe chun feidhmeanna agus foireann an Bhoird Míochaine agus Déadach a aistriú chuig FSS, de bhun Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.

## Gradaim Ghnóthachtála Náisiúnta an FSS 2008

Tionóladh Gradaim Ghnóthachtála Náisiúnta FSS i dTeach an Ardmhéara an 30 Aibreán 2008. Thug an ócáid sin aird ar an obair atá ar siúl ag FSS agus ag eagraíochtaí gaolmhara ina réimsí féin chun forbairt seirbhísí sláinte níos fearr a chur chun cinn.

Bhí na buaiteoirí ó gach ceann de na ceithre Réimse Riaracháin de chuid FSS tugtha le chéile ag an ócáid agus roghnaithe buaiteoir náisiúnta foriomlán i ngach ceann de na catagóirí seo a leanas:

- Gradaim do Sheirbhís Níos Fearr
- Gradam d'Áit Oibre Níos Fearr
- Gradam Ceannaireachta
- Gradaim Cháilíochta agus Sábháilteachta
- Gradam do Chomórtas Postaeir
- Síorghradam Derek Dockery (gradam foriomlán)

Tá aird tugtha ar bhuaiteoirí náisiúnta gach catagóra le linn na tuarascála seo.

## An Straitéis Acmhainní Daonna (HR)

I rith 2008, thosaíomar ag obair ar an gcéad Straitéis Acmhainní Daonna 5-Bliana don eagraíocht. Forbraíodh an straitéis i gcomhar le geallsealbhóirí agus tá sí bunaithe ar thuairimí chomh maith le hanailís ar phatrúin foirnithe agus ar shaincheisteanna agus dúshláin leanúnacha, ag teacht lenár bPlean Corparáideach. Leagann an straitéis spriocanna faoi leith amach, lena n-áirítear a chinntiú go mbeidh ár bhfostóirí cumasach, le scileanna, oiliúint agus cumhacht acu agus iad ag seachadadh an raon seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta atá agus a bheidh ann, chun riachtanais ár ndaonra a bhíonn ag athrú a chomhlíonadh. Léiríonn an straitéis athruithe suntasacha dár bpróisis, córais, struchtúr agus bainistíocht Acmhainní Daonna chomh maith. Is príomhghné dár gclár oibre pearsanra ná díriú ar cheannaireacht níos fearr agus acmhainneacht bainistíochta níos fearr a thógáil, agus a chinntiú go nglacfaidh bainisteoirí ag gach leibhéal san eagraíocht i bhfad níos mó freagrachta as na daoine a mbíonn siad i gceannas orthu agus á mbainistiú ar bhonn laethúil. Is freagrach líne é Acmhainní Daonna agus tacaíonn an moladh ón staitéis go láidir leis sin. Tá forbairt an straitéis s'againne tráthúil chomh maith agus sinn ag athchóiriú seachadadh seirbhísí ag teacht lenár gClár Seirbhísí Comhtháite (CSC). Agus sinn ag forbairt agus ag feidhmiú na n-athruithe sin, déanaimid iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir cearta, mianta agus dínit na foirne ar fad, le riachtanais seirbhíse náisiúnta sláinte.

## Feidhmíocht, Pleanáil agus Athbhreithniú

Cuireadh an céad phróiseas Feidhmíochta, Pleanála agus Athbhreithnithe (PPR) do bhainisteoirí sinsearach FSS foirmiúil i bhfeidhm go rathúil an 1 Eanáir 2008. Is próiseas ceannaireachta agus bainistíochta é PPR a chuireann pleananna straitéiseacha FSS i bhfeidhm. Éascaíonn sé spriocanna a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh agus aiseolas trí dhaoine aonair agus trí fhoirne. Chinntigh an próiseas seo gur shruthaigh cuspóirí na bpleananna corparáideacha agus seirbhíse síos tríd na heagraíochta chun torthaí othar agus seachadadh seirbhíse níos fearr a bhaint amach.

## Folláine agus Leas an Fhostaí

Cuireadh tús i rith 2008 leis an gcéad Straitéis Lánpháirtithe Fholláine agus Leasa an Fhostaí de chuid na heagraíochta. Rinneadh mórphróiseas comhchomhairle fostaí agus scaipeadh os chionn 9,000 ceistiúchán. Tá tionchar ag fionnachtana an tsuirbhé agus torthaí na hanailíse, i dteannta comhchomhairle leathan a rinneadh le fostaithe agus bainisteoirí, ar fhorbairt na straitéise seo. Seolfar an straitéis go luath in 2009.

Cuireadh an chéad Dhaonáireamh Míchumais fhostaithe FSS go léir i bhfeidhm, agus bhí ráta freagartha de 37% mar thoradh ar sin. Léirigh sé sin go bhfuil 1.2% d'fhostaithe faoi mhíchumas, mar a shainmhínítear faoin Acht um Míchumas. Cuireadh na freagraí díreach ar aghaidh chuig na hOifigigh Ionannais chun rúndacht na Faisnéise Daonáirimh a chinntiú.

## Buaiteoir Ghradaim Ghnóthachtála

### AN CHATAGÓIR ÁIT OIBRE NÍOS FEARR

#### Ospidéal na hOllscoile Gaillimh – Tionscadal Comhionannais, an Roinn Acmhainní Daonna

Tá Grúpa Stiúrtha Éagsúlachta bunaithe ag Ospidéal na hOllscoile Gaillimh lena chinntiú go gcaitear le hothair agus leis an bhfoireann le dínit agus le meas do na grúpaí éagsúil laistigh den ospidéal. Rinneadh roinnt tionscnamh comhionannais agus éagsúlachta san ospidéal lena n-áirítear: lá oscailte comhionannais; oiliúint éagsúlachta; oiliúint feasachta míchumais; ceapachán oifigeach comhionannais ainmnithe; agus iliomad tionscnamh eile. Tá aitheantas faighte ag an ospidéal i nGradaim Cumais Náisiúnta O<sub>2</sub> le trí bliana anuas chomh maith le gradaim agus aitheantas eile a fháil ó chomhlachtaí náisiúnta.



**BUAITEOIR:** Ospidéal na hOllscoile Gaillimh – Tionscadal Comhionannais, an Roinn Acmhainní Daonna – Larry Walsh, Stiúrthóir, Fóram Chomhpháirtíocht Náisiúnta na Seirbhísí Sláinte; an tAire Stáit, Pat “The Cope” Gallagher, TD, An Roinn Sláinte agus Leanaí; Christy O’Hara, Bainisteoir Acmhainní Daonna, GUH; Bridget Howley, Bainisteoir Ginearálta, GUH; Scott Brady, Forbairt Eagraíochtúil, HR; Laura McHugh, Oifigeach Cur Chun Cinn Sláinte agus an tOllamh Brendan Drumm, POF FSS.



### Ionad Foghlama FSS – [www.hseland.ie](http://www.hseland.ie)

Tá ag éirí go hiontach lenar nIonad Foghlama ar líne [www.hseland.ie](http://www.hseland.ie). Faoi dheireadh 2008 bhí os cionn 17,000 duine ar fud seirbhísí sláinte na Éireann cláraithe ar an Ionad Foghlama, le os cionn 4,000 clárú ar chúrsaí. Réimníonn gníomhaíochtaí ar an Ionad Foghlama ó chuirteanna aon-ama go dtí clár foghlama a chur i gcríoch, go dtí foghlaimeoirí a bhaineann úsáid as an réimse iomlán seirbhísí agus saoráidí a thairgeann an t-ionad.

Táirgeann an tIonad Foghlama rochtain ar réimse leathan acmhainní agus feidhmitheacht foghlama, ag baint leas as cur chuige struchtúrtha i leith measúnaithe ar riachtanais foghlama, pleanáil d’fhoghlaim, foghlaim ar líne agus comhoibriú agus roinnt le comh-foghlaimeoirí. Bhí go leor den bhéim in 2008 ar na cláir fhorbartha agus straitéiseacha, ar nós Bainistíú Cógas i gcomhar leis an mBord Altranais, agus príomhchláir straitéiseacha le seirbhísí géarmhíochaine lena n-áirítear Bainistíú Taifead, Rialú Ionfhabhtaithe, Pleanáil Scaoileadh Abhaile as Ospidéal etc. Tá an tIonad Foghlama ar fáil d’úsáideoirí ar bhonn 24 uair an chloig, agus tá rochtain ag foghlaimeoirí ar an Ionad Foghlama óna h-áiteanna oibre, baile nó aon suíomh eile a bhfuil ceangail idirlín ar fáil.

### Bainistíú Tinrimh

Forbraíodh polasaí náisiúnta ar bhainistíú tinrimh i rith na bliana i gcomhoibriú agus i gcomhar le réimsí seirbhísí agus tacaíochta agus lenar comhpháirtithe sóisialta. Forbraíodh an polasaí seo leis an bhfócas go bhfuil rannpháirtíocht, cumas agus tiomantas fhostaithe na seirbhíse sláinte mar chuid lárnach maidir le seirbhísí sláinte ardchaighdeáin a sholáthar.

Tá an polasaí deartha chun an scóip maidir le leibhéil tinrimh a fheabhsú agus chun réitigh inoibrithe a fháil ar shaincheisteanna neamhláithreachta bhreiteachta san áit ina bhfuil siad. Rachaidh sé sin chun tairbhe don eagraíocht agus dár n-othar/client i dtéarmaí níos mó táirgiúlachta, feabhas ar sheirbhísí do chustaiméirí agus laghdú i gcostais phárola, chomh maith le buntáistí soiléir a sholáthar d’fhostaithe i dtéarmaí spreagthachta agus sástachta.

Tá tacaíocht oiliúna do bhainisteoirí líne mar príomhchomhpháirt chun aghaidh a thabhairt ar bhainistíú neamhláithreachta agus ina leith sin forbraíodh ábhar oiliúna sainiúil chun tacú le cur i bhfeidhm an pholasaí. Tabharfaidh na tacaíochtaí sin, i dteannta an struchtúir tuairiscithe nua a thiocfaidh i bhfeidhm in 2009, cabhair chun aghaidh a thabhairt ar an ráta neamhláithreachais agus é a laghdú chun spriocanna de 3.5%-4% a leagadh amach do 2009 a bhaint amach.

# Aguisíní

## Aguisín 1

Gearáin

50

## Aguisín 2

Feidhmíocht i gComparáid le Príomhspríocanna  
Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2007/2008

52

## Aguisín 3

Tionscadail Caipitil Ghéarmhíochaine  
agus Neamhghéarmhíochaine

54

# Aguisín 1 Gearáin

Cabhraíonn an t-eolas a fhoghláimid ó bheith ag bainistiú gearán linn caighdeán ár seirbhísí a fheabhsú. Bhain formhór na ngearán maidir le seirbhísí FSS a fuarthas i rith na bliana le soláthar cóireála/seirbhíse (45%), moill/amanna feithimh (14%), dearcadh/bealach foirne (12%) agus cumarsáid (9%).

Chun ár bhfreagraí ar ghearáin a fheabhsú, forbraíodh táscaire feidhmíochta chun líon na ngearán a fhaigheann freagra laistigh de 30 lá oibre a thomhas. As na 4,891 gearán FSS a fuarthas, déileáladh le 72% laistigh den chreat spriocama. Ní raibh 2% de ghearánaithe sásta lena bhfreagra agus d'iarr siad athbhreithniú breise agus mar thoradh ar sin rinneadh 83 athbhreithniú, tarraingíodh trí iarratas siar agus diúltaíodh 16 iarratas. Bhí 10 n-iarratas fós a mbreithniú ag deireadh na bliana.

## Gearáin a Fuarthas agus % ar Déileáladh leo Laistigh de 30 Lá Oibre


	Líon na nGearán a Fuarthas	% ar Déileáladh leo Laistigh de 30 Lá Oibre
<b>2008</b>		
Díreach chuig FSS	4,891	72%
Ospidéal Dheonacha	3,485	57%
Gníomhaireachtaí Deonacha	710	87%
<b>Iomlán</b>	<b>9,086</b>	<b>72%</b>

## Gearáin ó Cheithre Limistéar Riaracháin FSS

Limistéar Riaracháin	Líon na nGearán a Fuarthas
Baile Átha Cliath, Lár-Laighean	1,100
Baile Átha Cliath, Thoir Thuaidh	1,184
Deisceart	1,561
Iarthar	1,046
<b>Iomlán</b>	<b>4,891</b>

## Na Ceithre Chatagóir Gearán is mó Gearáin a Fuarthas in 2008

### Gearáin de réir Cineáil



## Gearáin a Fuarthas arna mBriseadh Síos de réir Catagóire

Cineál Gearáin	FSS	Ospidéal Dheonacha
	<i>Líon Iomlán Gearán</i>	<i>Líon Iomlán Gearán</i>
Soláthar Cóireála/Seirbhíse	2,201	942
Moill/Amanna Feithimh	684	489
Dearcadh/Bealach Foirne	567	453
Cumarsáid	464	453
Saoráidí/Foirgnimh	266	264
Cealuithe	133	273
Ospidéal Cóiríocht/Bia	111	86
Seirbhísí Réamhscoile	113	–
Tithe Altranais/Cúram Cónaithe do Dhaoine Scothaosta	104	–
Breithiúnas Cliniciúil	96	184
Rialú Ionfhabhtaithe	48	94
Gearáin Chiapálacha	8	2
Iontaoibh sa Chúram	–	3
Eile	282	414

*Nóta: Ardaíonn roinnt gearán iliomad saincheisteanna agus dá réir sin baineann siad le roinnt catagóirí. Ní bhaintear úsáid as Polasaí agus Nósanna Imeachta 'Your Service, Your Say' chun déileáil le gach gearán. Leantar polasaithe eile do chineálacha áirithe gearán i.e. Polasaí Trust in Care agus Tús Áite do Leanáí. In 2008, déileáladh le trí ghearán chuig FSS faoin bPolasaí Tús Áite do Leanáí.*

*Ba chóir a thabhairt ar aird nár sholáthar na hospidéal dheonacha ar fad eolas ar mhodhanna agus ar chreataí ama do réiteach ar ghearáin. Is obair ar láimh é an t-eolas seo do thuairisciú amach anseo.*

## Achomhairc a Bhaineann le Scéim Liúntais Leasa Forlíontaigh (SWA) agus le Scéimeanna FSS

Líon Achomharc a Fuarthas/Limistéir	SWA	FSS
Baile Átha Cliath, Lár-Laighean	1,453	1,385
Baile Átha Cliath, Thoir Thuaidh	1,264	778
Deisceart	4,764	2,560
Iarthar	1,841	1,672
<b>Iomlán</b>	<b>9,322</b>	<b>6,395</b>

Is iomaí cinneadh a dhéantar go laethúil laistigh de FSS agus go minic bíonn tionchar fadréimseach ag na cinntí sin ar shaol dhaoine aonair. De ghnáth i réimse ar bith ina dtarlaíonn breithníú ar chearta agus teidlíochtaí, beidh iarratasóirí ann i gcónaí nach mbeidh sásta le cinntí a mbíonn drochthionchar acu orthu.

Is é cuspóir na Seirbhíse Achomhairc ná athbhreithniú inmheánach, neamhspleách agus neamhchlaonta a sholáthar ar chinntí a rinne pearsanra FSS a bhaineann le hiarratais ón bpobal do sheirbhísí agus do theidlíochtaí sonracha, nuair a bhíonn iarratasóirí míshásta le toradh a n-iarratas. Áirítear ar shamplaí den chineál sin, íocaíochtaí Liúntais Leasa Forlíontaigh, cártaí liachta, fóirdheontais tithe altranais agus liúntas so-aistritheachta.

Tá sé de cheart ag gach iarratasóir achomharc a dhéanamh. Bhí 15,717 achomharc ann in 2008.

### Saoráil Faisnéise

Tugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise rochtain do dhaoine ar eolas i seilbh FSS agus comhlachtaí conraithe poiblí, nach bhfuil ar fáil de ghnáth trí fhoinsí eile. In 2008, rinneadh 4,232 iarratas faoi reachtaíocht FOI (ardú de 23% ó 2006).

## Aguisín 2 Feidhmíocht i gComparáid le Príomhspríocanna Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2008/2007

PI/Tomhas	Aschur 2007	Spríoc 2008	Iarbhír 2008	Athraitheas % Iarbhír v Spríoc	Athraitheas % 2008 v 2007
<b>CÚRAM PRÍOMHÚIL</b>					
Líon na gCártaí Cuairte Dochtúra a eisíodh	75,589	–	85,546	–	13%
Líon na ndaoine incháilithe ar Chártaí Liachta	1,276,178	–	1,352,120	–	6%
Líon na dteagmhálacha le Dochtúir Teaghlaigh Lasmuigh d’Uaireanta Oifige	831,590	801,000	920,132	15%	11%
Líon na bhfoirne Chúram Príomhúil atá á bhforbairt	97	197	97	–	–
Éilimh tinnis fhadthéarmach	–	543,000	862,882	59%	–
Scéim Íocaíochta Drugaí	–	4,240,000	5,435,421	28%	–
Éilimh ardteicneolaíochta	–	309,000	275,510	-11%	–
<b>LEANÁI AGUS TEAGHLAIGH</b>					
Líon iomlán leanaí atá faoi chúram ( <i>Neamh-charntha</i> )	5,322	5,334	5,347	0%	1%
Líon agus céatadán leanaí i:					
i. Cúram Baile (Nóta: Cur socruithe speisialta san áireamh)	400 (8%)	426 (8%)	375 (7%)	-12%	-6%
ii. Cúram Altrama (Nóta: Ná cur altramú lae san áireamh)	3,201 (60%)	3,196 (60%)	3,227 (60%)	1%	1%
iii. Cúram Altrama le gaoilta	1,557 (29%)	1,530 (29%)	1,539 (29%)	1%	-1%
iv. Socruithe Cúram eile/ Sa bhaile faoi Ordú Cúraim	164 (3%)	182 (3%)	206 (4%)	13%	26%
<b>SLÁINTE LEANAÍ AGUS ÓGÁNACH</b>					
Céatadán na bpáistí a fhaigheann beathú cíche go heisiach ag céad chuairt an Altra Sláinte Poiblí	33%	33%	36%	9%	9%
Céatadán na bpáistí a fhaigheann beathú cíche go heisiach ag trí mhí	18%	20%	20%	0%	11%
<b>MEABHAIRSHLÁINTE</b>					
Rátaí iontrála chuig aonaid ghéarmhíochaine, in aghaidh an 100,000 daonra	99.2	96.7	95.7	-1%	-4%
Líon na bhfoirne meabhairshláinte pobail do leanaí agus d’ógánaigh	47	55	47	-15%	0%
<b>DAOINE SCOTHAOSTA</b>					
Líon iomlán uaireanta cabhrach baile ( <i>Carntha</i> )	12,351,087	11,980,000	12,631,602	5%	2%
Líon na gcliant atá ag fáil Uaireanta cúraim baile ( <i>Neamh-Charntha</i> )	54,736	53,000	55,366	4%	1%
Líon iomlán pacáistí cúraim baile trí chaiteachas (comhionanna)	8,035 (people)	4,710	8,990	–	12%
Líon iomlán daoine atá ag fáil fóirdheontas (meán in aghaidh na míosa)	8,472	–	9,092	–	8%
Líon iomlán daoine atá ag fáil fóirdheontas breise (meán in aghaidh na míosa)	4,987	–	4,896	–	-2%

PI/Tomhas	Aschur 2007	Spríoc 2008	Iarbhír 2008	Athraitheas % Iarbhír v Spríoc	Athraitheas % 2008 v 2007
<b>DAOINE SCOTHAOSTA</b> <i>ar lean</i>					
Líon agus % iomlán iniúchtaí reachtúla ar aonaid chónaitheacha a rinneadh (1ú agus 2ú iniúchadh cónasctha)	812	872	825	-5%	-2%
<b>CÚRAM MAOLAITHEACH</b>					
Líon othar a fhaigheann cóireáil i sainaonaid othair chónaithe/Mí (meán in aghaidh na míosa)	312	330	286	-13%	-6%
Líon othar ag baint úsáide as seirbhísí cúraim bhaile/Mí (meán in aghaidh na míosa)	2,773	2,500	2,954	18%	4%
Líon othar ag baint úsáide as cúram eatramhach in ospidéal phobail/Mí (meán in aghaidh na míosa)	97	80	133	66%	40%
Líon othar ag baint úsáide as cúram lae/Mí (meán in aghaidh na míosa)	269	260	291	12%	10%
<b>SEIRBHÍSÍ ANDÚILE</b>					
Meánlíon cliant i gcóireáil mheatadóin in aghaidh na míosa (meán in aghaidh na míosa)	7,200	7,000	7,044	1%	-1%
<b>SEIRBHÍSÍ MÍCHUMAIS</b>					
Líon daoine a fhaigheann Liúntas Cúraim Baile/Mí (meán in aghaidh na míosa)	21,068	–	23,092	–	10%
Líon daoine in obair fhoscúil/Mí (meán in aghaidh na míosa)	7,100	7,100	6,937	-2%	-2%
Líon in Oilíúint Athshlánúcháin (meán in aghaidh na míosa)	2,929	2,800	2,808	0%	-4%
<b>SEIRBHÍSÍ GÉARMHÍOCHAIINE</b>					
Othair Chónaitheacha a Scaoileadh Abhaile	614,196	593,859	604,239	2%	-2%
Cásanna Lae	590,672	590,016	637,138	8%	8%
Cuairteanna na Rannóga Eisothar	3,025,300	2,770,851	3,271,665	18%	8%
Cuir i Láthair Éigeandála	1,187,205	1,168,412	1,207,534	3%	2%
Cuairteanna ar Rannóga Éigeandála	1,149,103	–	1,154,004	–	0%
Glactaí Éigeandála	370,040	369,368	368,341	0%	-1%
Breitheanna	70,077	72,662	73,815	2%	5%
Moill i Scaoileadh Abhaile (daonáireamh ag deireadh na bliana)	645	–	702	–	–
<b>SEIRBHÍSÍ OTHARCHAIRR</b>					
Glaonna Éigeandála	208,039	214,000	210,785	-2%	1%
Glaonna Práinneacha	62,959	63,000	61,852	-2%	-2%
Glaonna Neamhphráinneacha	209,421	192,000	186,680	-3%	-11%
Iompar Pobail	432,053	188,000	401,477	>100%	-8%

# Aguisín 3 Tionscadail Chaipitil Ghéarmhíochaine agus Neamh-Ghéarmhíochaine 2008

## Tionscadail Chaipitil Ghéarmhíochaine

### Céim Tionscadail – Pleanáil

- Ospidéal Naomh Uinseann – Forbairt Chéim 2
- Athfhorbairt Ospidéal Aosach Mater (Tairiscint)
- Ospidéal Náisiúnta Pédiatraiceach (Treoir le haghaidh dearadh)
- Ospidéal na hOllscoile Gaillimh (UCHG) – Bloc Cliniciúil Nua
- Ospidéal Réigiúnach an Lár-Iarthair, Luimneach – Oibrídlann Éigeandála
- Ospidéal Réigiúnach an Lár-Iarthair, Luimneach – Bloc Chúram Criticiúil
- Ospidéal Beaumont – Aonad Fhiobrós Chisteach
- Ospidéal Máithreachais Bhaile Átha Cliath – Forbairtí Eatramhacha
- Ospidéal Ginearálta Loch Garman – ED/Leathnú Eisothair
- Ospidéal Pháirc Mheirlinne Gaillimh – Aonad Athshlánaithe
- Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh – Céim 1 Forbairt
- Ospidéal Ginearálta Inse – Céim 1 Athsholáthar Aireagail
- Ospidéal Ginearálta Inse – Aonad Ionscópachta
- Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge – Leathnú Cairdiach & RE
- Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn – Roinn ED (Tairiscint)
- Ospidéal Mhuire do Leanáí Breoite – Soláthar áiteanna PICU/HDU breise agus saoráidí eile
- Ospidéal Ginearálta Thrá Lí – Leathnú ED (Tairiscint)



Aonad Cairdeach agus Duánach, Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (Imprisean Ealaíontóra).

### Céim Tionscadail – Ag leanúint le Obair thógála 2008

- Ospidéal Aosach Mater – Réamhoibreacha
- Ospidéal an Mater – Leathnú ED agus 2ú CT
- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH) – PET
- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh – Bloc Cairdeach Duánach
- Ospidéal San Séamas – PET
- Ospidéal San Séamas – Soláthar Leapacha breise san Aonad Dianchúraim agus san Aonad Ard-Spleácha

- Ospidéal Beaumont – MAU agus breis áiteanna san Aonad Ard-Spleácha
- Ospidéal Beaumont – Aonad Heip
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh – Aonad do Shiomptóim Chíche
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh – Aonad Athchomhbhrúite
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh – HSSD



Ospidéal Réigiúnach Lártíre, Tulach Mhór.

- Oinceolaíocht Raideolaíochta – Forbairt Chéim 1 Ospidéal Beaumont agus Ospidéal San Séamas
- Ospidéal Réigiúnach Lártíre, An Muileann gCearr – Céim 2B – (Céim 1)
- Ospidéal na Trócaire, Corcaigh – Ionad Oideachas Altraí
- Ospidéal na Trócaire, Corcaigh – Suiteáil PACS
- Ospidéal Ginearálta an Chabháin – Uasghrádú Oibrídlainne agus Barda
- Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, ED agus Bloc Bhardaí
- Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh – OPD Eatramhach
- Ospidéal Ginearálta Inis – Uasghrádú Raideolaíochta agus Suiteáil CT
- Ospidéal Réigiúnach an Lár-Iarthair, Luimneach – Tairiscint PACS
- Bunáit Otharcharranna, Cill Chainnigh agus Ceanncheathrú Réigiúnach
- Clár Athsholáthair Otharcharranna

### Céim Tionscadail – Obair thógála a críochnaíodh

- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh – Aonad Measúnachta Liachta Eatramhach
- Ospidéal Réigiúnach Lártíre, an Tulach Mór – Trealmhú
- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh – Aonad Duánach Eatramhach agus Saotharlann Chataitéarú Chairdeach
- Ospidéal Naomh Uinsíonn – Aonad Fhiobrós Chisteach Eatramhach
- Oinceolaíocht Raideolaíochta – Obair Chumasúcháin (Naomh Lucas)



- Ospidéal Máithreachais Luimnigh – Leathnú
- Aonad Altranais Phobail Naomh Muire, (CNU) Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Phort Láirge – Saotharlann Chataitéarú Chairdeach
- Ospidéal Ginearálta Loch Garman – Aonad Ar-Ghlao
- Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir – Aonad Liachta Lae agus Míochaine don Roinn do Dhaoine Scothaosta
- Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill – Aonad Naomh Mícheál
- Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill – Uasghrádú Raideolaíochta
- Ospidéal an Mater – Aonad Aonraithe Baictéarach
- Ospidéal an Mater – Aonad Néareolaíochta
- Ospidéal Ginearálta an Náis – Aonad Measúnachta Liachta
- Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin – Uasghrádú Barda
- Ospidéal Réigiúnach an Lár-Iarthair, Luimneach – Athchóiriú Bharda 3C

## Tionscadail Chaipitil Neamh-Ghéarmhíochaine

### Céim Tionscadail – Pleanáil

#### Míchumas

- Ospidéal Athshlánaithe Náisiúnta – Tairiscint
- Ionad Measúnachta Leanaí, Cluain Meala
- Ionad Measúnachta Leanaí, Loch Garman

#### Daoine Scothaosta

- Aonad Altranais Pobail (CNU), Baile Locha Riach
- CNU Bhéal Átha na Sluaighe
- An Uaimh – Aonad Pobail Nua
- Ospidéal Pháirc Mheirlinne, Gaillimh – Aonad Athshlánaithe
- Ospidéal Mhuire, An Muileann gCearr – 100 Leaba CNU Nua
- Ospidéal Naomh Uinseann, Fionradharc (100 Leaba)
- Teach Motháin Tamhlacht Thuaidh (100 Leaba)
- Ospidéal Pobail agus Ionad Cúraim Phríomhúil (PCC) Béal an Átha Móir

#### Meabhairshláinte

- Ospidéal Beaumont – Aonad Géarmhíochaine Síciatrach
- Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn Aonad Géarmhíochaine Síciatrach (Tairiscint)
- Bessboro, Co. Chorcaigh – Aonad Cónaithe Éist Linn do Leanaí agus d’Ógánaigh (Tairiscint)
- Gort na Silíní Baile Átha Cliath, Aonad Lae do Leanaí agus d’Ógánaigh
- Aonad Pobail agus Brú Mheabhairshláinte (MH) Baile Formaid
- Aonad Pobail agus Brú Mheabhairshláinte, Cromghlinn
- MH CNU Bhéal Átha na Sluaighe
- MH CNU Chluain Meala

### Cúram Leanaí

- Aonad Leanaí agus Teaghlaigh, an Cnoc Mór
- Cuíchóiriú ar Shaoráidí Cónaithe Leanaí Baile Átha Cliath/ Cill Mhantáin

### Cúram Príomhúil

- Sráid Sheáin Mhic Diarmada – PCC
- Inse Chór PCC
- Baile Uí Ógáin PCC
- Carraig Uí Leighin PCC
- An Charraig agus Béal an Átha Móir PCC agus Aonaid Phobail
- Cluain Bhorraisc, Baile Átha Luain
- Baile Átha Buí PCC
- Ionad Sláinte (HC) Inis Bó Finne

### Cuimsiú sóisialta

- Luimneach, Ionad Andúile Sráid Mhungairt



Aonaid Altranais Pobail Naomh Muire, (CNU) Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath

### Céim Tionscadail – Ag leanúint le Obair thógála 2008

#### Daoine Scothaosta

- Ionad Lae agus Acmhainní Teaghlaigh Bhéal na mBocht, Corcaigh
- Ospidéal Naomh Muire, Páirc an Fhionnuisce, 100 Leaba CNU
- Cluain Tairbh Céim 2 (64 Leaba)
- Ospidéal Naomh Uinseann, Dún Garbháin (32 Leaba)
- Ospidéal Simpson Baile Átha Cliath (38 Leaba)
- Aonad Chúram Maolaitheach Ospidéal Naomh Íde, An Caisleán Nua
- Ospidéal Naomh Iosaf Ráth Eanaigh (100 Leaba)
- Cluain Sceach (100 Leaba)



*Ionad Andúile Chluain Dolcáin/Leamhcáin, Baile Átha Cliath.*

- CNUeanna Corcaigh (Éagsúil – trí shuíomh – 200 Leaba)
- Teach Uí Riada, Athsholáthar Ospidéal Phobal na Tulai Móire – Mainistir Fhear Maí, Céim 2A
- Cros an Araldaigh (100 Leaba)
- Ospidéal Ríoga Dhomhnach Broc (30 Leaba)
- CNU An Chaisil (65 Leaba)

#### **Cúram Príomhúil**

- PCC Shráid an Phiarsaigh
- Athchóiriú Phlásóg Shruth an Mhuilinn
- Feistiú HC Dhún Droma
- PCC Ghleann na Madadh
- PCC Bhéal na mBullí

#### **Míchumas**

- Ospidéal Naomh Raphael, Eochail – Aonaid Chónaithe Nua
- Ospidéal Naomh Íde, Forbairt Bhungaló, le 60 leaba, Port Reachrainn
- Aonaid Chónaithe Naomh Dympna, Kelvin Grove, Ceatharlach
- Aonaid CRC Port Láirge
- Aonaid Seirbhísí Lae Chluain Bhorraisc Baile Átha Luain
- Ionad Springfield, An Muileann gCearr

#### **Meabhairshláinte**

- Ospidéal Bloomfield
- Fondúireacht COPE, Corcaigh
- Ospidéal Naomh Uinseann, Fionradharc, Aonaid Chónaithe do Leanaí agus d'Ógánaigh
- Ospidéal Naomh Stiofáin, Corcaigh, Aonaid Chónaithe do Leanaí agus d'Ógánaigh
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, Leathnú Aonaid Géarmhíochaine
- Guaire, Ospidéal Lae MH
- Cluain Meala, Ospidéal Lae MH (Sráid Morton)

#### **Cúram Leanaí**

- Fainge – Áis Sosa (Muilt Boland)
- Naomh Helena – Aonaid Acmhainne
- Rath na nÓg, Baile na Lorgan, Co. Muineachán Céim 2
- Springboard, Muirhavamore

#### **Cuimsiú sóisialta**

- Ionad Andúile, Cluain Dolcáin
- Ionad Andúile, Sráid an Phiarsaigh

#### **Project Stage – Construction Completed**

#### **Daoine Scothaosta**

- Ospidéal Naomh Muire, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath; 2x50 Leapa CNUanna
- Trá Lí, Co. Chiarraí CNU (50 Leaba)
- An Daingean, Co. Chiarraí CNU (68 Leaba)
- Ospidéal Naomh Eoin, Inis Córthaidh, Loch Garman, Céim 2 (72 Leaba)
- Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí (23 Leaba)
- Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath, Céim 1 (32 Leaba)

#### **Míchumas**

- Ospidéal Stewart Baile Átha Cliath – Baile Ghadaí – Forbairt Comhtháite
- Faoiseamh Leanaí, Sligeach



*Ionad Cúraim Phríomhúil An Bhaile Ghaelaigh, Baile Átha Cliath.*

#### **Cúram Príomhúil**

- An tAonach – PCC
- Westbury – HC, (Luimneach/An Clár)
- An Baile Gaelach – PCC, Baile Átha Cliath
- Cluain Cearbán – HC, Maigh Eo
- An Fhairche – PCC, Gaillimh

#### **Cúram Leanaí**

- Ionad Luathidirghabhála, Port Laoise
- Charleville, Linn Hidriteiripe
- Fíodh Ard, Aonaid Ardtacaíochta


#### **Meabhairshláinte**

- Ospidéal an Mater – Ionad Lae do Leanaí agus d'Ógánaigh
- Ospidéal Naomh Fintan, Aonaid Glactha Isteach, Port Laoise
- Athlonnú Aonaid Naomh Enda, Ospidéal Naomh Odhráin, Port Láirge

# Giorrúcháin

<b>AED</b>	Uath-Dhífhibrileoír Seachtrach	<b>METR</b>	Oideachas, Oiliúint agus Taighde Liachta
<b>ANP</b>	Ard-Chleachtóir Altranais	<b>MMR</b>	An Vacsaín don Bhruitíneach, Plucamas, Bhruitíneach Dhearg
<b>BMI</b>	Innéacs Corpmhaise	<b>MRI</b>	Íomháu Athshondais Mhaighnéadaigh
<b>CAMHT</b>	Foireann Mheabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh	<b>MRSA</b>	Stafalocosas Áreas atá Frithsheasmhach do Mheiticillin
<b>CEO</b>	Príomhoifigeach Feidhmeannach	<b>MTFC</b>	Cúram Altrama Chóireála Ilghnéitheach
<b>CIT</b>	Foireann Idirghabhála Pobail	<b>NCCP</b>	An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse
<b>CLÁR</b>	Ceantair Laga Ard-Riachtanais	<b>NCHD</b>	Dochtúir Ospidéal Neamhchomhairleach
<b>CMHT</b>	Foireann Mheabhairshláinte Pobail	<b>NHN</b>	An Líonra Náisiúnta Sláinte
<b>CNU</b>	Aonad Altranais Phobail	<b>NHO</b>	Oifig Náisiúnta na n-Ospidéal
<b>COPD</b>	Galar Scamhógach Bacainneach Ainsealach	<b>NPRO</b>	Plean Náisiúnta um Oinceolaíocht Radaíochta
<b>CPM</b>	Tomhas Feidhmíochta Chorparáideach	<b>NSP</b>	Plean Seirbhíse Náisiúnta
<b>CPR</b>	Athbheochan Chardascamhógach	<b>NTPF</b>	An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála
<b>CSO</b>	An Phríomh-Oifig Staidrimh	<b>OPD</b>	An Roinn Eisothar
<b>DLS</b>	Scéimeanna Éileamh-Threoraithe	<b>PACS/RIS</b>	Córais Chartlainne Pictiúr agus Cumarsáide/Córas Faisnéise Raideolaíochta
<b>DNA</b>	Ní Raibh i Láthair	<b>PCCC</b>	Cúram Príomha, Pobail agus Leanúnach
<b>DOF</b>	An Roinn Airgeadais	<b>PCRS</b>	Scéim Aisíocaíochta Cúram Príomha
<b>DOH&amp;C</b>	An Roinn Sláinte agus Leanaí	<b>PCT</b>	Foireann Cúraim Phríomhúil
<b>EAG</b>	Grúpa Saineolaithe Comhairleach	<b>PET</b>	Tomagrafaíocht Astúchán Posatrón
<b>ED</b>	An Roinn Éigeandála	<b>PH</b>	Sláinte Daonra
<b>EU</b>	An tAontas Eorpach	<b>PHN</b>	Altra Sláinte Poiblí
<b>FOI</b>	Saoráil Faisnéise	<b>PMR</b>	Tuarascáil Monatóireachta Feidhmíochta
<b>GP</b>	Dochtúir Teaghlaigh	<b>PPP</b>	Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach
<b>HCAI</b>	Ionfhabhtú a fhaightear ó Chúram Sláinte	<b>PPR</b>	Athbheithniú Pleanála Feidhmíochta
<b>HCP</b>	Pacáiste Cúraim Baile	<b>QUADS</b>	Binsemharc Náisiúnta ar Cháilíocht & ar Chaighdeán i seirbhísí drugaí
<b>HIQA</b>	An tÚdarás um Cháilíocht agus Faisnéis Sláinte	<b>RAPID</b>	Ceantair a Athbheochan le Pleanáil, Infheistíocht agus Forbairt
<b>HR</b>	Acmhainní Daonna	<b>RCSI</b>	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn
<b>HSE</b>	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	<b>SATU</b>	Aonaid Chóireála Ionsaithe Gnéis
<b>HSNPF</b>	Fóram Chomhpháirtíocht Náisiúnta na Seirbhísí Sláinte	<b>SPR/SR</b>	Cláráitheoir Speisialtachta
<b>ICGP</b>	Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann	<b>TP</b>	Clár Athraithe
<b>ICT</b>	Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide	<b>VFM</b>	Luach ar Airgead
<b>IFCA</b>	Foras Cúraim Altramaís na hÉireann	<b>WHO</b>	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
<b>IPMS</b>	Córas Comhtháite Bainistithe Othair	<b>WTE</b>	Coibhéis Lánaimseartha
<b>ISP</b>	Clár Seirbhísí Comhtháite		
<b>LHO</b>	Oifig Sláinte Áitiúil		
<b>MART</b>	Foireann Fhreagartha Otharchairr Muirí		

# Suíomh Cheithre Limistéir Riaracháin FSS agus 32 Oifig Sláinte Áitiúla



## Sonraí Teagmhála na nOifigí Sláinte Áitiúla



FSS Deisceart	
<b>Deisceart an Laoi – Corcaigh:</b>	Teach Abbeycourt, Cé Sheoirse, Corcaigh; Teil: 021 4923833
<b>Tuaisceart an Laoi – Corcaigh:</b>	Teach Abbeycourt, Cé Sheoirse, Corcaigh; Teil: 021 4923954
<b>Iarthar Chorcaí:</b>	Cúil na nGarrán, An Sciobairín, Co. Chorcaí; Teil: 028 40559
<b>Tuaisceart Chorcaí:</b>	Teach Gouldshill, Mala, Co. Chorcaí; Teil: 022 30248
<b>Ceatharlach/Cill Chainnigh:</b>	An Leacain, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cill Chainnigh; Teil: 056 7784209
<b>Tiobraid Árann Theas:</b>	Ospidéal Naomh Lúcas, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann; Teil: 052 77015
<b>Port Láirge:</b>	Bóthar Chorcaí, Port Láirge; Teil: 051 846766
<b>Loch Garman:</b>	Ospidéal Ely, Loch Garman; Teil: 053 9123522
<b>Ciarraí:</b>	Ráth Teas, Trá Lí, Co. Chiarraí; Teil: 066 7184549

FSS Iarthar	
<b>Gaillimh:</b>	Ospidéal Pháirc Mheirlinne, Gaillimh; Teil: 091 775109
<b>Maigh Eo:</b>	Naomh Muire, Bóthar Chathair na Mart, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo Teil: 094 9049065
<b>Ros Comáin:</b>	11 Garraí Choill an Chuilinn, Bealach an Doirín, Ros Comáin; Teil: 094 9877842
<b>Dún na nGall:</b>	Bloc Oifigí Iona, An Phríomhshráid Uachtarach, Béal Átha Seanaidh Co. Dhún na nGall; Teil: 071 9834000
<b>Sligeach/Liatroim:</b>	Cluainín, Co. Liatroma. Teil: 071 9820524
<b>Clár:</b>	Tobartaoscain, Inis, Co. an Chláir; Teil: 065 6863480 / 6863483
<b>Tiobraid Árann Thuaidh/ Luimneach Thoir:</b>	Bóthar Holland, Plassey, Caladh an Treoigh, Luimneach; Teil: 061 464060 / 464061
<b>Luimneach:</b>	31-33 Sráid Chaitríona, Luimneach; Teil: 061 483277

FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	
<b>Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh:</b>	Foirgneamh Millhouse, Geata Bhaile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15; Teil: 01 8693504
<b>Baile Átha Cliath Thuaidh Lár:</b>	Ionad Cathartha Bhaile Munna, An Príomhshráid, Baile Munna, Baile Átha Cliath 9; Teil: 01 8467341
<b>Baile Átha Cliath Thuaidh:</b>	Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord; Teil: 01 8131867
<b>An Cabhán/Muineachán:</b>	Rúascaigh, Muineachán, Co. Mhuineachán; Teil: 047 30483
<b>Lú:</b>	Suite Oriel, 1ú Úrlár, Coimpléacs Naomh Bríd, Bóthar Ceanannais, Baile Átha Fhirdhia. Co. Lú; Teil: 041 6860737
<b>An Mhí:</b>	Bóthar Bhaile Átha Cliath, Ceanannas, Co na Mí; Teil: 046 9280567

FSS Baile Átha Cliath Lár-Laighean	
<b>Dún Laoghaire:</b>	Bloc B, Ionad Cathartha, An Phríomhshráid, Bré, Co. Chill Mhaintáin; Teil: 01 2744202
<b>Baile Átha Cliath Thoir Theas:</b>	Halla Vergemount, Cluain Sceach, Baile Átha Cliath 6; Teil: 01 2680506
<b>Deisceart Chathair Bhaile Átha Cliath:</b>	Aonad Pobail na Mí, Sráid Heytesbury, Baile Átha Cliath 8; Teil: 01 4085100
<b>Baile Átha Cliath Thiar Theas:</b>	FSS Baile Átha Cliath/Lár-Laighean; 52 Bóthar Chnoc na Giolcaí, Tamhlacht; Baile Átha Cliath 24; Teil: 01 4632800
<b>Baile Átha Cliath Thiar:</b>	Ospidéal Ghort na Silíní, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10; Teil: 01 6206276
<b>Cill Dara/Iarthar Chill Mhantáin:</b>	Teach Darach, Páirc na Mílaoise, An Nás; Co. Chill Dara; Teil: 045 880419
<b>Cill Mhantáin:</b>	Bloc B, Ionad Cathartha, An Phríomhshráid, Bré, Co. Chill Mhaintáin. Teil: 01 2744374
<b>Laois/Uíbh Fhailí:</b>	Bóthar Arden, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí; Teil: 057 935 9780
<b>An Longfort/An Iarmhí:</b>	Coimpléacs Ospidéal Naomh Lómáin, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí; Teil: 044 9395505

# Suíomh Cheithre Limistéar Riaracháin FSS agus 50 Ospidéal Cúraim Ghéarmhíochaine



- Grúpa Ospidéal an Iarthair**
- Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn
  - Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh
  - Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaghe
  - Ospidéal Chontae Ros Comáin
  - Ospidéal Ginearálta Shligigh
  - Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh
  - Ospidéal Réigiúnach Pháirc Merlin, Gaillimh

- Grúpa Ospidéal an Lár-Iarthair**
- Ospidéal Ginearálta Inis
  - Ospidéal Ginearálta an Aonaigh
  - Ospidéal Réigiúnach (Tuar an Daill) Luimnigh
  - Ospidéal Máithreachais Réigiúnach (Luimneach)
  - Ospidéal Ortaipéideach Réigiúnach (Cromadh)
  - Ospidéal Naomh Eoin, Luimneach

- Grúpa Ospidéal an Oirthuaiscirt**
- Ospidéal Ginearálta an Chabháin
  - Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin
  - Ospidéal Chontae Lú, Dún Dealgan
  - Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha
  - Ospidéal Mhuire, An Uaimh

- Grúpa Ospidéal Baile Átha Cliath Thuidh**
- Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal Ortaipéideach Cheapaí, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal an Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal an Rotunda, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid an Teampaill

- Grúpa Ospidéal an Deiscirt**
- Ospidéal Ginearálta Bheantraí
  - Ospidéal na hOllscoile Corcaigh
  - Ospidéal Ginearálta Chiarraí
  - Ospidéal Ginearálta Mhala
  - Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh
  - An Otharlann Theas – Ospidéal Victoria, Corcaigh
  - Ospidéal Ortaipéideach Naomh Muire, Garrán na mBráthar, Corcaigh

- Grúpa Ospidéal an Oirdheiscirt**
- Ospidéal Ortaipéideach Lourdes, An Choill Chrion, Cill Chainnigh
  - Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas, Cluain Meala
  - Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas, Cill Chainnigh
  - Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge, Ard Caoin
  - Ospidéal Ginearálta Loch Garman

- Grúpa Ospidéal Baile Átha Cliath Lár Tíre**
- Ospidéal Adelaide agus na Mí a chorpraíonn an t-Ospidéal Náisiúnta Leanaí, Tamhlacht, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal Ban an Choim, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal Ginearálta an Longfoirt/na hIarmhí, An Muileann gCearr
  - Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise
  - Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór
  - Ospidéal Ginearálta An Náis
  - Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Croomghlinn

- Grúpa Ospidéal Baile Átha Cliath Theas**
- An t-Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal Rioga Victoria Súl agus Cluas, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal Naomh Colmcille, Baile Uí Lachnáin, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal Naomh Lúcas, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal Naomh Mícheál, Dún Laoghaire, Baile Átha Cliath
  - Ospidéal Naomh Uinseann, Páirc Leamhán, Baile Átha Cliath

## Sonraí Teagmhála na n-Ospidéal Géarchúraim

### Grúpa Ospidéal an Oirdheiscirt

Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge Teil: 051 848000  
Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas Cill Chainnigh  
Teil: 056 7785000  
Ospidéal Ginearálta Loch Garman Teil: 053 9153000  
Ospidéal Ortaipéideach Lourdes, An Choill Chríon  
Teil: 056 7785500  
Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas Cluain Meala  
Teil: 052 77000

### Grúpa Ospidéal an Oirthuaiscirt

Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha  
Teil: 041 9837601  
Ospidéal Chontae Lú, Dún Dealgan Teil: 042 9334701  
Ospidéal Ginearálta an Chabháin Teil: 049 4376000  
Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin Teil: 047 81811  
Our Lady's Hospital, An Uaimh Teil: 046 9078509

### Grúpa Ospidéal an Iarthair

Ospidéal Ollscoile Pháirc Merlin, Gaillimh  
Teil: 091 751131  
Ospidéal na hOllscoile Gaillimh Teil: 091 524222  
Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo Teil: 0940 21733  
Ospidéal Chontae Ros Comáin Teil: 09066 26200  
Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe  
Teil: 09096 48200  
Ospidéal Ginearálta Shligigh Teil: 071 9171111  
Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn Teil: 074 9125888

### Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lár Tíre

Ospidéal Adelaide agus na Mí a chorpraíonn  
an t-Ospidéal Náisiúnta Leanaí Teil: 01 4142000  
Ospidéal Ginearálta An Náis Teil: 045 897221  
Ospidéal Ban an Choim Teil: 01 4085200  
Ospidéal Mhuire do Leanaí, Cromghlinn Teil: 01 4096100  
Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann gCearr  
Teil: 044 9340221  
Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór  
Teil: 057 9321501  
Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise  
Teil: 057 8621364

### Grúpa Ospidéal an Deiscirt

Ospidéal na hOllscoile Corcaigh Teil: 021 4546400  
Ospidéal Ginearálta Mhala Teil: 022 30300  
Ospidéal Ginearálta Chiarraí Teil: 066 7184000  
Ospidéal Ginearálta Bheanntaí Teil: 027 50133  
Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh  
Teil: 021 4271971  
An Otharlann Theas – Ospidéal Victoria, Corcaigh  
Teil: 021 4926100

### Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh

Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae  
Teil: 01 8032000  
Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath  
Teil: 01 8093000  
Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir  
Teil: 01 6465000  
Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapaí  
Teil: 01 8341211  
Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid Temple  
Teil: 01 8784200  
Ospidéal Rotunda, Baile Átha Cliath Teil: 01 8730700

### Grúpa Ospidéal an Iarthair Láir

Ospidéal Réigiúnach Tuar an Daill Teil: 061 301111  
Ospidéal Ortaipéideach Réigiúnach Cromadh  
Teil: 061 397276  
Ospidéal Máithreachais Réigiúnach Luimneach  
Teil: 061 327455  
Ospidéal Ginearálta Inse Teil: 065 6824464  
Ospidéal Ginearálta an Aonaigh Teil: 067 31491  
Ospidéal Naomh Eoin, Luimneach Teil: 061 462222

### Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Theas

Ospidéal Naomh Uinseann, Páirc Leamhán  
Teil: 01 2774000  
Ospidéal Naomh Mícheál, Dún Laoghaire  
Teil: 01 2806901  
Ospidéal Naomh Colmcille, Baile Uí Lachnáin  
Teil: 01 2825800  
An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles,  
Baile Átha Cliath Teil: 01 6373100  
Ospidéal Naomh Lúcas, Ráth Garbh Teil: 01 4065000  
Ospidéal Ríoga Victoria Súl agus Cluas Teil: 01 6644600  
Ospidéal San Séamas, Teil: 01 4103000





# Ráitis Airgeadais

Athbhreithniú Oibríochta agus Airgeadais	64
Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	68
Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird maidir leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla	72
Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh	73
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	77
Ráitis Airgeadais	79
Beartais Chuntasaíochta	83
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	86

# Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais

## Forléargas

Tá sé mar aidhm ag an Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais seo anailís a dhéanamh ar na príomhthreochtaí agus na príomhfhachtóirí ba chúis le forbairt, feidhmíocht agus seasamh FSS i rith na bliana airgeadais, agus ar na treochtaí agus fachtóirí is dócha a rachaidh i bhfeidhm ar an FSS sa todhchaí, a chur i láthair.

Sheachaid an FSS Vóta cothromaithe in 2008 agus bhain sí amach na tiomantais seachadta príomhsheirbhíse a leagadh síos sa Phlean Seirbhíse 2008 agus i roinnt cásanna, sháraigh sí iad, agus ag an am céanna, ag dianbhainistú líon iomlán na ndaoine atá fostaithe. Bhain an Clár Luach ar Airgead (VFM) do 2008 os cionn €280 milliún amach i gcoigiltis a bhí spriocdhírthe do 2008.

Ullmhaíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cuntais Vótála don Oireachtas agus cuntais fabhruithe do na Tuarascálacha Bhlantúla. Sholáthar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Vóta cothromaithe in 2008, le barrachas beag de €81.458 milliún (0.57%) sa vóta ollioncain foriomlán arb ionann é agus €14.410 billiún. Tá sé mar bhunchuspóir ag Bord FSS nach sáraítear méid an vóta. Go praiticiúil tá sé beagnach dodhéanta an t-aschur a bheith ag teacht go díreach leis an méid a cheadaítear sa vóta. Mar thoradh air sin, tá sé dosheachanta go mbeidh barrachais bheaga mar thoradh ar an gcur chuige stuama seo. Taispeánann an Cuntas Ioncain agus Caiteachais fabhrú-bhunaithe (I&C) easnamh oibriúcháin de €252.837 milliún in 2008 (€41.747 milliún in 2007).

An chúis atá leis an difríocht idir an seasamh ioncain agus caiteachais sna Ráitis Airgeadais Bhlantúla agus an seasamh Vóta sna Cuntais Leithghabhála ná an caiteachas sna ráitis airgeadais a dtugtar cuntas air ar bhunús fabhruithe, agus tugtar cuntas ar an Vóta ar bhunús cuntasáíochta 'airgid thirim' de réir mar a éilíonn rialacha Cuntasáíochta an Rialtais. Léiríonn an glanmaoiniú ón Státchiste, de réir mar atá tuairiscithe sna Ráitis Airgeadais Bhlantúla agus sna Cuntais Leithghabhála, glanleas FSS chuig an Státchiste chun maoiniú a dhéanamh ar íocaíochtaí a rinneadh, agus ní bhaineann sé le caiteachas a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe. Mar thoradh air seo, ní léiríonn na hiarmhéideanna sna cuntais ioncain agus chaiteachais na gnáthbharrachais ná na gnátheasnaimh, mar go bhfuil siad inchurtha, den chuid is mó, i leith na difríochta idir fabhruithe caiteachais agus maoiniú airgead-bhunaithe.

## Buiséad Stiúirthóireachta 2008

Tá an buiséad foriomlán de €13.779 billiún comhdhéanta de vóta ollioncain foriomlán FSS arb ionann é agus €14.410 billiún (iar-Mheastachán Foríontach), lúide buiséad de €630 milliún le haghaidh ioncain (leithreasáí i gcabhair) a tháinig díreach ón FSS. Tugann an tábla thíos achoimre ar mhiondealú an Vóta de réir réimsí caiteachais.

	€'000	%
Oifig Náisiúnta na nOspidéal	4,656,442	33.80
Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach lena n-áirítear PCRS	8,073,828	58.60
Seirbhísí Roinnte Náisiúnta	26,756	0.19
Eastáit	41,449	0.30
ICT	19,654	0.14
Soláthar	13,605	0.10
Seirbhísí Tacaíochta Áitiúla (pinsin den chuid is mó)	265,046	1.92
Sláinte an Daonra	102,051	0.74
Airgeadas	64,699	0.47
Acmhainní Daonna	188,843	1.37
Oifig an POF	18,227	0.13
An Scéim Aisioca Sláinte	236,000	1.71
Acmhainní Forbartha & Teicniúla	73,000	0.53
<b>Iomlán</b>	<b>13,779,600</b>	<b>100.0</b>

## Leithreasáí-i-gCabhair

Tá cúpla catagóir ioncaim (leithreasáí i gcabhair) ar nós Costais Aisghabhála ón gCiste Árachais Shóisialta, Ioncam ó Sheirbhísí a Soláthraíodh faoi Rialacháin ón AE agus Aisghabháil ó Roinn Sláinte agus Slándála Sóisialta na RA taobh amuigh de rialú díreach FSS. Leagann an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Airgeadais amach na meastacháin bhliantúla do na catagóirí seo. Nuair a bhíonn easnamh sa méid a fuair FSS ó leithreasáí i gcabhair i gcomparáid leis an Meastachán, mar a bhí in 2008, caithfear cead a fháil ón Dáil trí Mheastachán Forlíontach d'aon leasú ar an Vóta. Fuair an FSS Meastachán Forlíontach teicniúil i Nollaig 2008 chun easnamh a chlúdach, go príomha, sa réimse fáiltas ón Ríocht Aontaithe.

### Príomhfhaisnéis Airgeadais 2008 – Cuntasaíocht Vótaí

	Bun Mheastachán €'000	Meastachán Forlíontach €'000	Iar- Mheastachán Forlíontach €'000	Toradh Vótaí 2008 €'000	Faoi/ (Os cionn) Iar- Forlíontach €'000
Ollioncam (gan Fadchónaí san áireamh)	14,187,600	(12,800)	14,174,800	14,088,489	86,311
Scéim Aisiocaíochta Fhadchónaitheach	150,000	86,000	236,000	236,000	0
<b>Ollioncam</b>	<b>14,337,600</b>	<b>73,200</b>	<b>14,410,800</b>	<b>14,324,489</b>	<b>86,311</b>
Caipiteal	593,720	2,800	596,520	580,340	16,180
<b>Comhlán Iomlá</b>	<b>14,931,320</b>	<b>76,000</b>	<b>15,007,320</b>	<b>14,904,829</b>	<b>102,491</b>
Leithreasáí-i-gCabhair – FSS	(630,000)	0	(630,000)	(611,075)	(18,925)
Leithreasáí-i-gCabhair – Eile	(1,971,275)	346,000	(1,625,275)	(1,623,167)	(2,108)
<b>Glan-Iomlán</b>	<b>12,330,045</b>	<b>422,000</b>	<b>12,752,045</b>	<b>12,670,587</b>	<b>81,458</b>

### Príomhfhaisnéis Airgeadais 2007-2008 – ar Bhonn Fabhráithe

	2008 €'000	2007 €'000	Change €'000
Ioncam	14,430,207	13,499,457	930,750
Glaneasnamh/Bharrachas Oibriúcháin	(252,837)	(41,747)	(211,090)
Caiteachas Ioncaim			
Pá	5,126,617	4,810,970	315,647
Neamhphá (FSS amháin)	5,619,200	5,060,842	558,358
Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	3,937,227	3,669,392	267,835
Caiteachas Caipitil	563,168	635,897	(72,729)
Ceangaltais Chaipitil	2,151,713	3,064,324	(912,611)
Glanbharrachas ar Vóta le géilleadh don Stáitchiste	81,458	38,948	42,510

## Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais

### Brúnna Costais

Ba é an fás ba shuntasáí ar chostais i rith na bliana ná an fás a tháinig ar chostais le haghaidh an chúraim phríomhúil agus scéimeanna cártaí liachta a d'ardaigh €323.558 milliún nó 11% bliain ar bhliain.

D'ardaigh caiteachas ar dhrugaí & ar chógais faoi €47.501 milliún, nó 23% i gcomparáid leis an mbliain roimh ré, rud a léiríonn go bhfuil brú leanúnach ann ó réimeanna nua agus costasacha cógas – go háirithe in oinceolaíocht. Tá an t-ardú seo i gcomhréir leis an treocht idirnáisiúnta.

Lean an fás i gcaiteachas soláthairtí liachta/máinliachta ag 7% (€14.747 milliún), cosúil leis an ráta fáis in 2007, rud a léiríonn forbairt ar réimeanna cóireála ar nós steintíní druga-ionnalta, dífhibrileoirí cairdiacha ionlacháin agus spreagthóirí chorda an dromlaigh.

Bhí ardú de €11.924 milliún nó 19% ar chostais fuinnimh, ag teacht leis an ardú géar ar phraghas na hola le linn 2008 agus arduithe i bpraghasanna gaolmhara gáis agus leictreachais.

### Caipiteal

Ba é €596.52 milliún buiséad 2008 do thionscadail caipitil, lenár áiríodh €40 milliún i leith tionscadail ICT. Áiríodh leis freisin €9.8 milliún i leith íocaíochtaí caipitil chuig Pobail, arna mhaoiniú ó Chistí na gCuntas Díomhaoin. Ba é an tarraingt anuas airgid thirim chapitíúil do 2008 ná €580.34 milliún. Bhí caipiteal nár tarraingíodh de €16.18 milliún ag teacht as tionscadail caipitil theicneolaíocht an eolais nár ceadaíodh faoi dheireadh na bliana.

### Timpeallacht Ghnó agus Impleachtaí do 2009

Bhí ardú mór ar na héileamh ar go leor de na seirbhísí a chuireann an HSE ar fáil, go háirithe sna réimsí cúraim phríomhúil agus seirbhísí cártaí liachta, mar thoradh ar na cúinsí eacnamaíochta a bhí ag meathlú i rith 2008. Bhí níos mó daoine incháilithe le haghaidh cártaí liachta agus Cártaí Cuairte Dochtúra (6% agus 13% faoi seach). Nuair a sháraíonn na cineálacha éileamh seo na buiséid leithroinnte, caithfear freastal ar an gcostas breise trí chistí a athdhírú as réimsí eile.

Áiríodh le Plean Séirbhíse Náisiúnta FSS 2009, a cheadaigh an tAire Sláinte agus Leanaí i Nollaig 2008, €250 milliún i mbearta seachanta eacnamaíochta agus costais do 2009. Tá na coigiltis seo sa bhreis ar €280 milliún bearta luach ar airgead a baineadh amach in 2008 agus a leanfar leo/athdhéanfar in 2009. Ó Nollaig 2008, tháinig roinnt nochtuíthe a d'fhéadfadh tarlú, agus a tugadh chun suntais sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta, chun cinn. Bunaithe ar an eolas is fearr a bhí ar fáil, aithníodh easnamh maoinithe le haghaidh 2009 de €540 milliún trí mhionscrúdú a thug an FSS agus An Roinn Sláinte agus Leanaí faoi. Tá roinnt den easnamh maoinithe breise seo de chineál aon uaire ach bíonn impleachtaí leanúnach ag cuid eile acu.

D'fhág an cur chuige a comhaontaíodh mar chuid den Bhuiséad Forlíontach ar 7 Aibreán 2009, nuair a chuirtear é leis an €133 milliún de bhearta a d'aithin an FSS cheana féin agus nach gcuireann isteach ar an bPlean Seirbhíse, fadhb iarmharáí de €147 milliún. Tá roinnt bearta aitheanta ag an Aire chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna maoinithe seo.

### Rioscaí agus Éiginnteachtaí do 2009

Ceann de na príomhrioscaí atá fós ann do FSS ná na arduithe bliantúla ar chostais a bhaineann le 'Scéimeanna Éileamh-Threoraithe' ar nós na scéimeanna 'Breoiteacht Fhadtéarmach' agus an 'Scéim Íocaíochta Drugaí'. Tá na scéimeanna seo cuimsithe sna Scéimeanna Cúraim Phríomhúil agus Cártaí Liachta. De bharr cineál na scéimeanna seo, ní féidir an t-éileamh a bheid orthu a thuar, agus thug sé seo leis brú ar an mbuiséad bliain ar bhliain, chomh maith le arduithe praghas.

Sa bhliain 2008, mar thoradh ar dhífhostaíocht ag dul i méid eisíodh níos mó cártaí liachta agus cártaí cuartaíochta DT i rith na bliana. Cé go ndéanann FSS iarracht íoslaghú a dhéanamh ar éifeachtaí airgeadais na scéimeanna seo trí dhianmhonatóireacht a dhéanamh agus trí nósanna imeachta rialaithe, níl amhras ar bith ann ach gur dúshlán suntasach don eagraíocht an t-ardú ar éileamh agus ar chostais ó thaobh a freagrachtaí cuntasachta a chomhlíonadh. Comhaontaíodh leis an An Roinn Sláinte agus Leanaí go gcoinneofar na forálacha maoinithe i leith cártaí liachta faoi athbhreithniú le linn 2009.

Bíonn riosca suntasach ag baint le FSS maidir leis an mbrath atá ar choigiltis sa réimse pá neamhbhuanata. Tá na coigiltis seo ag éirí níos deacra len iad a bhaint amach i bhfianaise na timpeallachta caidrimh thionscail agus an tobhaigh pinsin a tugadh isteach chomh maith le tionchar Bhuiséad Aibreán 2009.

Níl aon soláthar déanta ag an FSS do na drochthionchair airgeadais a d'fhéadfadh tarlú, atá measta ag €170 milliún le haghaidh na blianta roimhe seo agus €25 milliún in aghaidh na bliana in 2009 agus sna blianta amach romhainn, ag teacht as gníomhartha a ghlac cógaiseoirí maidir le forálacha na scéimeanna cártaí liachta. Tá mionsonraí na n-éileamh seo leagtha amach i Nóta 29 leis na Ráitis Airgeadais Bliantúla ar leathanach 104.

## **Monatóireacht Feidhmíochta**

Lean an obair i 2008 chun forbairt breise a dhéanamh ar ár n-acmhainní tuairiscithe corparáideacha laistigh den fhrámaíocht pleanála, feidhmíochta agus bainistíochta. Tagann an Grúpa Rialaithe Feidhmíocháin Corpráide de chuid an FSS, faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Airgeadais, le chéile gach coicís chun feidhmíocht eagraíochtúil a athbhreithniú agus a bhailíochtú sna príomhréimsí seo a leanas: airgeadas, bainistiú acmhainní daonna agus na spriocanna a aithníodh sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta a bhaint amach.

Cuireadh tuarascálacha míosúla feidhmíochta ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin FSS don chéad uair in 2008. Cuireann tuarascálacha míosúla feidhmíochta anailís comhtháite feidhmíochta ar fáil sna príomhréimsí eagraíochtúla Chúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach, Oifig Náisiúnta na nOspidéal, Sláinte Daonra, Airgeadais agus Acmhainní Daonna. Foilsíodh tuarascálacha débhlíantúla chomh maith chun an dul chun cinn ó thaobh gníomhartha sonracha mar atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta a léiriú. Chomh maith leis tuarascálacha feidhmíochta míosúla agus ráithiúla, chuir clár seirbhíse sonracha m.sh. Tionscnamh an Gheimhridh agus Tionscadail Athraithe, tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn ar fáil.

Le linn na tréimhse ó Aibreán go Lúnasa, bhí bailiúchán agus tuairisciú na sonraí feidhmíochta srianta go mór mar gheall ar ghníomh tionsclaíoch de chuid an cheardchumainn IMPACT do bhaill foirne cléireachais/riaracháin. Bhí an t-eolas a cuireadh ar fáil ag an am sin measta.

Rinneadh HealthStat, uirlis bhainistíochta feidhmíochta Oibriúcháin FSS, a mhionfheabhsú tuilleadh laistigh de na seirbhísí géarmhíochaine agus úsáidtear anois é i 29 ospidéal géarmhíochaine. I rith 2008 rinneadh HealthStat a leanú agus a phiólótú laistigh de sheirbhísí pobail. Tá sé le fáil ar láithreán gréasáin FSS ó Eanáir 2009.

## **Tátal**

Chomhlíon Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a ceanglais chuntasacha in 2008 trí tiomantais an Phlean Seirbhíse Náisiúnta a sheachadadh laistigh dá foráil maoinithe. Léiríonn príomhtháscairí eacnamaíocha gur bliain an-dúshlánach a bheidh i 2009. Fanfaidh aird agus iarrachtaí bhainistíochta FSS in 2009 dírithe ar laghdú/srianadh costais, Luach ar Airgead agus tionscnaimh bainistíochta chun seirbhísí líne tosaigh a chosaint agus ag an am céanna, caighdeán agus sábháilteacht cúraim othair a chothabháil.

# Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Bord Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Is é Bord Fheidhmeacht na Seirbhíse Sláinte an bord rialaithe atá ag eagraíocht is mó an Stáit a dhéanann maoirseacht ar ollbhuiséad de os cionn €14 billiún agus fostaíonn sé níos mó na 110,000 comhalta foirne. Tá sé cuntasach don Aire Sláinte agus Leanaí lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní atá ar fáil don FSS á n-úsáid sa bhealach is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun sláinte agus leas an phobail a fheabhsú, a chur chun cinn agus a chosaint.

Mar atá forordaithe faoi ailt 7 agus 12 den Acht Sláinte, airítear leis sin réimse leathan feidhmeanna agus dualgais suntasacha, lena n-áirítear an fhreagracht maidir le hathbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn Pleananna Caipitil, Seirbhíse agus Corparáide de chuid FSS agus iad a cheadú chomh maith lena chinntiú go bhfuil rialuithe airgeadais agus córais bainistithe rioscaí i bhfeidhm atá láidir agus éifeachtach. Chomh maith leis sin, cuireann comhaltaí an Bhoird ionchur breisluacha ar fáil do straitéis FSS, feidhmiú mar chatalaíoch d'athrú agus dhúshlán, agus comhairle a thabhairt don POF agus don bhainstíocht agus tacú leo.

## Comhaltaí

Tá an Bord comhdhéanta de 11 chomhalta neamhfheidhmiúcháin (lena n-áirítear an Cathaoirleach agus 10 gnáthchomhalta), agus is é/í an tAire Sláinte & Leanaí a cheapann na comhaltaí seo, de réir Alt 11 den Acht Sláinte 2004. Tá Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) FSS mar chomhalta den Bhord freisin.

Tá liosta de chomhaltaí an Bhoird, mar atá ón 31 Nollaig 2008, ar leathanacha 4 agus 5.

## Coistí an Bhoird

Forálann an tAcht Sláinte 2004 go gcuirfeadh an Bord coistí ar bun chun cúnaimh agus comhairle a chur ar fáil don Bhord maidir le feidhmiú a fheidhmeanna. Déanann an Bord ballraíocht agus téarmaí tagartha gach coiste a chinneadh.

I láthair na huaire tá trí bhunchoiste ag an mBord: An Coiste Iniúchta, An Coiste Luacha Saothair agus an Coiste Riosca.

### An Coiste Iniúchta

Seo a leanas baill an Choiste Iniúchta: An tOllamh Niamh Brennan (Cathaoirleach), An tUasal PJ Fitzpatrick, agus An tUasal Joe Mooney agus an tUasal Willie O'Reilly. Chríochnaigh An tUasal Adrian Waters a théarma ceapacháin mar chomhalta seachtrach den Choiste i Meitheamh 2008.

Tuairiscíonn an Coiste seo don Bhord maidir le gach gné a bhaineann le tuairiscí airgeadais agus polasaí cuntasáíochta agus déanann sé athbhreithniú ar éifeacht chóras um iniúchadh inmheánach agus rialú airgeadais. Buailéann iniúchóirí seachtracha FSS leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar iniúchadh bliantúil ráitis airgeadais na Feidhmeannachta.

### An Coiste Luach Saothair agus Eagraíochta

Seo a leanas baill an Choiste Luach Saothair agus Eagraíochta: An Dr Dónal de Buitéir (Cathaoirleach), An tUasal Pat Farrell An Dr Maureen Gaffney, agus An tUasal Liam Downey.

Tá an Coiste Luach Saothair agus Eagraíochta freagrach as moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le nithe a bhaineann le luach saothair agus le heagraíochtaí i FSS.

### An Coiste Riosca

Seo a leanas comhaltaí Choiste Riosca na Feidhmeannachta: An tOllamh Anne Scott (Cathaoirleach), An tUasal Eugene McCague, an tUasal P.J. Fitzpatrick agus an tUasal Joe Mooney. Feidhmíonn an tUasal Bill Bergin mar bhall seachtrach den Choiste.

Díríonn an Coiste Riosca go príomha ar chuidiú leis an mBord a dhualgais a chomhlíonadh trí athbhreithniú neamhspleách oibiachtúil a dhéanamh ar rioscaí neamhairgeadais, go háirithe riosca cliniciúil.

## Coistí Eile

Bunaíodh Coiste Boird chun tograí a cheapadh maidir le hOideachas, le hOiliúint agus le Taighde. Seo a leanas na comhaltaí atá ar an gCoiste seo: An Dr. Michael Murphy agus an tOllamh Anne Scott.

Tugann Rúnaí an Bhoird, An tUasal Dara Purcell, tacaíocht don Bhoird.

## Cruinnithe an Bhoird agus a Choistí

De réir Sceideal 2 den Acht Sláinte 2004, tá sé de cheangal ar an mBord cruinniú amháin ar a laghad a bheith aige i ngach ceann de 11 mhí sa bhliain. Reáchtáladh 15 chruinniú Boird le linn 2008, 11 chruinniú mhíosúla boird agus ceithre chruinniú breise boird. Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile seacht n-uaire; tháinig an Coiste Luach Saothair agus Eagraíochta le chéile 11 uaire agus tháinig an Coiste Riosca le chéile 11 uaire.

Tá tinreamh chruinnithe an Bhoird agus a Choistí leagtha amach sna táblaí thíos.

### Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird

Comhalta	Cruinnithe Míosúla Sceidealta Boird		Cruinnithe Breise Boird	
	Cruinnithe	Tinreamh	Cruinnithe	Tinreamh
L. Downey	11	10	4	4
N. Brennan	11	10	4	4
D. de Buitléir	11	11	4	4
B. Drumm	11	11	4	4
P.J. Fitzpatrick	10	8	4	4
M. Gaffney	11	9	4	4
J. Macrí	4	1	3	1
E. McCague	10	8	4	3
J. Mooney	10	9	4	4
M. Murphy	11	6	4	1
P. Farrell	10	8	4	3
W. O'Reilly	4	4		
A. Scott	10	9	4	3

*Cheap an tAire Sláinte agus Leanaí an tUasal Joe Mooney agus an tUasal Pat Farrell chuig an mBord i Feabhra 2008.*

*Cheap an tAire Sláinte agus Leanaí an tUasal P.J. Fitzpatrick, an tUasal Eugene McCague agus an tOllamh Anne Scott chuig an mBord arís i Feabhra 2008.*

*Cheap an tAire Sláinte agus Leanaí an tUasal Willie O'Reilly chuig an mBord arís i Meán Fómhair 2008 in áit an tUasal. J. Macrí, a d'éirigh as a phost in Aibreán 2008 mar gheall ar thiomantais oibre nuair a ceapadh chuig staid idirnáisiúnta laistigh dá ghnólacht é.*

*D'éirigh an Dr. Michael Murphy as oifig ar an mBord chomh maith ag deireadh mhí na Nollag 2008 mar gheall ar thiomantais oibre a d'ardaigh go mór nuair a ceapadh é mar Uachtarán ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.*

## Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird

Comhalta	Iniúchadh		Luach Saothair agus Eagraíocht		Riosca	
	Cruinnithe	Tinreamh	Cruinnithe	Tinreamh	Cruinnithe	Tinreamh
L. Downey			11	11		
N. Brennan	7	7				
D. de Buitléir			11	10		
B. Drumm						
P. J. Fitzpatrick	7	3			11	5
M. Gaffney			11	9		
J. Macri	4	0				
E. McCague					11	8
J. Mooney	6	6			3	3
M. Murphy						
W. O'Reilly	1	1				
A. Scott					11	11
P. Farrell			10	8		

Rinne an Bord na ceapacháin seo a leanas chuig a choistí in 2008:

- Ceapadh an tUasal P. Farrell ina chomhalta ar an gCoiste Luach Saothair agus Eagraíochta i Feabhra 2008.
- Ceapadh an tUasal Willie O'Reilly ina chomhalta ar an gCoiste Iniúchta i nDeireadh Fómhair 2008.
- Ceapadh an tUasal J. Mooney ina chomhalta ar an gCoiste Iniúchta i Feabhra 2008 agus ar an gCoiste Riosca i nDeireadh Fómhair 2008.

### Athbheithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht an Bhoird

De réir théarmaí tagartha an Bhoird reáchtáil sé meastóireacht inmheánach ar a fheidhmíocht in 2008.

### Cód Rialachais

Leagtar amach san Acht Sláinte, 2004 na ceanglais dhlíthiúla atá ar FSS maidir lena Cód Rialachais. Sa Chód Rialachais tá sraith cáipéisí idirghaolmhara a chruthaíonn creat rialachais. Leagtar amach san Acht Sláinte, 2004 na ceanglais dhlíthiúla atá ar FSS maidir lena Cód Rialachais.

Sa Chód Rialachais tá sraith cáipéisí idirghaolmhara a chruthaíonn Creat FSS ar Rialachais Chorporádigh agus Bainistithe Airgeadais. Cheadaigh an Bord Creat FSS ar Rialachais Chorporádigh agus Bhainistiú Airgeadais don chéad uair sa bhliain 2006, leasaíodh é i 2007 agus cuireadh é faoi bhráid an Aire mar a éilíonn Alt 35 den Acht Sláinte 2004. Tá an Creat a cheadaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an 26ú Márta 2008, roinnte i dhá chuid:

#### Cuid 1 – Doiciméid rialachais a bhaineann leis an mBord a leagann amach:

- Téarmaí Tagartha an Bhoird
- Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta
- Feidhm Iniúchta Inmheánach
- Téarmaí Tagartha an Choiste Luach Saothair agus Eagraíochta
- Téarmaí Tagartha an Choiste Riosca



## **Cuid 2 – Doiciméid rialachais de ábharthacht níos ginearálta**

- Cód maidir le Caighdeáin agus Iompraíocht
- Polasaí Tuairiscithe de Mheon Maith
- Ráiteas Polasaí maidir le Calaois
- Polasaí Comhtháite Bainistíochta Riosca
- Polasaí Soláthair
- Cairt do Chustaiméirí agus Nós Imeachta maidir le Gearáin

Bhí ceadú an Aire maidir leis an gCreat Rialachais faoi réir *‘chomhaontú leis na ceardchumainn ábhartha maidir leis na gnéithe sin, go háirithe iad sin i gCuid 2 den Chód, a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fostaithe de réir alt 28.13 den Comhaontú Comhpháirtíochta Náisiúnta I dTreo 2016’*.

Rinneadh cur i láthair ar ghnéithe cuí an Fhrámaíochta – Cód maidir le Caighdeáin agus Iompraíocht agus na polasaithe maidir le Tuairisciú de Mheon Maith agus Calaois – chuig Fóram Comhpháirtíochta Náisiúnta na Seirbhísí Sláinte an 22ú Deireadh Fómhair 2008. Fuarthas aiseolas ó na Ceardchumainn maidir leis na doiciméid agus ionchorpraíodh iad mar is cuí. Tá an Fhrámaíocht Rialachais foilsithe ar láithreán Gréasáin FSS.

Tá cur chuige bhainistiú tionscadail á ghlacadh le haghaidh an Chóid Rialachais a chur i bhfeidhm. Tá an tionscadal fadréimseach agus beidh tionchar aige ar gach stiúthóireacht. Nuair a chuirfear an cur chuige seo i bhfeidhm, cinnteoidh sé go mbeidh an Cód Rialachais neadaithe san eagraíocht agus cinnteofar freisin a lánpháirtíú, agus gnéithe den chlár claochlaithe agus forbairtí laistigh de na Stiúthóireachtaí.

## **Iniúchadh Inmheánach**

Tá Iniúchadh Inmheánach ar cheann de na príomhghnéithe a bhaineann le creat rialachais chorparáidigh FSS.

Is feidhm breithmheasa neamhspleách agus cuspóireach í a bunaíodh chun dearbhú a sholáthar don Bhord agus don Phríomhfheidhmeannach, mar an Oifigeach Cuntasaíochta ar dhóthanacht agus ar an méid a chloítear le nósanna imeachta agus próisis FSS agus lena chinntiú go mbaintear amach prionsabail éifeachtúlachta, éifeachtachta, cáilíochta, ionracais agus luach ar airgead.

Tuairiscíonn an Stiúthóir Náisiúnta ar Iniúchadh Inmheánach díreach chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúchta, oibríonn sé/sí go dlúth leis an bPríomhfheidhmeannach agus tá sé/sí mar chomhalta d’fhoireann oibre FSS.

Buaileann an Stiúthóir Náisiúnta leis an gCoiste Iniúchta ar bhonn rialta chun tuairisc a thabhairt ar mheasúnuithe agus ar mholtaí an Iniúchta Inmheánaigh d’fhonn feabhas a chur ar chóras inmheánach rialuithe agus rialachais FSS.

## Ráiteas maidir le Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird i leith na Ráiteas Airgeadais Bhliantúla

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú de réir an dlí infheidhmithe.

De réir Alt 36 den Acht Sláinte 2004, tá sé de cheangal ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú ar cibé bealach a ordóidh an tAire Sláinte agus Leanáí agus de réir na gcaighdeán cuntasaióchta atá sonraithe ag an Aire.

Agus na ráitis airgeadais bhliantúla á n-ullmhú, tá na nithe seo a leanas de cheangal ar bhaill an Bhoird:

- polasaithe cuntasaióchta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- nochtadh a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar aon chás go n-imítear ó chaighdeán chuntasaióchta Infheidhmithe; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfadh FSS uirthi ag feidhmiú.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go gcothaítear taifid chuntasóireachta a nochtadh, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá comhaltaí an Bhoird freagrach freisin as sócmhainní Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh chun aon chalaíocht nó aon mhírialtacht eile a chosc agus a bhrath.

Sínithe thar ceann FSS



**An tUasal Liam Downey**

*Cathaoirleach*

8 Bealtaine 2009

# Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

## Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Bunaíodh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar bhonn reachtúil ar Ordú an Aire ar 1 Eanáir 2005 de réir fhorálacha an Achta Sláinte 2004. Caithfidh FSS na teoracha a eisíonn an tAire Sláinte agus Leanaí faoin Acht a chomhlíonadh.

Is é Bord FSS an bord rialaithe ag an bhfuil an t-údarás feidhmeanna FSS a fheidhmiú. Féadfaidh an Bord aon cheann dá fheidhmeanna a tharmligean ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF). Féadfaidh an Bord coistí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a chur ar fáil dó maidir le feidhmiú a fheidhmeanna. Tá cúpla Coiste curtha ar bun ag an mBord lena n-áirítear Coiste Iniúchta agus Coiste Riosca ar a bhfuil idir chomhaltaí Bhoird agus chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin eile.

Ar na feidhmeanna atá ag an POF tá cur i bhfeidhm pholasaí an Bhoird, maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar fheidhmíocht, bhainistíocht ar chórais rialaithe éifeachtacha agus tuairisciú ar fheidhmíocht, de réir mar is gá. Is é an POF an tOifigeach Cuntasaíochta do FSS. Ní mór dó, freisin, cibé eolas (eolas airgeadais san áireamh) maidir le feidhmiú a fheidhmeanna, a iarrfaidh an Bord, a chur ar fáil.

Glacann an Bord agus an POF lena bhfreagrachtaí ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais i FSS. Leagadh Córas Rialaithe Inmheánaigh amach chun an riosca a laghdú seachas é a dhíchur. Ní féidir leis an gcóras sin ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a sholáthar go ndéanfar sócmhainní a chosaint, go ndéanfar údarú ar idirbhearta agus go gcoinneofar taifead ceart orthu agus go gcuirfear cosc le haon earráid nó le haon mhírialtacht nó go mbraithfear iad in am trátha.

Tá freagracht shoiléir ar an mBord, ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhFoireann Bainistíochta maidir le cur i bhfeidhm agus cothabháil an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus tugtar tús áite dó.

## Bunús an Ráitis

Déanaim an ráiteas seo, mar Chathaoirleach ar Bhord FSS, de réir Chód Cleachtais don Rialú ar Chomhlachtaí Stáit, 2001. Ar dhéanamh an Ráitis seo ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais bhí an Bord ag brath ar an Ráiteas a rinne an POF mar Oifigeach Cuntasaíochta i gCuntais Leithghabhála 2007.

## An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Tá freagracht ar FSS maidir le buiséad a bhí os cionn €14 billiún in 2008, an buiséad is mó in aon eagraíocht de chuid na hearnála poiblí in Éirinn. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach. Cé go bhfuil córais chuntasaíochta iarmharach na n-iarbhoird sláinte fós ag feidhmiú ó bunaíodh an FSS, tugadh faoi roinnt tionscadal inmheánach in 2008 chun cumas tuairiscithe agus feidhmitheacht na gcóras seo a chur chun cinn. Tá córas tuairiscithe inmheánach forbartha ag an FSS a dhéanann comhdhlúthú ar na cuntais a dhéanann na córais iarmharacha seo chun éascú a dhéanamh ar ullmhúchán na dtuarascálacha bainistíochta tráthúla míosúla, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) agus an Chuntais Leithreasaithe. De bharr go bhfuil na córais chuntasaíochta ar fad leagtha amach chun cuntais fabhráithe a dhéanamh seachas Cuntas Leithreasaithe Vótá-bunaithe, ní dhéantar Vóta FSS a a chuntasú ag leibhéal idirbheartaíochta a éilítear faoi Rialacha Cuntasaíochta an Rialtais. Is cleachtadh crua agus casta é úscadh cruinn a dhéanamh ar shonraí airgead-bhunaithe don Chuntas Leithreasaithe. Tá teorainneacha eolais bunúsacha agus neamhéifeachtachtaí ag baint leis an méid a mbrathaimid ar na réitigh atá ann faoi láthair. Gan córas airgeadais aonair, tá sé rí-thábhachtach na córais atá ann cheana féin a fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach. Tá obair leanúnach á dhéanamh leis an Roinn Airgeadais agus An Roinn Sláinte agus Leanaí i dtreo chóras náisiúnta a chur i bhfeidhm mar ábhar tosaíochta.

Ghlac an Bord an plean seirbhíse agus caipitil go luath in 2008 agus cheadaigh an tAire Sláinte agus Leanaí é laistigh den fhráma ama reachtúil. I rith 2008 rinneadh monatóireacht agus luacháil ar fheidhmíocht agus ar bhuiséid i gcoinne chuspóirí an phlean seirbhíse.

Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis atá i bhfeidhm ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun rialú inmheánach airgeadais níos éifeachtaí a sholáthar:

- Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm, chomh maith le tuairisciú bainistíochta rialta, lena n-áirítear leithscaradh ar dhualgais, córas tarmligin agus cuntasachta agus údarú ar chaiteachas.

## Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

- In 2008 leanadh leis an dara céim in 2008 den thionscadal d'fhonn sraith rialachán airgeadais a cheapadh ar fud FSS, i ndiaidh leathadh amach chéim 1 a chuimsigh na próisis 'Purchase to Pay'. Cuireann rialachán airgeadais caighdeán an chleachtas is fearr chun cinn, agus glactar leo ar fud na heagraíochta agus tá siad mar chuid thábhachtach de na córais rialachais i gcoitinne atá i bhfeidhm laistigh de FSS. Cuimsíonn Céim 2 den tionscadal ábhair ar nós párolla agus íocaíochtaí eile leis an bhfoireann, sócmhainní seasta agus sócmhainní reatha agus tuairiscí inmheánach. Cé gur cuireadh tús le leathadh amach Céim 2 i rith 2008 níor baineadh amach sprioc críochnaitheach na céime seo faoi dheireadh na bliana. Tugadh an tosaíocht is airde don tionscadal lena chinntiú go gcríochnófar é laistigh den chéad leath de 2009. D'ainneoin go ndéantar comhchuibhiú leanúnach ar pholasaithe agus ar chaighdeán, nuair atá próisis inmheánacha bunaithe ar chórais, ní féidir athraithe a sheachaint ó thaobh córais de go dtí go mbeidh córas airgeadais amháin uile-eagraíochta i bhfeidhm ag FSS.
- Tá creat cuimsitheach bainistíochta, monatóireachta bainistíochta, agus pleanála ag FSS. Rinneadh go leor oibre i rith 2008 chun cumais tuairiscithe corpráideacha a fhorbairt tuilleadh. Lean Grúpa Rialuithe Fheidhmeannach Chorpráideach FSS, a bunaíodh in 2008 agus atá faoi chathaoirleacht an Stiúrthóir Airgeadais, lena ról maidir le feidhmíocht eagraíochtúil a athbhreithniú agus a bhailíochtú sna príomhréimsí seo a leanas: Airgeadas, bainistíocht acmhainní daonna agus na spriocanna a aithníodh sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) a bhaint amach.
- Cuireadh tuarascálacha míosúla um monatóireacht feidhmíochta (TMFanna) ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin an FSS don chéad uair in 2008. Cuireann na tuarascálacha seo anailís comhtháite ar fheidhmíocht ar fáil sna príomhréimsí eagraíochtúla de Chúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach, Oifig Náisiúnta na nOspidéal, Sláinte an Daonna, Airgeadas agus Acmhainní Daonna. Foilsíodh tuarascálacha débhlíantúla chomh maith chun an dul chun cinn maidir le sraith beart agus táscairí feidhmíochta a léiriú. Chomh maith leis na TMFanna míosúla agus ráithiúla, cuireann sainchlár seirbhíse, m.sh. Tionscnamh an Gheimhridh agus Tionscadail Athraithe, tuarascálacha rialta ar fáil.
- Le linn na tréimhse Aibreán go Lúnasa, bhí srian mór ar bhailiú agus thuairiscí sonraí feidhmíochta de bharr gnímh thionscail de chuid an Cheardchumainn IMPACT d'fhoireann Cléireachais/Riaracháin. Measadh an t-eolas a cuireadh ar fáil ag an am sin.
- De réir fhorálacha an Achta Sláinte 2004, d'fhoilsigh an Bord Plean Chorparáideach 2008-2011, a leagann amach tosaíochtaí agus treo an FSS don tréimhse trí bliana. Ullmhaíodh an Plean Seirbhíse Náisiúnta do 2009 chomh maith agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí é lena cheadúnú.
- Cuireadh tús leis an tionscadal HealthStat chun eolas feidhmíochta cuimsitheach a fhorbairt a léireoidh conas mar atá 29 ospidéal teagaisc, réigiúnach agus ginearálta ag feidhmiú i gcoinne spriocanna náisiúnta agus idirnáisiúnta ar dtús mar chlár píolótach in 2008 agus seoladh é i Márta 2009. Cuirtear an t-eolas seo le chéile agus foilsítear é go míosúil ar láithreán gréasáin an FSS agus áirítear bearta ar nós amanna feithimh d'eisothair, an meánfhad fanachta san ospidéal agus taifid maidir le cé chomh maith agus atá gach ospidéal ag úsáid a chuid acmhainní. Aithníonn sé chomh maith saincheisteanna feidhmíochta chórasach a theastaíonn cur chuige náisiúnta uathu. Athbhreithnítear na sonraí ag Fóram HealtStat go míosúil agus díríonn sé ar thorthaí feidhmíochta d'ospidéal aonair, roinneann sé na cúiseanna atá le héachtaí aitheanta agus tacaíonn sé le pleananna gnímh maidir le forbairt agus leanaítear iad go dian. Tá an Fóram faoi cheannas an POF agus freastalaíonn Stiúrthóirí Náisiúnta, Príomhoifigigh Feidhmíocháin na n-ospidéal agus Stiúrthóirí Cliniciúla air. I rith 2008 leathnaíodh HealthStat agus rinneadh píolótú air laistigh de sheirbhísí pobail.
- Bhí córas déabhlóidithe buiséadach i bhfeidhm agus tá sé mar fhreagracht ar bhainisteoirí sinsearacha feidhmiú laistigh de theorainneacha sainithe freagrachta agus cuntas a thabhairt ar athraithe shuntasacha sa bhuiséad. Reáchtáiltear próiseas breithmheasa atá caighdeánaithe agus sonrath le haghaidh gach tionscadal chaipitil a chosnaíonn níos mó ná €0.5m. Mar chuid den phróiseas sin déantar achoimre ar an tionscadal a chur i láthair ag leagan amach an riachtanas seirbhíse i gcomhthéacs na dtosaíochtaí caipitil mar atá luaite i bPleananna Corparáideacha agus Seirbhíse agus sa Straitéis Sláinte. Déantar anailís ar chostas tairbhe i gcás gach tionscadail chaipitil atá beartaithe agus a chosnaíonn níos mó ná €30m, de réir Threoirlínte 2005 na Roinne Airgeadais maidir le Breithmheas agus Bainistíú ar Thograí Caiteachais Chaipitil san Eanáil Phoiblí. Déantar athbhreithnithe Boird ar an gclár go tráth rialta.
- Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag FSS le pearsanra atá oile go cuí a fheidhmíonn de réir na cairte scríofa/na téarmaí tagartha atá faofa ag an mBord. Cuirtear eolas ar fáil ar a mbunáitear an tIniúchadh Inmheánach ón anailís a dhéantar ar na rioscaí airgeadais a bhfuil FSS nochta dóibh. Tá a phleananna Iniúchta Inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh ag an gCoiste Iniúchta, bunaithe ar an anailís seo. An aidhm atá leis na pleananna seo ná na rialuithe lárnacha a chlúdach ar bhonn céimneach thar tréimhse réasúnta. Déanann an Coiste Iniúchta an tIniúchadh Inmheánach a athbhreithniú go tréimhsiúil, agus tugann sé tuairisc don Bhord dá réir. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar córam leantach de na tuarascálacha a chuireann Iniúchadh Inmheánach ar fáil.

- Tá Coiste Iniúchta i bhfeidhm, le cathaoirleach ar chomhalta Boird é/í, seachas Cathaoirleach an Bhoird. Tá ceithre chomhalta Boird ar an mBord. Tuairiscíonn an Coiste go díreach don Bhord. Feidhmíonn an Coiste de réir Téarmaí Tagartha aontaithe agus tháinig sé le chéile seacht n-uaire i 2008.
- Tá Coiste Riosca ar bun le Cathaoirleach ar chomhalta Boird é/í, seachas Cathaoirleach an Bhoird. Tá sé comhdhéanta de cheathrar chomhaltaí Boird agus ainmní seachtrach. Tuairiscíonn an Coiste go díreach don Bhord. Feidhmíonn Coiste Riosca FSS de réir Téarmaí Tagartha aontaithe agus díríonn sé go príomha ar chuidiú leis an mBord a dhualgais a chomhlíonadh trí athbhreithniú oibiachtúil neamhspleách a sholáthar, i ndáil le rioscaí neamhairgeadais. Tháinig an Coiste Riosca le chéile aon uaire déag in 2008. Is gá go mbeadh lán-idirchaidreamh idir Coiste Iniúchta agus Coiste Riosca an Bhoird chun go bhfeidhmeodh an dá choiste boird idirghaolmhara seo i gceart. Tá idirchaidreamh arna éascú ag ballraíocht choitianta ar an dá choiste seo agus reachtáiltear comhchruinnithe anois chun an ról idirchaidrimh seo a láidriú.
- Bunaítear an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéantar ar éifeacht an chórais um rialú inmheánach, ar eolas a fhaightear ó obair na feidhme Iniúchta Inmheánaigh, ó obair an Choiste Iniúchta agus ó obair na mBainisteoirí laistigh de FSS a bhfuil freagracht orthu i leith fhorbairt agus chothabháil an creata rialaithe airgeadais. Cuireadh san áireamh na ráitis a rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

I Márta 2008, cheadaigh an tAire Sláinte agus Leanaí Cód Rialachais FSS faoi réir ag comhaontú leis na ceardchumainn cuí maidir leis na gnéithe a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fhostaithe. Rinneadh comhchomhairlí faoi choimirce Fhóram Chomhpháirtíocht Náisiúnta na Seirbhísí Sláinte. Réitíodh aighneachtaí ar na doiciméid ó na Ceardchumainn a mhéid is féidir agus tá an Cód Rialachais foilsithe ar láithreán gréasáin FSS. Maidir le cur chun feidhme an Chóid Rialachais, glacadh le cur chuige bainistíochta tionscadail le Stiúrtóirí Náisiúnta aonair ag glacadh freagracht as na doiciméid sonracha a chomhdhéanann an fhrámaíocht, a chur i bhfeidhm.

Comhlíonann na nósanna imeachta éadála sealúchais agus diúscartha ag FSS na dualgais dhlíthiúla atá sonraithe in ailt 78 agus 79 den Acht Sláinte 1947, mar atá leasaithe ag Acht Sláinte 2004. Tharmlig an Bord údarás ar an POF le faomhadh a dhéanamh ar idirbhearta sealúchais suas go teorainn €2 mhilliún. Ní mór don Bhord aon idirbhearta a sháraíonn an méid sin a fhaomhadh ar mholadh ón POF.

### **Athbhreithniú ar Éifeacht an Chórais um Rialú Inmheánach**

I rith 2008 choimisiúnaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Athbhreithniú seachtrach ar Rialuithe Airgeadais i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Cé nach bhfuil an t-athbhreithniú coimisiúnaithe go sonrach chun an Ráiteas seo maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais a chuir in iúl, b'iad seo a leanas na téarmaí tagartha:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe agus tuarascálacha airgeadais atá ann cheana féin;
- Trácht a dhéanamh ar oiriúnacht do chuspóir na heagraíochta airgeadais reatha an FSS;
- Scrúdú a dhéanamh ar an idirghníomhú idir an stiúrtóireacht airgeadais agus stiúrtóireachtaí eile laistigh den FSS chun measúnú ar chomhshocruithe cuntasachta na stiúrtóireachtaí a chur san áireamh;
- Aithint conas an seachadadh is fearr a bhaint as na córais agus na srianta ar acmhainní atá ann faoi láthair chun leasa an POF;
- Cuidiú leis an staid airgeadais chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta.

Cuireadh an tuarascáil Athbhreithniú ar na Rialuithe i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi bhráid an POF agus an Stiúrtóra Airgeadais in Eanáir 2009 agus rinne an Coiste Iniúchta athbhreithniú agus plé air ag an gcruinniú a bhí aige in Eanáir 2009. Bhí an teorainn a cuireadh ar sheachadadh airgeadais mar théama a tháinig aníos arís agus arís san athbhreithniú iomlán de bharr nach bhfuil córas cuntasáíochta atá oiriúnach don fheidhm ar fáil. Is é an réiteach is fearr ar sheachadadh airgeadais san FSS ná córas airgeadais náisiúnta singil a chur ar bun agus táthar ag leanúint leis an obair chun an toradh sin a bhaint amach. Ach tá go leor feabhsúcháin eile atáthar ag leanúint leo agus ag seachadadh gan an réiteach córais a bheith ar fáil. Is i dtreo na nithe inseachadta seo a bhí moltaí na tuarascála dírithe. Cuireadh na moltaí le chéile faoi na gceanntaidil loighciúla seo a leanas: Ról Airgeadais, Struchtúr na hEagraíochta, roinnt Príomhnithe Inseachadta, Daoine, Córais agus na Chéad Chéimeanna Eile.

Tá pleananna struchtúrtha chun moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm á leanúint ag an mbainistíocht.

Tar éis don Rialtas cinneadh a dhéanamh, bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí Grúpa Oibre faoi chathaoirleacht an tUasal Tom Considine le hionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí, ón Roinn Airgeadais agus ón FSS, chun staidéar a dhéanamh ar shaincheistanna cuntasáíochta áirithe a bhaineann le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Ba é an príomhfhócas a bhí ag an nGrúpa Oibre ná an t-idirghníomhú idir Cuntasáíocht Vótála agus Cuntasáíocht Ioncaim agus Caiteachais

## Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

(cuntais fabhraithe) agus go háirithe conas an bainistiú is fearr a dhéanamh ar an idirghníomhú chun an luach breise is fearr a fháil don FSS, an Rialtas, Dáil Éireann, Ranna Rialtais agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Áirítear iad seo a leanas le téarmaí tagartha an Ghrúpa Oibre:

- Athbhreithniú ar na Cuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cuntais Leithreasa bliantúla a ullmhaíodh go dtí seo maidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus cur síos ar a bhformáid agus a n-ábhar;
- Saincheisteanna a eascraíonn as comhoibriú an dá riachtanas cuntasaíochta a aithint agus a bhreithniú don FSS, Roinn Sláinte agus Leanaí, Roinn Airgeadais, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Oireachtas;
- Bealaí a bhreithniú chun tuiscint agus leanúnachas a fheabhsú idir dhá sraith Cuntais FSS d'fhonn trédhearcacht na gcuntas a fheabhsú;
- Imscrúdú a dhéanamh ar an riachtanas nó eile atá ann ó thaobh sainleibhéal caiteachais a shocrú don FSS gach bliain agus na himpleachtaí a bheadh ag sásra rialaithe den sórt sin ar an bpróiseas Meastacháin, ar shocrú buiséid an FSS agus tuairisciú gaolmhar do chuspóirí Ioncaim agus Caiteachais; agus
- Moltaí a dhéanamh dá réir sin.

Thuairiscigh an Grúpa Oibre chuig an Rialtas i Márta 2009. Rinne an Coiste Iniúchta athbhreithniú agus plé ar an tuarascáil.

Tá an bainistíocht ag ullmhú pleananna feidhmithe do mholtaí na tuarascála. Sa bhreis ar na hathbhreithnithe seachtracha seo, rinne foireann tionscadail a bhí comhdhéanta de bhainisteoirí sinsearacha a bhfuil oilteacht shonrach acu i réimsí airgeadais, iniúchta agus rialaithe, athbhreithniú inmheánach foirmiúil ar éifeachtacht chóras um Rialú Inmheánach FSS. Bhunaigh athbhreithnithe bliantúla ar an gcóras um Rialú Inmheánach a rinneadh sna blianta roimhe seo, teimpléad a leanadh leis agus an athbhreithniú seo á dhéanamh in 2008. Áiríodh na céimeanna seo a leanas leis an athbhreithniú:

- Measúnú ar dhul chun cinn in éadan chur i bhfeidhm na treorach maidir le gníomhú a bhí sna tuarascálacha roimhe seo;
- Breithniú ar na Ráitis um Dhearbhú Rialuithe a chuir bainisteoirí sinsearacha i gcrích;
- Measúnú ar mhaolú na bainistíochta ar rioscaí féideartha arna sainaithint ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C);
- Athbhreithniú ar Thuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh agus ar litreacha bainistíochta an ARC&C;
- Agallaimh struchtúrtha dhéthaobhacha le sampla ionadaíoch de bhainisteoirí sinsearacha a roghnaíodh go randamach ar fud na heagraíochta.

Scaipeadh tuarascáil na foirne tionscadail ar an ardbhainistíocht i mí Márta 2009. Go hachomair, an tátal foriomlán ón athbhreithniú seo ná cé go bhfuil an timpeallacht rialaithe, na próisis rialaithe agus bainistíochta riosca agus na socruithe dearbhúcháin éifeachtach tríd is tríd, tá roinnt réimsí a bhfuil gá gníomhú ina leith chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus comhdhlúthú a dhéanamh ar fheabhsúcháin atá ann ón tuarascáil dheireanach. Déanfaidh an Coiste Iniúchta monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí seo ag an mbainistíocht le linn 2009.

Tá an Ráiteas seo ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais mar léiriú ar mar a sheas cúrsaí i FSS sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

Sínithe thar ceann FSS



**Liam Downey Uasal**  
Cathaoirleach

8 Bealtaine 2009

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoi Alt 36 den Acht Sláinte, 2004.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitiúil, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

## Freagrachtaí na Feidhmeannachta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Fheidhmeannacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Sláinte, 2004 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Fheidhmeannacht na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí Bhoird na Feidhmeannachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fórcheart, de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Fheidhmeannacht an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le heolas eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú na Feidhmeannachta.

Léim eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtas Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Feidhmeannachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh eolas i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.


Ní ionann é seo agus aon mhaolú a dhéanamh ar mo thuairim, ach tarraingím suntas ar bhunús na gcuntas sna Beartais Chuntasaíochta a mhíníonn mar atá na caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí éagsúil ó Chleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

### **Tuairim**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fórcheart, de réir na gcaighdeán cuntasáíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí, ar riocht ghnóthaí na Feidhmeannachta ag 31 Nollaig 2008 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar chríoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúí coinnithe ag an bhFeidhmeannacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



**John Buckley**

*Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste*

12 Bealtaine 2009



# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008


	Nótaí	2008 €'000	2007 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontais Ioncaim ón Státchiste	3	12,100,047	10,897,583
Fáltais ó dhleacht mháil ar tháirgí áirithe tobac		167,605	167,605
Ranníocaíochtaí Sláinte		1,326,677	1,298,199
Ioncam ó sheirbhísí a sholáthraítear faoi rialacháin AE		100,000	450,000
Aisghabháil ar chostais ón gCiste Árachais Shóisialta		15,338	14,820
Fáltais ó Roinn Sláinte & Seirbhísí Sóisialta na Ríochta Aontaithe		150	178
Ioncam ó Othair	4	285,056	269,618
Ioncam Eile	5	431,798	400,610
Cuntais Dhíomhaoiné		3,536	844
		<b>14,430,207</b>	<b>13,499,457</b>
<b>Caiteachas</b>			
<b>Pá</b>			
Cliniciúil	6 & 7	3,288,867	3,047,244
Neamhchliniciúil	6 & 7	1,222,548	1,154,256
Seirbhísí eile Cliant/Othar	6 & 7	615,202	609,470
		<b>5,126,617</b>	<b>4,810,970</b>
<b>Neamhphá</b>			
Cliniciúil	8	1,035,217	935,260
Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna	8	60,417	59,015
Cúram Príomhúil agus Scéimeanna Cáirtaí Liachta	8	3,402,211	3,078,653
Seirbhísí Eile Cliant/Othar	8	94,544	74,716
Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	8	3,937,227	3,669,392
Bainistiú Tí (lónadóireacht, gréithe, éadaí leapa, srl.)	8	254,471	234,539
Speansais Oifige agus Riaracháin	8	509,543	500,580
Muirir Fhadchónaitheacha Aisíoctha le hOthair	8	225,266	126,571
Scéim Árachais Heipitíteas C	8	574	237
Speansais Oibríocháin Eile	8	36,957	51,271
		<b>9,556,427</b>	<b>8,730,234</b>
<b>Glan (Easnamh)/Bharrachas Oibríocháin don Bhliain</b>		<b>(252,837)</b>	<b>(41,747)</b>
<b>Iarmhéid amhail 1 Eanáir</b>		<b>(904,879)</b>	<b>(863,132)</b>
<b>Iarmhéid amhail 31 Nollaig</b>		<b>(1,157,716)</b>	<b>(904,879)</b>

Déileáiltear le gach gnóthachan agus cailteanas, seachas dímheas agus amúchadh, tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus tríd an gCuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais.

Cuimsíonn príomhráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, agus an Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanaigh 79-82.



**Liam Downey Uasal**  
Cathaoirleach



**An tOllamh Brendan Drumm**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €'000	2007 €'000
<b>Ioncam</b>			
Maoiniú Caipitil ón Státhchiste		570,540	555,548
Maoiniú ón AE		415	339
Maoiniú Ioncaim a úsáideadh le haghaidh Tionscadail Chaipitil		178	604
Cuntais Dhíomhaoine		9,861	2,816
Ranna Rialtais agus Foinsí Eile	19(c)	7,801	4,181
		588,795	563,488
<b>Caiteachas</b>			
Deontais Chaipitil do Ghníomhaireachtaí Deonacha (Aguisín 2)	19(b)	190,148	201,175
Caiteachas Caipitil ar Thionscadail Chaipitil FSS	19(b)	373,020	434,722
		563,168	635,897
<b>Glan (Easnamh)/Bharrachas Caipitil don Bhliain</b>		25,627	(72,409)
<b>Iarmhéid amhail 1 Eanáir</b>		(262,239)	(189,830)
<b>Iarmhéid amhail 31 Nollaig</b>		(236,612)	(262,239)

Déileáiltear le gach gnóthachan agus cailteanas, seachas dímhéas agus amúchadh, tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus tríd an gCuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais.

Cuimsíonn príomhráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, agus an Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanaigh 79-82.

Liam Downey Uasal  
Cathaoirleach

An tOllamh Brendan Drumm  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Clár Comhardaithe


Amhail ag 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €'000	2007 €'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
<b>Sócmhainní Inláimhsithe</b>			
Tailte agus Foirgnimh	9	4,633,132	4,422,984
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe eile	10	382,462	412,719
<b>Infheistíochtaí</b>			
Sócmhainní Airgeadais	11	3	3
<b>Sócmhainní Seasta Iomlána</b>		5,015,597	4,835,706
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoic	12	119,914	127,325
Féichiúnaithe	13	211,554	211,767
Cuntas an Phámháistir Ghinearalta agus an Stáitchiste	14	57,311	52,641
Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh		25,025	665
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Creidiúnaithe	15	(1,744,767)	(1,494,481)
<b>Glandlíteanais Reatha</b>		(1,330,963)	(1,102,083)
<b>Creidiúnaithe dlite tar éis bliana</b>			
	16	(59,598)	(59,762)
<b>Ioncam Iarchurtha</b>			
	17	(3,770)	(5,276)
<b>Sócmhainní Iomlána</b>		3,621,266	3,668,585
<b>Cuntas Caipitlithe</b>			
	18(a)	5,015,594	4,835,703
<b>Cúlchistí Caipitil</b>			
	18(b)	(236,612)	(262,239)
<b>Cúlchistí Ioncaim</b>			
	18(c)	(1,157,716)	(904,879)
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>		3,621,266	3,668,585

Cuimsíonn príomhráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, agus an Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas Maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanaigh 79-82.



Liam Downey Uasal  
Cathaoirleach



An tOllamh Brendan Drumm  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid


Amhail ag 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €'000	2007 €'000
<b>Glan-insreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	20	35,522	143,682
<b>Torthaí ar Infheistíochtaí agus Seirbhísí ar Airgeadas</b>			
Ús íochta ar iasachtaí agus ar rótharraingtí		(56)	(56)
Ús íochta ar léasanna airgeadais		(1,557)	(1,638)
Díbhinní cothromais faighte		8	2
Ús faighte		2,178	3,749
Glan-insreabhadh Airgid Thirim ó Sheirbhísí Airgeadais		573	2,057
<b>Caiteachas Caipitil</b>			
Caiteachas Caipitil – caipitlithe		(326,015)	(350,648)
Caiteachas Caipitil – neamhchaipitlithe		(237,152)	(285,249)
Íocaíochtaí ó ioncam maidir le: héadail sócmhainní seasta (glan ar thrádáil isteach)		(19,650)	(53,625)
Maoiniú loncaim a úsáideadh le haghaidh Caipitil		178	604
Fáltais ar dhíolachán sócmhainní seasta (trádáil isteach as an áireamh)		639	15,206
Suimeanna aischistithe leis an Státchiste		(517)	(15,160)
Glan eis-sreabhadh ó Chaiteachas Caipitil		(582,517)	(688,872)
Glan eis-sreabhadh airgid thirim roimh Mhaoín		(546,422)	(543,133)
<b>Maoiniú</b>			
Deontas Caipitil faighte		570,540	555,548
Fáltais chaipitil ó fhoinsí eile		18,077	7,336
Íocaíocht na gné caipitiúla den léas airgeadais agus aisíocaíochtaí iasachtaí		(271)	(595)
Glan-insreabhadh Airgid ó Mhaoiniú		588,346	562,289
<b>Glansreabhadh Airgid</b>		41,924	19,156
<b>Ardú ar airgead tirim ar láimh agus larmhéideanna bainc i rith na bliana</b>	21	41,924	19,156

Cuimsíonn príomhráitis airgeadais FSS an Cuntas loncaim agus Caiteachais, agus an Cuntas Caipitil loncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanaigh 79-82.



Liam Downey Uasal  
Cathaoirleach



An tOllamh Brendan Drumm  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na cuntais ar bhunús fabhráithe, de réir an choinbhinsiúin chostais stairiúil. Faoin Acht Sláinte 2004, sonraíonn an tAire Sláinte agus Leanaí na caighdeáin chuntasaíochta a gcaithfidh FSS cloí leo. Ghlac FSS leis an gCleachtas Cuntasaíochta Coitianta (GAAP) de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta faoi réir na dtrí eisceacht atá sonraithe ag an Aire:

1. Ní chuirtear dímheas de mhúirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachas – cuirtear de mhúirear é ar an gcuntas cúlchiste: An Cuntas Caipitilíthe. Ní cheadaítear cuntasaíocht cúlchiste faoi GAAP. Faoi na prionsabail seo, ní mór dímheas a chur de mhúirear ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais.
2. Déantar taifeadadh, sa Chuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, ar na deontais a fhaightear ón Stát chun sócmhainní seasta a cheannach. Faoi GAAP, déantar caipiteal ó dheontais a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha, amúchta thar ghnáth-thréimhse úsáideach na sócmhainne a bhaineann leis, ionas go mbeadh an modh cuntasaíochta a úsáidtear chun an deontas a láimhseáil ag teacht leis an muirear dímheasta ar an t-sócmhainn sheasta.
3. Coimeádtar cuntas ar phinsin ar bhonn ‘íoc-mar-a-théitear’, agus ní chuirtear forálacha na *Sochar Scoir* FRS 17 i bhfeidhm.

## Bunús an Ullmhúcháin

De réir Chuntasaíocht FRS 2 do *Ghnóthais Fochuideachta*, ní dhearnadh na torthaí do na fochuideachtaí atá go hiomlán faoi scáth FSS anois, a chomhdhlúthú sna ráitis airgeadais bhliantúla toisc nach raibh siad ábhartha. Tá sonraí faoi bhail foirne atá fostaithe i bhfochuideachtaí FSS san áireamh i Nóta 7 atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais. Rinneadh iniúchadh sonrathach i rith na tréimhse chun tuairisciú maidir le caiteachas pá agus neamhphá a shainithint agus a chaighdeánú, ar sheirbhísí cliniciúla, neamhchliniciúla agus ar sheirbhísí eile othar/cliant. D’fhonn éascú a dhéanamh ar chomparáid bliain ar bhliain, rinneadh athanailís ar chaiteachas na bliana roimh ré sna catagóirí seo, i gcomhréir le rangú 2007. Ba chóir a mheabhú go bhfuil an t-iomlán do chaiteachas ioncaim na bliana roimh ré fanta mar an gcéanna agus níl aon éifeacht ag an athanailís ar thorthaí airgeadais na dtréimhsí tuairiscithe reatha nó na dtréimhsí tuairiscithe roimh ré.

## Aithint Ioncaim

- (i) Faigheann FSS maoiniú den chuid is mó óna vóta gach bliain ó Dháil Éireann i leith seirbhísí riaracháin, caipitil agus neamhchaipitil. Seasann an méid a aithnítear mar ioncam, maidir le maoiniú óna vóta, don ghlanmhuinín sa Státchiste íocaíochtaí a mhaoiniú i rith na bliana. Tugtar cuntas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar ioncam i ndáil le seirbhísí riaracháin agus neamhchaipitil. Tugtar cuntas sa Chuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais ar ioncam i ndáil le seirbhísí caipitil.  
Baineadh úsáid as maoiniú a feidhmíodh chun airgead a aisíoc a thóg eagraíochtaí réamhtheachtaithe ar iasacht agus a úsáideadh chun caiteachas caipitil a mhaoiniú agus tugtar cuntas air sa Chuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais faoin teideal Maoiniú Ioncaim a Feidhmíodh le haghaidh Tionscadail Chaipitil.
- (ii) Aithnítear ioncam ó othair agus ó sheirbhísí mar ioncam nuair a sholáthraítear an tseirbhís.
- (iii) Aithnítear ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann mar ioncam nuair a dhéantar an asbhaint (féach polasaí cuntasaíochta pinsean thíos).
- (iv) Aithnítear ioncam ó gach foinse eile ar bhonn fáltais.
- (v) Tá an méid ioncaim, seachas an deontas ón Státchiste, a bhfuil FSS i dteideal a chaitheamh chun freastal ar a cuid caiteachais teoranta don méid a fhaigheann sí de réir vóta mar “Leithghabháil i gCabhair” sa mheastachán bliantúil. Ní mór aon ioncam eile a fhaightear i rith na bliana, a sháraíonn an méid seo, a ghéilleadh don Státchiste. Léirítear an t-ioncam eile glan ar an ngéilleadh seo.

## Cuntais Caipitil Ioncaim agus Caiteachais

Déantar cothabháil ar Chuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais de réir chaighdeán chuntasaíochta arna leagan síos ag an Aire Sláinte agus Leanaí.

Is é atá i Maoiniú Caipitil Státchiste ná an glanmhuinín sa Státchiste maoiniú a dhéanamh ar íocaíochtaí a dhéantar i rith na bliana i leith caiteachais a chuirtear de mhúirear i gcoinne fo-mhírchinní Seirbhísí Caipitilíla i vóta FSS.

## Polasaithe Cuntasaíochta

Cuirtear maoiniú caipitil ar fáil do vóta FSS le haghaidh mórshócmhainní tógála/ceannacháin, cothabháil chaipitil agus caiteachas ilghnéitheach caipitil nach bhfuil caipitilthe ar an gclár comhardaithe. Chomh maith leis sin, cuirtear maoiniú caipitil ar fáil do vóta FSS le haghaidh íocaíocht chaipitil i bhfoirm deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha. Tá anailís ar chaiteachas caipitil de réir na gcatagóirí seo i Nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### Iarmhéid sna Cuntais Ioncaim agus Chaiteachais

Is maoiniú ón Státchiste is mó atá san ioncam sna Cuntais Chaipitil Ioncaim agus Chaiteachais a chuirtear ar fáil faoi chomhair dliteanais atá ag teacht in aibíocht i rith na bliana. Tugtar cuntas i leith roinnt mhaith den chuid eile den ioncam ar bhonn fáiltais. Taifeadtar caiteachas, áfach, ar bhunús fabhráithe. Mar thoradh air sin, ní léiríonn na hiarmhéideanna sna cuntais ioncaim agus caiteachais na gnáthbharrachais oibriúcháin ná na gnátheasnamh oibriúcháin, mar go mbaineann siad den chuid is mó leis an difríocht idir caiteachas fabhráithe agus maoiniú bunaithe ar airgead tirim.

### Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha

Cuireann FSS maoiniú ar fáil do roinnt soláthraithe seirbhíse le go gcuirfidís seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta ar fáil thar ceann na Feidhmeannachta. Sula ndéanann FSS aon socrú dá leithéid, cinneann an eagraíocht ar an uasmhéid maoinithe atá á mholadh aici a chur ar fáil sa bhliain airgeadais faoin socrú sin agus an leibhéal seirbhísí a mbeadh sí ag súil leis ar an maoiniú. Cuirtear an maoiniú seo, i mbliain an chuntais, de mhúirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ag an uasleibhéal a cinneadh air don bhliain, cé go bhféadfaí gné áirithe a fhágáil gan íoc amach go dtí an bhliain dar gcionn.

### Léasanna

Déantar láimhseáil ar chíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin sna ráitis airgeadais nuair atá siad dlite. Ní ceadmhach do FSS dul faoi dhualgais léasa airgeadais de réir Níosanna Imeachta Airgeadais na Roinne Airgeadais. Áit a fuair na heagraíochtaí réamhtheachtaithe sócmhainní, áfach, faoi léasanna airgeadais, tá FSS tar éis dul freagrach sna léasanna sin ó bunaíodh í. Do na léasanna seo, cuirtear an ghé chaipitíúil den t-sócmhainn san áireamh sna sócmhainní seasta agus déantar í a dhímheas thar a ghnáththréimhse úsáideach.

Chomh maith leis an ngáthláimheáil GAAP ar shócmhainní a bhfuil gá leis faoi léasanna airgeadais, cuirtear costas na sócmhainne de mhúirear ar an gCuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais agus cuirtear méid comhionann chun sochair an Chuntais Chaipitilthe (Cúlchiste).

Cuirtear an eilimint chaipitil amuigh den cheanglas léasa san áireamh faoi chreidiúnaithe. Gearrtar ús ar an gcuntas ioncaim agus caipitil ag ráta seasmhach thar thréimhse an léasa.

### Deontais Chaipitil

Déantar maoiniú deontais chaipitil a thaifeadadh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Chomh maith le maoiniú ar chaipiteal ó dheontais, déantar maoiniú ar roinnt mionchaiteachais ó ioncam. Cuirtear an méid den maoiniú ioncaim seo a chaitear i rith na bliana ar mhionchaipiteal de mhúirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caipitil. Níl an láimhseáil cuntasaíochta seo ag teacht leis an gCleachtas Cuntasaíochta Coitianta, agus tá sí mar thoradh ar na heisceachtaí a luaitear leis an gCleachtas Cuntasaíochta Coitianta atá sonraithe ag an Aire.

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus an Cuntas Caipitilthe

Cuimsíonn sócmhainní seasta inláimhsithe Tailte, Foirgnimh, Obair idir Lámha, Trealamh agus Mótarfheithiclí. Luaitear breiseanna sócmhainní seasta inláimhsithe ó 1 Eanáir 2005 ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear san áireamh luachanna carraireactha na sócmhainní seasta inláimhsithe a glacadh ó na heagraíochtaí réamhtheachtaithe san áireamh ar an gclár comhardaithe tosaigh ar lá a bhunaithe, 1 Eanáir 2005, ag a gcostas/luacháil bhunaidh. Cuirtear san áireamh chomh maith, ar an gclár comhardaithe tosaigh, an iarmhéid comhiomlán dímheasa cuntais a bhaineann leis.

De réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna leagan síos ag an Aire, gearrtar caiteachas ar bhreiseanna sócmhainní seasta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais nó ar an gCuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais, ag brath ar an bhfuil sé maoinithe ag maoiniú caipitil nó maoiniú ioncaim.

Déantar caipitliú ar gach ceannachán a fhaightear le maoiniú caipitil, is cuma cibé costas. Déantar caipitliú ar shócmhainní a fhaightear le maoiniú ioncaim má sháraíonn na costais tairseacha áirithe: €2,000 do threalamh ríomhaireachta agus €7,000 do gach cineál sócmhainne eile. Déantar breiseanna sócmhainne faoin tairseach seo agus arna mhaoiniú ag ioncam a dhíscríobh i mbliain an cheannacháin. Tá briseadh síos le fáil ar na breiseanna sócmhainne de réir a bhfoinse maoinithe i Nóta 19(a) a ghabhann leis na Cuntais.

Ní chuirtear dímheas de mhúirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar tréimhse marthana úsáideach sócmhainne. Ina ionad sin, tá cuntas cúlchiste clár comhardaithe, an Cuntas Caipitlithe, ar an iontráil chomhalartach do chuntas na sócmhainne seasta. Cuirtear dímheas de mhúirear ar an gCuntas Sócmhainní Seasta agus Caipitlithe thar ghnáth-thréimhse mharthana thráchtála na sócmhainne.

Déantar dímheas a ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar chostas/luacháil bhunaigh gach sócmhainne seasta thar a gnáththréimhse mharthana ar bhonn líne díri ag na rátaí seo a leanas:

- Tailte: Ní dhéantar dímheas ar thalamh.
- Foirgnimh: dímheasta ag 2.5% in aghaidh na bliana.
- Foirgnimh Mhodúlacha (i.e. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% in aghaidh na bliana.
- Obair ar Láimh: ní dhéantar aon dímheas air seo.
- Trealamh – ríomhairí: dímheasta ag 33.33% in aghaidh na bliana.
- Trealamh – eile: dímheasta ag 10% in aghaidh na bliana.
- Mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% in aghaidh na bliana.

Ar dhiúscairt sócmhainní seasta, déantar na cuntais sócmhainní seasta agus chaipitlithe araon a laghdú de réir an leabharluacha ghlain a bhaineann leis an diúscairt sócmhainne. Tá anailís ar ghluaiseacht an Chuntais Chaipitlithe i Nóta 18 a ghabhann leis na cuntais.

Breathnaítear ar fháltais a fhaightear toisc diúscairt a dhéanamh ar shócmhainní seasta mar Fháltais Státchiste sa bhreis faoi Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne Airgeadais. Níl FSS i dteideal fáltais ó na díolacháin seo a choimeád dá húsáid féin agus ní mór di iad a ghéilleadh don Státchiste.

## **Stoic**

Luaitear stoic ag costas is ísle agus ag a luach glan réadaithe. Is é atá sa luach glan réadaithe ná an méid a mheastar a bheadh mar fháltas ar dhíol stoc.

## **Cuntas a thabhairt ar Dhrochfhiacha agus ar Fhiacha Amhrasacha**

Déantar drochfhiacha a dhíscríobh sa tréimhse ina n-aithnítear iad. Déantar soláthar speisialta d'aon mhéid a mheastar é a bheith amhrasach. Déantar soláthar d'fhiacha othar atá gan íoc tar éis bliana.

## **Pinsin**

Tá fostaithe incháilithe FSS mar bhaill de scéimeanna éagsúla sochair aoisliúntais. Íocann FSS pinsin le hiarfhostaithe. Cuireann an Stát maoiniú ar fáil do FSS ar bhonn íoc mar a théir chun na críche seo. Cuirtear an vóta ón Stát maidir le pinsin san áireamh san ioncam. Cuirtear íocaíochtaí pinsin faoi na scéimeanna de mhúirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad. Cuirtear ranníocaíochtaí a fhaightear ó fhostaithe, atá ina mbaill de na scéimeanna, chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad.

I mblianta roimhe seo, ní dhearnadh aon soláthar maidir le sochair phinsin fabhráithe do bhlianta sa todhchaí faoin scéim phinsin. Leanfaidh FSS leis an láimhseáil seo, ar ghlac sí leis bunaithe ar shonrúcháin chuntasaíochta an Aire.

## **Maoin Phearsanta na nOthar**

Cuirtear an t-airgead a fhaigheann FSS ó othair, nó thar a gceann, isteach i gcuntais speisialta atá scartha ó na cuntais a bhaineann le FSS féin. Tugtar cuntais Maoin Phearsanta an Othair ar na cuntais seo. Tá FSS freagrach as riaradh a dhéanamh ar na cuntais seo. Toisc nach mbaineann an t-airgead le FSS, áfach, ní chuirtear na cuntais san áireamh ar chlár comhardaithe FSS. Feidhmíonn FSS mar chisteoir ar mhaoín an othair. Déantar iniúchadh neamhspleách ar chuntais Maoin Phearsanta an Othair gach bliain. Tá na hiniúchtaí ar na cuntais seo sin i gcrích, nó beagnach i gcrích, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

# Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

## Nóta 1 Anailís Dheighilteach de Réir Limistéar Oibríúcháin

	Oifig Náisiúnta na n-Ospidéal	Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach	Seirbhísí Corpráideacha agus Comhroinnte	Iomlán	Iomlán
	2008 €'000	2008 €'000	2008 €'000	2008 €'000	2007 €'000
<b>Caiteachas</b>					
<b>Pá</b>					
Cliniciúil	1,622,038	1,631,071	35,758	3,288,867	3,047,244
Neamhchliniciúil	463,596	590,404	168,548	1,222,548	1,154,256
Seirbhísí Eile Othar/Client	153,892	457,690	3,620	615,202	609,470
	2,239,526	2,679,165	207,926	5,126,617	4,810,970
<b>Neamhphá</b>					
Cliniciúil	602,362	319,489	113,366	1,035,217	935,260
Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna	39,721	20,473	223	60,417	59,015
Cúram Príomhúil agus Scéimeanna Cátaí Liachta	25,162	3,376,632	417	3,402,211	3,078,653
Seirbhísí Eile Client/Othar	10,256	74,379	9,909	94,544	74,716
Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	2,645,849	1,281,149	10,229	3,937,227	3,669,392
Bainistíú Tí	115,510	133,875	5,086	254,471	234,539
Speansais Oifige agus Riaracháin	126,758	258,739	124,046	509,543	500,580
Muirir Fhadchónaitheacha Aisíochta le hOthair	0	0	225,266	225,266	126,571
Scéim Árachais Heipitíteas C	0	0	574	574	237
Speansais Oibríúcháin Eile	12,189	22,500	2,268	36,957	51,271
	3,577,807	5,487,236	491,384	9,556,427	8,730,234
<b>Ollchaiteachas don bhliain</b>	5,817,333	8,166,401	699,310	14,683,044	13,541,204
<b>Ioncam Iomlán (gan anailísú déanta air de réir limistéir oibríúcháin)</b>				14,430,207	13,499,457
<b>Glaneasnamh Oibríúcháin don Bhliain</b>				(252,837)	(41,747)
<b>Iarmhéid amhail 1 Eanáir</b>				(904,879)	(863,132)
<b>Iarmhéid amhail 31 Nollaig</b>				(1,157,716)	(904,879)

\* Rinneadh athanailísú ar chaiteachas neamhphá, i gcomhréir le rangú caiteachais 2008, ar mhaithe le comparáid a dhéanamh. Tá an t-iomlán do chaiteachas na bliana roimh ré fanta mar a chéile agus níl aon éifeacht ag an athanailísú ar thorthaí airgeadais na dtréimhsí tuairiscithe reatha nó na dtréimhsí tuairiscithe roimh ré.



## Nóta 2 Glan Easnamh Oibriúcháin

	2008 €'000	2007 €'000
Ríomhtar glaneasnamh don bhliain tar éis na nithe seo a chur de mhúirear:		
Táillí Iniúchta	595	595
Luach saothair Chomhalta Fheidhmiúcháin an Bhoird	512	494
Luach saothair Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird*	200	269

\* Áirítear le suim 2007 do Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an suim €62,738 a bhaineann le híocaíocht riaráistí i ndáil le blianta roimhe sin.

## Nóta 3 Deontais Ioncaim ón Státchiste

	2008 €'000	2007 €'000
Glanvóta Measta a fuair FSS (Vóta FSS 40)	12,752,045	11,474,410
Lúide glan-Bharrachas le géilleadh (Nóta 22)	(81,458)	(21,279)
Glanmhéid leasa an Státchiste	12,670,587	11,453,131
Lúide: Maoiniú do sheirbhísí Caipitil ón Stát (FSS Vóta 40)	(570,540)	(555,548)
Deontas Ioncaim ón Státchiste	12,100,047	10,897,583

## Nóta 4 Ioncam ó Othair

	2008 €'000	2007 €'000
Muirir Chothabhála	162,619	157,362
Muirir ó Othair Chonaitheacha	34,202	28,574
Muirir ó Othair Sheachtracha	11,733	10,652
Muirir ó Thimpistí Bóthair	5,811	6,425
Muirir Fhadchónaitheacha	70,691	66,605
	285,056	269,618

## Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

### Nóta 5 Ioncam Eile

	2008 €'000	2007 €'000
<b>(a) Ioncam Eile</b>		
Ioncam Aoisliúntais	212,263	198,154
Asbhaintí Párolla Eile	8,048	10,742
Gníomhaireachtaí/Seirbhísí	17,101	19,835
Fáltais ón gCeaintín	14,662	13,983
Ioncam Eile ( <b>Féach anailís Nóta 5(b) thíos</b> )	179,724	175,565
Farasbarr Leithreasáí i gCúnamh a géilleadh don Státchiste	0	(17,669)
	<b>431,798</b>	<b>400,610</b>
<b>(b) Anailís Ioncaim Eile</b>		
Comhairle Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil Altranais agus Cnáimhseachais	2,349	2,357
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	28,668	21,057
An Roinn Comhshaoil	14,830	19,290
An Bord Taighde Sláinte	656	789
An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála Ailse	2,148	0
Ioncam Ilghnéitheach	131,073	132,072
	<b>179,724</b>	<b>175,565</b>

### Nóta 6 Caiteachas Pá

	2008 €'000	2007 €'000
<b>Cliniciúil</b>		
Leigheas/Déadach	812,863	702,496
Altranais	1,613,653	1,559,693
Gairmithe Sláinte agus Cúraim Sóisialta 605,406 559,114	605,406	559,114
Aoisliúntas	256,945	225,941
	<b>3,288,867</b>	<b>3,047,244</b>
<b>Neamhchliniciúil</b>		
Bainistíocht/Riarachán	616,250	586,407
Foireann Tacaíochta Ghinearálta	502,644	469,813
Aoisliúntas	103,654	98,036
	<b>1,222,548</b>	<b>1,154,256</b>
<b>Seirbhísí Eile Cliant/Othar</b>		
Cúram Othar & Cliant Eile	566,998	565,346
Aoisliúntas	48,204	44,124
	<b>615,202</b>	<b>609,470</b>
Caiteachas Iomlán Pá	<b>5,126,617</b>	<b>4,810,970</b>

## Nóta 7 Fostaíocht

An meánlín foirne a bhí fostaithe sa Réimse Oibríochta amhail 31 Nollaig ba ea (i gcomhionann lánaimseartha):

	2008	2007
Oifig Náisiúnta na nOspidéal	30,221	30,573
Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach	38,565	38,878
Sláinte an Daonra	540	533
Corparáideach (lena n-áirítear Seirbhísí Comhroinnte)	3,369	3,477
Iomlán na bhfostaithe le FSS	72,695	73,461
An Earnáil Dheonach – Oifig Náisiúnta na nOspidéal	22,925	23,153
An Earnáil Dheonach – Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach	15,406	14,891
Iomlán na bhfosaithe san Earnáil Dheonach	38,331	38,044
Iomlán na bhfosaithe	111,026	111,505

Déantar líon na bhfostaithe arna léiriú thuas a ríomh de réir na modheolaíochta a d'aontaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na teorann fostaíocht arna leagan síos ag an Roinn.

Chomh maith leis na fostaithe a cuireadh san áireamh chun críche na teorann fostaíocht, tá 282 CL (2007: 266 CL) fostaithe i ngnóthais fochuideachta neamhchomhlúite FSS (féach Nóta 26). Bhí 5,046 CL (2007: 5,276) fostaithe freisin ag FSS agus a fochuideachtaí mar “chúntóirí baile” ag deireadh 2008 nár cuireadh san áireamh sa ríomhadh CL.

	2008 €'000	2007 €'000
<b>Costais Fostaíochta curtha de mhúirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachas</b>		
Pá agus Tuarastail	4,376,356	4,116,873
Costais Leasa Shóisialaigh	341,457	325,996
Costais Phinsin	408,804	368,101
	5,126,617	4,810,970

## Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

### Nóta 7 Fostaíocht ar lean

	Cliniciúil	Neamh- chliniciúil	Seirbhísí Othar/ Client Eile	Iomlán	Iomlán
	2008 €'000	2008 €'000	2008 €'000	2008 €'000	2007 €'000
<b>Anailís Achomhair ar Chostais Phá</b>					
Bunphá	2,217,825	915,576	444,464	3,577,865	3,408,396
Líúntais	91,848	27,390	9,923	129,161	125,805
Ragobair	172,192	28,673	18,161	219,026	219,165
Dualgas Oíche	61,688	10,269	6,994	78,951	74,672
Deir. Seachtaine	123,928	41,419	35,848	201,195	191,751
Ar Ghlaio-Dhualgas	62,055	1,765	475	64,295	59,911
Riaráistí (Comhaontuithe Náisiúnta Pá srl.)	93,907	8,228	3,728	105,863	37,173
ÁSPC an Fhostóra	208,479	85,574	47,404	341,457	325,996
Aoisliúntas	256,946	103,654	48,204	408,804	368,101
	3,288,868	1,222,548	615,201	5,126,617	4,810,970

Baineann Costais Phá FSS thuasluaite le fostaithe FSS amháin. Tugtar cuntas sna costais phá d'fhostaithe san earnáil dheonach faoi Chaiteachas Neamhphá (Deontais Ioncaim d'Eagraíochtaí Seachtracha). Féach Nóta 8 agus Aguisín 1. Ní áiríonn costais phá FSS costais do ghnóthais fochuideachta nach bhfuil comhdhlúite ar an mbunús nach bhfuil siad ábhartha.

## Nóta 8 Caiteachas Neamhphá

	2008 €'000	2007 €'000
<b>Cliniciúil</b>		
Drugáí & Cógais (seachas scéimeanna bunaithe ar éileamh)	250,973	203,472
Fuil/Táirgí Fola	36,881	36,322
Gáis Liachta	9,708	8,777
Soláthairtí Liachta/Máinliachta	238,962	224,215
Trealamh Liachta Eile	91,615	79,832
X-gha/Íomháu	30,722	28,044
Saotharlann	99,427	94,362
Seirbhísí Gairmiúla	83,841	86,766
Seirbhísí Gníomhaireachta	68,655	74,205
Oideachas & Oiliúint	124,433	99,265
	1,035,217	935,260
<b>Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna</b>		
Iompar Othar	49,147	49,133
Costais Reatha Feithiclí	11,270	9,882
	60,417	59,015
<b>Cúram Príomhúil agus Scéimeanna Cáirtáí Liachta</b>		
Táillí agus Liúntais Dhochtúra	481,681	437,537
Íocaíochtaí le hIar-Oifigigh Ceantair Liachta/a gCleithiúnaithe	5,728	5,953
Seirbhísí Cógaisíochta	2,050,496	1,845,675
Scéim Seirbhísí Cóireála Déadaí	65,099	70,441
Scéime Seirbhísí Oftalmacha Pobail	21,977	21,607
Liúntais Airgid Thirim (Liúntais Altramaís, srl.)	271,078	247,876
Íocaíochtaí Caipitíochta	506,152	449,564
	3,402,211	3,078,653
<b>Seirbhísí Eile Othar/Cliant</b>		
Seirbhísí Gairmiúla	47,834	36,992
Seirbhísí Gníomhaireachta	32,112	24,571
Oideachas & Oiliúint	14,598	13,153
	94,544	74,716
<b>Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha</b>		
Deontais Ioncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	3,900,826	3,640,280
Deontais maoinithe ó Ranna Rialtais/Ghníomhaireachtaí Stáit eile (Aguisín 1)	36,401	29,112
	3,937,227	3,669,392

## Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

### Nóta 8 Caiteachas Neamhphá ar lean

	2008 €'000	2007 €'000
<b>Bainistiú Tí</b>		
Lónadóireacht	71,882	67,730
Teas, Cumhacht & Solas	73,481	61,557
Glanadh & Níochán	79,907	74,763
Troscán, Gréithe agus Crua-earraí	12,165	13,421
Éadaí Leapa agus Éadaí	17,036	17,068
	254,471	234,539
<b>Speansais Oifige agus Riaracháin</b>		
Cothabháil	64,866	51,356
Iasacht Bainc & Léasanna Airgeadais	48	378
Ús Bainc agus Muirir	3,327	3,119
Árachas	25,398	26,037
Iniúchadh	595	595
Táillí Dílíthiúla agus Gairmiúla	63,657	54,974
Seirbhísí Gníomhaireachta	16,294	16,950
Drochfhiacha & Fiacha Amhrasacha	18,526	14,097
Oideachas & Oiliúint	18,772	26,262
Taisteal & Cothabháil	84,960	93,350
Costais Feithiclí	1,138	1,075
Speansais Oifige/Cíos & Rátaí	175,774	167,721
Ríomhairí agus Cothabháil Córas	36,188	44,666
	509,543	500,580
<b>Scéim Aisíocaíochta Fadchónaitheacha</b>		
Muirir Fhadchónaitheacha Aisíoctha le hOthair (féach Nóta 30)	215,047	119,818
Muirir Neamhphá maidir leis an Scéim Aisíocaíochta Fadchónaitheacha a riaradh	10,219	6,753
	225,266	126,571
<b>Scéim Árachais Heipitéas C</b>		
Lódálacha agus Éilimh Táillí Árachais (féach Nóta 31)	496	0
Costais Neamhphá maidir leis an Scéim Árachais Heipitéas C a riaradh	78	237
	574	237
<b>Speansais Oibriúcháin Eile</b>		
Ilghnéitheach (Aguisín 3)	36,957	51,271
	36,957	51,271

## Nóta 9 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe – Tailte agus Foirgnimh

	Tailte	Foirgnimh*	Obair ar Láimh	2008 Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000
<b>Costas/Luacháil</b>				
Amhail 1 Eanáir 2008	2,024,749	2,425,839	434,844	4,885,432
Breiseanna	2,281	32,168	244,474	278,923
Aistrithe ó Obair ar Láimh	375	232,531	(232,906)	0
Diúscairtí	(1,983)	(688)	(1,921)	(4,592)
<b>Amhail 31 Nollaig 2008</b>	<b>2,025,422</b>	<b>2,689,850</b>	<b>444,491</b>	<b>5,159,763</b>
<b>Dímheas</b>				
Dímheas Carntha amhail 1 Eanáir 2008	0	462,447	0	462,447
Muirear don Bhliain	0	64,271	0	64,271
Diúscairtí	0	(87)	0	(87)
<b>Amhail 31 Nollaig 2008</b>	<b>0</b>	<b>526,631</b>	<b>0</b>	<b>526,631</b>
<b>Leabharluachanna Glan</b>				
Amhail an 1 Eanáir 2008	2,024,749	1,963,392	434,844	4,422,985
<b>Amhail an 31 Nollag 2008</b>	<b>2,025,422</b>	<b>2,163,219</b>	<b>444,491</b>	<b>4,633,132</b>

\* San áireamh sa leabharluach glan thuas tá €41.9m (2007: €43.8m) i ndáil le foirgnimh faoi léasanna airgeadais; san áireamh sa dímheas a cuireadh de mhuirear don bhliain thuas tá €1.9m (2007: €1.9m) ar na foirgnimh sin.

## Nóta 10 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe Seachas Tailte agus Foirgnimh

	Mótar-fheithiclí	Trealamh	Obair ar Láimh	2008 Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000
<b>Costas/Luacháil</b>				
Amhail 1 Eanáir 2008	85,028	1,026,284	9,476	1,120,788
Breiseanna	3,598	55,177	7,967	66,742
Aistrithe ó Obair ar Láimh	9,398	36	(9,434)	0
Diúscairtí	(6,436)	(10,103)		(16,539)
<b>Amhail 31 Nollag 2008</b>	<b>91,588</b>	<b>1,071,394</b>	<b>8,009</b>	<b>1,170,991</b>
<b>Dímheas</b>				
Dímheas Carntha amhail 1 Eanáir 2008	63,545	644,524		708,069
Muirear don Bhliain	11,391	84,638		96,029
Diúscairtí	(6,077)	(9,492)		(15,569)
<b>Amhail 31 Nollaig 2008</b>	<b>68,859</b>	<b>719,670</b>	<b>0</b>	<b>788,529</b>
<b>Leabharluach Glan</b>				
Amhail 1 Eanáir 2008	21,483	381,760	9,476	412,719
<b>Amhail 31 Nollaig 2008</b>	<b>22,729</b>	<b>351,724</b>	<b>8,009</b>	<b>382,462</b>

## Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

### Nóta 11 Infheistíochtaí

	2008 €'000	2007 €'000
Scaireanna Neamhluaithe	3	3
	3	3

### Nóta 12 Stoic

	2008 €'000	2007 €'000
Soláthairtí Liachta, Déadacha agus Máinliachta	37,290	37,351
Soláthairtí Saotharlainne	6,794	6,943
Soláthairtí Cógaslainne	21,340	21,251
Stoic Chógaslainne Ardteic	18,890	21,850
Stoic Fodháileacháin Chógaslainne	2,464	2,473
Fuil agus Táirgí Fola	1,535	1,406
Stoic Vacsaíne	19,430	23,397
Seirbhísí Bainistiú Tí	9,155	9,602
Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige	2,583	2,616
Il-earraí	433	436
	119,914	127,325

### Nóta 13 Féichiúnaithe

	2008 €'000	2007 €'000
Othar-fhéichiúnaithe	90,008	79,701
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe	26,323	23,293
Féichiúnaithe Eile	95,223	108,773
	211,554	211,767

### Nóta 14 Cuntas an Phámháistir Ghinearálta

	2008 €'000	2007 €'000
Cuntas Bainc an Phámháistir Ghinearálta	61,769	86,179
Glandliteanas don Stáitchiste	(4,458)	(33,538)
Cuntas an Phámháistir Ghinearálta agus an Stáitchiste	57,311	52,641



## Nóta 15 Creidiúnaithe

	2008 €'000	2007 €'000
<b>(a)</b>		
Iasachtaí & Rótharraingtaí Baint	0	12,894
Léasanna Airgeadais	1,520	1,439
Creidiúnaithe Neamhphá – Ioncam	193,544	168,693
Creidiúnaithe Neamhphá – Caipiteal	19,469	51,162
Fabhruithe le haghaidh Neamhphá – Ioncam	652,094	531,919
Fabhruithe Neamhphá – Ospidéal Dheonacha & Gníomhaireachtaí Seachtracha	329,708	277,669
Fabhruithe Neamhphá – Caipiteal	57,770	50,781
Fabhruithe Pá	338,399	263,409
Cáin Ioncaim agus Leas Sóisialach	130,001	114,699
Deontais Chrannchair Iníoctha*	687	1,089
Creidiúnaithe Iléagsúla	21,575	20,727
	1,744,767	1,494,481

\* Déanann FSS íoc amach na ndeontas ón gCrannchur Náisiúnta a riaradh do chláir áitiúla faoi Scéimeanna Sláinte agus Leasa an Chrannchuir Náisiúnta.

## (b) Achoimre Imréitigh Chreidiúnaithe mar atá léirithe san AFS don Ráiteas Sócmhainní agus Dlíteanas i gCuntas Leithreasa an FSS

	2008 €'000	2007 €'000
Creidiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin	1,744,767	1,494,481
Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin (Nóta 16)	59,598	59,762
Iomlán Creidiúnaithe	1,804,365	1,554,243
Lúide an méid atá dlite don Stát	(130,001)	(114,699)
Móide Ioncam Iarchurtha 3,770 5,276	3,770	5,276
Iomlán Creidiúnaithe de réir an Ráitis Sócmhainní agus Dlíteanas sa Chuntas Leithreasa	1,678,134	1,444,820

## Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

### Nóta 16 Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis bliana)

	Tailte agus Foirngimh	Eile	Iomlán	Iomlán
	2008 €'000	2008 €'000	2008 €'000	2007 €'000
<b>(a) Oibleagáidí Léasa Airgeadais</b>				
Tar éis bliana ach laistigh de chúig bliana	2,640	0	2,640	2,216
Tar éis cúig bliana	37,282	0	37,282	37,993
	39,922	0	39,922	40,209

### (b) Dliteanas don Státchiste maidir le Fáltais Státchiste Bhreise

Breathnaítear ar fháltais ar dhiúscairt sócmhainní seasta mar Fháltais Státchiste Bhreise (FSB) faoi Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne Airgeadais. Níl FSS i dteideal na fáltais seo a choinneáil dá húsáid féin agus ní mór di iad a ghéilleadh don Státchiste.

	2008 €'000	2007 €'000
Ollfháltais ar dhiúscairtí i rith na bliana	653	15,265
Lúide: Glanspeansais tabhairthe ar dhiúscairt	(14)	(59)
Glanfháltais ar dhiúscairt	639	15,206
Lúide: Aischiú leis an Státchiste	(517)	(15,160)
Amhail 1 Eanáir	19,286	19,240
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	19,408	19,286
Creidiúnaithe lléagsúla	268	267
Iomlán Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis breis is bliain)	59,598	59,762

### Nóta 17 Ioncam Iarchurtha

Cuimsíonn ioncam iarchurtha (i) ioncam, nár caitheadh, a tháinig ó airgead a dheonaigh nó a d'fhág deontóirí le huacht, áit ar shonraigh na deontóirí an chaoi leis an airgead a chaitheamh ach nach raibh aon chaiteachas bainteach leis an airgead sin go fóill (ii) ioncam ó dhíol talún nach bhfuil i gcrích go fóill.

## Nóta 18 Caipiteal agus Cúlchistí

	2008 €'000	2007 €'000
<b>(a) Cuntas Caipitlithe</b>		
Amhail 1 Eanáir	4,835,703	4,610,373
Breiseanna le sócmhainní seasta sa bhliain	345,665	404,273
Lúide: Leabharluach glan na sócmhainní seasta a diúscaíodh i rith na bliana	(5,475)	(21,600)
Lúide: Muirear Dímhheasa i rith na bliana	(160,299)	(157,343)
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	5,015,594	4,835,703
<b>(b) Cúlchistí Caipitil</b>		
Amhail 1 Eanáir	(262,239)	(189,830)
Glan(easnamh)/Bharrachas Oibriúcháin don bhliain	25,627	(72,409)
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	(236,612)	(262,239)
<b>(c) Cúlchistí Ioncaim</b>		
Amhail 1 Eanáir	(904,879)	(863,132)
Glan(easnamh)/Bharrachas Oibriúcháin don bhliain	(252,837)	(41,747)
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	(1,157,716)	(904,879)
<b>(d) Réiteach ar Ghluaiseacht Cúlchistí</b>		
Creidiúnaithe Deiridh amhail 31 Nollaig	1,804,365	1,541,348
Lúide Creidiúnaithe Oscailte amhail 1 Eanáir	1,541,348	1,392,047
	263,017	149,301
Lúide Ardú i Sócmhainní Reatha	34,301	25,853
Laghduithe in Ioncam Iarchurtha	1,506	9,292
	227,210	114,156
Glaneasnamh Oibriúcháin	252,837	41,747
Glan (Easnamh)/Bharrachas Caipitil	(25,627)	72,409
	227,210	114,156

Léiríonn nóta 18(d) an réiteach idir an Ghluaiseacht i gCúlchistí (easnamh)/barrachas don bhliain agus na hathruithe ar sócmhainní agus dlíteanais ar an gclár comhardaithe.

## Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

### Nóta 19 Ioncaim agus Caiteachais Chaipitil

	2008 €'000	2007 €'000
<b>(a) Breiseanna le Sócmhainní Seasta</b>		
Breiseanna le Sócmhainní Seasta (Nóta 9) Tailte agus Foirgnimh	278,923	257,758
Breiseanna le Sócmhainní Seasta (Nóta 10) seachas Tailte agus Foirgnimh	66,742	146,515
	345,665	404,273
Maoinithe ó Chaipiteal	326,015	350,648
Maoinithe ó Ioncam	19,650	53,625
	345,665	404,273
<b>(b) Anailís ar chaiteachas curtha de mhúirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>		
Caiteachas Caipitil ar shócmhainní FSS féin (Caipitlithe)	326,015	350,648
Caiteachas caipitil ar thionscadal FSS nach raibh breiseanna le Sócmhainní Seasta mar thoradh orthu	47,005	84,074
Caiteachas Caipitil iomlán ar Thionscadail FSS	373,020	434,722
Deontais Chaipitil do ghníomhaireachtaí seachtracha (Aguisín 2)	190,148	201,175
Caiteachas Caipitil iomlán de réir an Chuntais Chaipitil Ioncaim agus Caiteachais	563,168	635,897
<b>(c) Anailís ar ioncam ó Ranna Rialtais agus Fhoinsí Eile</b>		
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	2,885	1,184
Cairde Ghrúpa Bhailiú Airgid Ospidéal Pobail Naomh Ita	1,225	0
Comhairle Chontae Fhine Gall	2,202	0
Ioncam Ilghnéitheach Eile	1,489	2,997
	7,801	4,181

## Nóta 20 Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	2008 €'000	2007 €'000
Cúlchistí Ioncaim amhail 31 Nollaig	(1,157,716)	(904,879)
Cúlchistí ioncaim tosaigh amhail 1 Eanáir	(904,879)	(863,132)
(Easnamh)/Barrachas don bhliain reatha year	(252,837)	(41,747)
Gné chaipitil na n-íocaíochtaí a chuirtear de mhuirear ar an gcuntas Ioncaim	271	595
Lúide ús agus ioncam díbhinní	(2,184)	(3,751)
Ceannachán trealaimh curtha de mhuirear ar Ioncam agus Caiteachas	19,650	53,625
Gach ús a cuireadh de mhuirear ar Ioncam agus Caiteachas	1,613	1,694
(Ardú)/Laghdú ar Stoc	7,411	(7,110)
(Ardú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe	213	412
Ardú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe	263,180	149,495
Ardú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe (méideanna dlite tar éis bliana)	(289)	(239)
Ardú/(Laghdú) ar Ioncam Iarchurtha	(1,506)	(9,292)
(Ardú)/Laghdú ar Infheistíochtaí	0	0
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	35,522	143,682

## Nóta 21 Réiteach ar Ghlaninsreabhadh Airgidh chuig Gluaiseacht i nGlanchistí

	2008 €'000	2007 €'000
<b>Athrú ar glanchistí mar thoradh ar shreabhadh airgid</b>		
Glanchistí amhail 1 Eanáir	40,412	21,256
Gluaiseacht ar glanchistí don bhliain ón ráiteas sreafa airgid	41,924	19,156
Glanchistí amhail 31 Nollaig	82,336	40,412

## Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

### Nóta 22 Cuntasaíocht Vótála

(a) Bunaítear íoc amach an Státhiste i rith na bliana ar na méideanna a vótáiltear ar a son i nDáil Éireann. Ní mór aon chuid den méid a vótáiltear ar a shon agus nach bhfuil caite faoi 31 Nollaig de réir rialacha cuntasaíochta an Rialtais, a ghéilleadh don Státhiste.

Tá sé mar bhunchuspóir ag Bord FSS nach sáraítear méid an vóta. Go praiticiúil tá sé beagnach dodhéanta an t-aschur a bheith ag teacht go díreach leis an méid a cheadaítear sa vóta. Mar thoradh air sin, tá sé dosheachanta go mbeidh barrachais bheaga mar thoradh ar an gcur chuige stuama seo. An barrachas atá le géilleadh ná €81.4m sin 0.63% de vóta iomlán FSS.

#### (b) Achoimre an Chuntais Leithreasa, a ullmhaíodh faoi Rialacha cuntasaíochta an Rialtais

	Meastachán	Aschur	Meastachán	Aschur
	2008	2008	2007	2007
	€'000	€'000	€'000	€'000
Ollchaiteachas Vóta 40 FSS	15,007,320	14,893,139	13,967,419	13,946,140
Leithreasaí-i-gCabhair	2,255,275	2,222,552	2,493,009	2,510,678
Glanchaiteachas Vótála	12,752,045	12,670,587	11,474,410	11,435,462

	2008	2007
	€'000	€'000
Barrachas le géilleadh	81,458	38,948

#### (c) Anailís Ghéillte

	2008	2007
	€'000	€'000
Barrachas Leithghabháil i gCabhair	0	17,669
Glanbharrachas le géilleadh	81,458	21,279
	81,458	38,948

## Nóta 22 Cuntasaíocht Vótála ar lean

### (d) Le haghaidh críocha eolais féach Nóta 3 thíos sliocht as Cuntas Leithreasa 2008 FSS:

	2008 €'000	2008 €'000
<b>Ráiteas Sócmhainní agus Dlíteanas amhail an 31 Nollaig 2008</b>		
<b>Sócmhainní Caipitiúla</b>		5,015,594
<b>Sócmhainní Airgeadais</b>		3
<b>Sócmhainní Reatha</b>		
Stoic	119,914	
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	130,601	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	77,303	
Iarmhéideanna Dochair: Fhadchónaithe	3,650	
Banc agus Airgead Tirim	25,025	
Iarmhéid PMG	61,769	
<b>Sócmhainní Reatha Iomlána</b>	418,262	
<b>Dlíteanas Reatha</b>		
Creidiúntaithe	263,105	
Fabhruithe	1,377,971	
Iarmhéideanna Sochair: Fionraí	21,361	
Iarmhéideanna Sochair: I & C Speisialta	11,927	
Ioncam Iarchurtha	3,770	
	1,678,134	
<b>Iarmhéideanna Sochair Eile:</b>		
Dlite don Stát	0	
Maoiniú AE	130,001	
Glan dlíteanas dom Stáitchiste	4,458	
	134,459	
<b>Dlíteanas Reatha Iomlána</b>	1,812,593	
<b>Glan-Dlíteanas Reatha</b>		(1,394,331)
<b>Glan-Sócmhainní</b>		3,621,266

## Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

### Nóta 23 Pinsin

Tá fostaithe incháilithe atá fostaithe san FSS mar bhaill de scéimeanna éagsúla sainithe sochair aoisliúntais.

Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais (i.e. pinsin) le foireann atá ar scor as ioncam reatha agus cuirtear na híocaíochtaí sin de mhúirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina bhfuil na híocaíochtaí sin iníoctha. Níl aon soláthar déanta sna ráitis airgeadais maidir le sochair phinsin sa todhchaí. Cuirtear ranníocaíochtaí aoisliúntais ó fhostaithe chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais nuair a fhaightear iad. Go dtí seo, ní dhearnadh aon luacháil fhoirmiúil achtúireach ar dhliteanais phinsin FSS.

### Nóta 24 Ceangaltais Chaipitil

	2008 €'000	2007 €'000
<b>Ceangaltais ceannacháin sócmhainní seasta inláimhsithe den todhchaí:</b>		
Laistigh de bhliain	406,425	557,563
Tar éis bliana ach roimh chúig bliana	1,526,120	2,092,993
Tar éis cúig bliana	219,168	413,768
	<b>2,151,713</b>	<b>3,064,324</b>
Conraithe ach gan a bheith curtha san áireamh sna ráitis airgeadais	349,965	349,088
Údaraithe ag an mBord ach gan a bheith conraithe	1,801,748	2,715,236
	<b>2,151,713</b>	<b>3,064,324</b>

Tá creat caipitil infheistíochta ilbhliantúil ag FSS le tosaíochtaí caiteachais i dtionscadail chaipitil ag teacht leis na cuspóirí straitéiseacha sa Phlean Corparáideach agus sa Phlean Seirbhíse Bliantúil. Baineann na ceangaltais thuasluaite le costas iomlán na dtionscadal a bhfuil sainbhuiséid mhaoiniúcháin faofa dóibh ag deireadh na bliana agus áiríonn siad ceangaltais maoiniúcháin chaipitil do ghníomhaireachtaí deonacha. Féadfaidh costais i mblianta i ndiaidh 2009 a bheith i gceist leis na ceangaltais seo nach bhfuil buiséid socraithe dóibh go fóill. Tioctfaidh ceangaltais eile chun cinn de réir mar a fhaomhtar tionscadail eile. D'fhaomh an Bord Plean Caipitil maille le ceangaltais agus mar thoradh air sin is ionann caiteachas beartaithe FSS don tréimhse ó 2009 go dtí 2013 agus €3.29 billiún. Tá sé beartaithe an maoiniú a chur ar fáil don chaiteachas seo thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta agus ina dhiaidh.

### Nóta 25 Léasanna Oibriúcháin

	2008 €'000	2007 €'000
<b>Léasanna oibriúcháin cíosa (curtha de mhúirear ar an</b>		
gcuntas ioncaim agus caiteachais)	31,132	27,631
Tailte agus Foirgnimh	98	91
Mótarfheithiclí	28	96
Trealamh	<b>31,258</b>	<b>27,818</b>



## Nóta 25 Léasanna Oibriúcháin ar lean

Tá na ceangaltais léasa bliantúla seo a leanas i bhfeidhm ag FSS a éagann:

	2008 Tailte agus Foirgnimh €'000	2008 Eile €'000	2008 Iomlán €'000	2007 Iomlán €'000
Laistigh de thréimhse bliana	10,902	64	10,966	7,152
Sa dara go cúigiú bliain, cúigiú bliain san áireamh	16,862	28	16,890	9,464
Tar éis cúig bliana	18,729	0	18,729	18,393
	46,493	92	46,585	35,009

## Nóta 26 Gnóthais Fochuideachta

**Abbey Wreaths Limited** – cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal. Bunaíodh an chuideachta seo chun seirbhísí áirithe a rith i mBéal an Átha chun freastal ar riachtanais traenála agus athshlánaithe do dhaoine faoi mhíchumas.

**Aontacht Phobail Teoranta** – cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal. Cuireadh an chuideachta seo ar bun chun cuidiú le himeascadh eacnamaíochta agus sóisialta sa phobal ar dhaoine faoi mhíchumas.

**Bradóg Trust Limited** – cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal. Cuireadh an chuideachta seo ar bun chun tithíocht agus conláistí a sholáthar do dhaoine i gcúinsí díothachta agus chun faoiseamh a thabhairt ó bhochtaineacht agus ó dhíothacht atá mar thoradh ar dhroch-choinníollacha tithíochta agus easpa dídine nó toisc cúinsí sóisialta nó eacnamaíochta eile.

**Dolmen Clubhouse Limited** – cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal. Bunaíodh an chuideachta seo chun deiseanna oideachais, sóisialta agus fostaíochta a sholáthar do dhaoine le droch-mheabhairshláinte.

**Dolmen Rainbows Limited** – cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal. Cuireadh an chuideachta seo ar bun chun cuidiú le himeascadh eacnamaíochta agus sóisialta sa phobal ar dhaoine faoi mhíchumas.

**Eastern Community Works Limited** – cuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Seo cuideachta atá ag iarraidh coinníollacha maireachtála níos fearr a chur ar fáil do dhaoine scothaosta.

**EVE Holdings Limited** – cuireann an chuideachta seo clár athshlánaithe i bhfoirm oiliúna agus fostaíocht tacaithe agus dhídeanach ar chaighdeán ard ar fáil.

**The Paddocks Development Project Limited** – cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal. Bunaíodh an chuideachta seo chun cúram leanaí pobalbhunaithe inacmhainne inrochtana solúbtha a sholáthar i bhFionnghlas, Baile Átha Cliath ionas gur féidir le tuismitheoirí fónamh a bhaint as deiseanna oideachais, oiliúna gus forbartha agus d'fhonn a leithéid sin de sheirbhísí a sholáthar i dtimpeallacht shlán spreagúil le gníomhaíochtaí iomchuí forbartha a spreagann an leanbh barr a c(h)mais a bhaint amach.

**Tolco Limited** – cuireadh an chuideachta seo ar bun i 1975 chun seirbhísí a sholáthar do Bhord Sláinte an Oirthir. Ar na seirbhísí sin bhí cúram cónaithe agus áiseanna oiliúna do dhaoine le riachtanais speisialta.

Ní dhearnadh comhdhlúthú ar na gnóthais fochuideachta sna ráitis airgeadais ar an mbonn nach raibh siad ábhartha.

## Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

### Nóta 27 Cánachas

Ceadaíodh díolúine do FSS de réir fhorálacha Alt 207 (mar a bhaineann le cuideachtaí de réir Alt 76), Alt 609 (Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla) agus Alt 266 (Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce) den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997. Cuimsíonn an díolúine seo, a bhaineann le Cáin Ioncaim/Cáin Chorpáraide, Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla agus Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisc, ioncam agus maoin FSS. Tá an díolúine faoi réir athbheithnithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, agus, mura gcomhlíontar na coinníollacha atá luaite léi, d'fhéadfaí an díolúine a tharraingt siar ón dáta a ceadaíodh í.

### Nóta 28 Árachas

Tá árachas ag FSS chun í a chosaint ar rioscaí dhliteanais fostóra agus dhliteanais phoiblí, suas go teorainn slánaíochta, faoi bhoinn ais-ráta agus ráta chomhréidh. Faoin mbonn ais-ráta, ní chinntear an phréimh go dtí deireadh na tréimhse atá clúdaithe agus bunaítear é ar an taithí cailiteanais ag FSS don tréimhse chéanna. Tá an coigeartú ais-ráta atá le híoc ag FSS faoi réir íosteorainneacha agus uasteorainneacha. Ní raibh sé indéanta, ar an 31 Nollaig 2008, an dliteanas a chainníochtú go beacht, má bhí in aon chor, a d'fhéadfadh a eascairt sa todhchaí mar thoradh ar ais-rátáil. An t-uasdliteanas d'éilimh ais-ráta fós le híoc, bunaithe ar na leibhéil a aontaíodh do gach riosca inárachais, ná €224,861 agus €7,160,847 do dhliteanas fostóra agus do dhliteanas poiblí faoi seach. Íocadh gach préimh árachais ó 1 Eanáir 2001 ar bhonn ráta chomhréidh amháin agus ní raibh aon chlúdach árachais ais-ráta i bhfeidhm ón dáta sin ar aghaidh.

### Nóta 29 Dlíteanais Theagmhasacha – Gníomhartha Cógaiseoirí

Thóg cógaiseoirí pobail cás chun na hArd-Chúirte in 2007 ag iarraidh teidlíocht conartha a chur i bhfeidhm chun íocaíochtaí scéimeanna na gcartaí liachta a thabhairt chun cinn. Soláthraíonn conarthaí cógaslainne pobail d'íocaíochtaí airgid tirim ar théarmaí 45-lá roimh íocaíochtaí éilimh iarbhir a thóg níos faide ná an tréimhse creidmheasa seo len iad a phróiseáil de lámh roimhe seo. Ó rinneadh uathobriú ar phróiseáil éilimh, cuireadh deireadh le cleachtas na réamhíocaíochtaí do chógaiseoirí pobail de bharr go n-íoctar éilimh iarbhir laistigh de bhfhráma ama 45-lá. Bhí na cógaiseoirí ag iarraidh na réamhíocaíochtaí a thabhairt ar ais agus an fhoráil sa chonartha a chur i bhfeidhm. Chosain an Roinn Sláinte agus Leanaí an cás ach bhí an breithiúnas i bhfabhar na ngearánaithe. Tá achomharc á dhéanamh ar an gcás chun na Cúirte Uachtaraí ach níl aon datá socraithe don éisteacht go fóill.

Má sheasann an Chúirt Uachtarach le breithiúnas na hArd-Chúirte, is é an toradh a bheidh ann ná na réamhíocaíochtaí ar fad a chur i bhfeidhm arís agus riaráistí den sórt céanna, a chosnóidh thart ar €70 milliún maidir le riaráistí. Níl soláthar déanta d' éifeachtaí airgeadais an dlíteanais theagmhasacha seo sna ráitis airgeadais.

Lóisteáil cógaiseoirí éileamh ar leithligh leis an FSS maidir le cailiteanas mharcáil suas miondíola ar tháirgí a fhodháileadh faoi théarmaí chárta liachta do dhaoine os cionn 70, táirgí, seachas sin, a bheadh faoi réir mharcáil suas miondíola níos airde nuair nach raibh incháilitheacht iomlán i gceist. Is ionann an t-éileamh agus €100 milliún, níos airde ná an suim de €30 milliún a íoctar gach bliain faoi láthair. Léirigh Ceardchumann Cógaisíochta na hÉireann go nglacfaidh sé páirt in idirghabháil neamhcheangailteach ach go mb'fhéidir go tabharfaidh sé an FSS chun na cúirte má bhíonn sé míshásta leis an toradh. Níl soláthar déanta d' éifeachtaí airgeadais an dlíteanais theagmhasacha seo sna ráitis airgeadais.

### Dlíteanais Theagmhasacha – Ginearálta

Tá cúpla éileamh idir lámha ag FSS i láthair na huair a bhfuil imeachtaí cuairte i gceist leo agus d'fhéadfadh dlíteanais eascairt astu, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá clúdach árachais ag FSS do dhliteanas poiblí agus do dhliteanas fostóra, do dhóiteán agus éilimh uiliosca shainiúla. Sa chuid is mó de chásanna bheadh an clúdach árachais sin leordhóthaineach chun gach costas a chlúdach, ach ní féidir a bheith cinnte faoi seo. Ní dhearnadh soláthar d'aon teagmhas, nach bhfuil clúdaithe ag árachas, sna ráitis airgeadais.

## Nóta 30 Nóta 30 An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2007

Cuireann an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2007 bonn reachtúil faoin aisíoc a dtugtar ‘muirir fhadchónaitheacha’ orthu a gearradh ar dhaoine a raibh incháilitheacht iomlán acu roimh 14 Iúil 2005. Forálann an tAcht go ndéanfaí airgead a aisíoc leis na daoine seo a leanas:

- Daoine beo ar gearradh airgead orthu go héagórach, aon am ó 1976 i leith
- Eastáit na ndaoine ar gearradh airgead orthu go héagórach, agus a fuair bás ar an 9 Nollaig 1998 nó dá éis

Faoi fhorálacha an Achta, cheap FSS tríú páirtí chun feidhmiú mar Riarthóir Scéime. Cuireadh cuntas speisialta ar bun a gcuireann an tOireachtas maoiniú ar fáil dó agus is as an gcuntas seo a dhéantar na haisíocaíochtaí. Cuireadh suim de €236m ar leataobh i 2008 i bhfoirm meastachán forlíontach chun na críche seo. An meastachán is fearr do chostas iomlán na n-íocaíochtaí, bunaithe ar théarmaí na scéime mar a leagadh amach san Acht, ná suas le €1billiún, agus táthar ag súil go ndéanfar airgead a aisíoc le 20,000 othar beo agus le heastáit tuairim is 40,000 go 50,000 duine iar-othar atá básaithe anois.

